An Roinn Oideachais
Department of Education

# Staidéar Taighde agus Meastóireachta ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

## Tuarascáil ar Scoileanna Cás-Staidéir rannphháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Tuarascáil ar chás-staidéir ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht
An Chigireacht, An Roinn Oideachais i gcomhar leis an bhForas Taighde ar Oideachas

**Is mian le Cigireacht na Roinne Oideachais agus an Foras Taighde ar Oideachas buíochas a ghabháil leis na boird bhainistíochta, na ceannairí ionscoile, na múinteoirí, na daltaí/scoláirí, na tuismitheoirí/caomhnóirí agus na hionadaithe ó phobail na Gaeltachta a ghlac páirt sna cás-staidéir a bhí mar chuid den Staidéar Taighde agus Meastóireachta ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.**

# Clár na nÁbhar

*Achoimre Fheidhmeach* 6

*1 Réamhrá* 11

**1.1 An tuarascáil seo** 11

**1.2 An Ghaeltacht** 12

1.2.1 An teanga Ghaeilge 12
1.2.2 Ról na scoileanna Gaeltachta i gcur chun cinn na Gaeilge 12
1.2.3 Ról na seirbhísí luathbhlianta sa Ghaeltacht i gcur chun cinn na Gaeilge 13
1.2.4 An próiseas pleanála teanga Gaeltachta 13
1.2.5 Ról an bhoird bainistíochta 13

**1.3 An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta** 14

**1.4 An Staidéar Taighde agus Meastóireachta** 15

1.4.1 Pleanáil 15
1.4.2 Cuairteanna meastóireachta na Cigireachta 16
1.4.3 Cuairteanna taighde an FTO 17
1.4.4 Féinmhachnaimh na scoileanna 18
1.4.5 Na tuairiscí cás-staidéir 18

**1.5 Comhthéacs na scoileanna** 19

1.5.1 Na bunscoileanna 19
1.5.2 Na hiar-bhunscoileanna 19

*2 Úsáid na Gaeilge* 20

**2.1 Réamhrá** 20

**2.2 Fís na scoileanna i leith úsáid na Gaeilge sa scoil** 20

**2.3 Úsáid na Gaeilge i measc na ndaltaí/scoláirí** 21

2.3.1 Labhairt na Gaeilge lasmuigh de cheachtanna sa bhunscoil 21
2.3.2 Labhairt na Gaeilge lasmuigh de cheachtanna san iar-bhunscoil 24
2.3.3 Imeachtaí seach-churaclaim agus comhchuraclaim 26
2.3.4 Úinéireacht a thabhairt do na foghlaimeoirí 27

**2.4 Úsáid na Gaeilge i measc na múinteoirí** 29

2.4.1 Múinteoirí bunscoile 29
2.4.2 Múinteoirí iar-bhunscoile 29

**2.5 Úsáid na Gaeilge ag leibhéal an bhoird bainistíochta** 31

**2.6 Úsáid na Gaeilge i gcomhpháirtíocht leis an bpobal agus le tuismitheoirí** 31

*3 Ceannaireacht ar Fhoghlaim, ar Theagasc agus ar Fhorbairt na Scoile* 34

**3.1 Réamhrá** 34

**3.2 Fís na scoileanna i leith fheidhmiú an tumoideachais** 34

**3.3 Ceannaireacht ar fhorbairt polasaí, ar ghníomhphleanáil agus ar fheidhmiú an phlean gníomhaíochta scoile don oideachas trí Ghaeilge ____ 36**

**3.4 Polasaí agus cuir chuige na scoile maidir le hearcú, imlonnú agus forbairt ghairmiúil na múinteoirí i leith fheidhmiú an tumoideachais ____ 39**

**3.5 Bainistiú na dtacaíochtaí don Scéim ____ 43**

***4 Comhpháirtíocht le Pobal na Scoile agus Páirtithe Eile i bhFeidhmiú na Scéime ____ 46***

**4.1 Réamhrá ____ 46**

**4.2 Tionchar na comhpháirtíochta idir pobal na scoile agus an pobal áitiúil ____ 46**

4.2.1 Comhpháirtíocht le tuismitheoirí/caomhnóirí agus an pobal scoile ____ 46
4.2.2 Comhpháirtíocht leis an gcoiste/oifigeach pleanála teanga áitiúil ____ 51

**4.3 Tionchar agus tairbhe na nasc a cruthaíodh le suíomhanna eile oideachais a fheidhmíonn trí Ghaeilge ____ 52**

**4.4 Tionchar na hidirghníomhaíochta le heagraíochtaí Gaeilge/cultúrtha áitiúla agus náisiúnta ____ 56**

**4.5 Achoimre ar thionchar na comhpháirtíochta ____ 57**

***5 Cáilíocht na Foghlama agus an Teagaisc ag Leibhéal na Bunscoile ____ 58***

**5.1 Réamhrá ____ 58**

**5.2 Cáilíocht na foghlama ____ 58**

5.2.1 Torthaí foghlama na ndaltaí ____ 58
5.2.2 Eispéireas foghlama na ndaltaí ____ 65
5.2.3 Achoimre ar cháilíocht na foghlama sna bunscoileanna ____ 66

**5.3 Cáilíocht an teagaisc ____ 66**

5.3.1 Cuir chuige teagaisc ____ 66
5.3.2 Pleanáil agus measúnú ____ 73
5.3.3 Freastal ar na leibhéil éagsúla chumais ____ 75
5.3.4 An comhtheagasc ____ 78
5.3.5 Achoimre ar cháilíocht an teagaisc sna bunscoileanna ____ 79

***6 Cáilíocht na Foghlama agus an Teagaisc ag Leibhéal na hIar-bhunscoile ____ 80***

**6.1 Réamhrá ____ 80**

**6.2 Cáilíocht na Foghlama ____ 80**

6.2.1 Torthaí foghlama na scoláirí ____ 80
6.2.2 Eispéireas foghlama na scoláirí ____ 83
6.2.3 Achoimre ar cháilíocht na foghlama sna hiar-bhunscoileanna ____ 85

**6.3 Cáilíocht an teagaisc ____ 86**

6.3.1 Cuir chuige teagaisc ____ 86
6.3.2 Pleanáil agus measúnú ____ 97
6.3.3 Freastal ar na leibhéil éagsúla chumais ____ 102

6.3.4 An comhtheagasc 107
6.3.5 Achoimre ar cháilíocht an teagaisc sna hiar-bhunscoileanna 108

***7 Conclúid 110***

**7.1 Aitheantas don dul chun cinn faoin Scéim 110**

**7.2 Na chéad chéimeanna eile 111**
7.2.1 Úsáid na Gaeilge i measc daltaí/scoláirí 111
7.2.2 Freastal ar na leibhéil éagsúla chumais 111
7.2.3 Ról níos gníomhaí a thabhairt do dhaltaí/scoláirí san fhoghlaim 112
7.2.4 Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) 112
7.2.5 Earcú, imlonnú agus forbairt múinteoirí 112
7.2.6 Pleanáil Ghníomhaíochta 112
7.2.7 Comhpháirtíocht 113
7.2.8 Acmhainní 113

***Aguisín A: Gnóthachtáil na ndaltaí bunscoile i dtrialacha caighdeánaithe sna scoileanna cás-staidéir 114***

***Aguisín B: Gnóthachtáil na scoláirí san Ardteistiméireacht i sampla beag de na hiar-bhunscoileanna cás-staidéir 121***

# Achoimre Fheidhmeach

Sa tuarascáil seo, léirítear agus pléitear cinntí agus moltaí ó chás-staidéir a rinneadh mar shnáithe amháin de staidéar taighde agus meastóireachta ar chur i bhfeidhm na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (SASG)[1]. Is iad an Roinn Oideachais agus an Foras Taighde ar Oideachas (FTO) atá ag tabhairt faoin staidéar seo, atá ar siúl go leanúnach.

Tá an SASG, a seoladh i mí Aibreáin 2017, mar cheann de phríomhghníomhartha an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022. Tugann an Scéim deis do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna aitheantas a ghnóthú mar scoileanna Gaeltachta. Chun an t-aitheantas seo a bhaint amach, bíonn ar na scoileanna, atá go léir lonnaithe i limistéir phleanála teanga na Gaeltachta, sainchritéir theangabhunaithe a chomhlíonadh agus páirt a ghlacadh sna próisis phleanála teanga áitiúla a bhfuil foráil déanta dóibh in Acht na Gaeltachta, 2012. Tá na critéir theangabhunaithe leagtha amach sna himlitreacha bliantúla a d'eisigh an Roinn Oideachais ó 2017 ar aghaidh, agus sna foilseacháin nuashonraithe *Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta: Táscairí Dea-Chleachtais don Tumoideachas* agus *Treoir d'Iar-Bhunscoileanna Gaeltachta: Táscairí Dea-Chleachtais don Tumoideachas*, a foilsíodh sa bhliain 2020[2].

Faigheann na scoileanna atá páirteach sa Scéim raon de thacaíochtaí ón Roinn, lena n-áirítear uaireanta breise teagaisc, cuairteanna comhairleacha ó Chigireacht na Roinne Oideachais, forbairt ghairmiúil bhreise ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) agus maoiniú le haghaidh acmhainní Gaeilge. De bharr phaindéim COVID-19, d'fhógair an Roinn Oideachais i mí an Mhárta 2021 go mbeadh síneadh ama ann go dtí deireadh na scoilbhliana 2023/24 ag na scoileanna chun aitheantas a bhaint amach, agus go leanfaí leis na tacaíochtaí éagsúla go dtí sin.

Rinneadh na cás-staidéir ar a bhfuil an tuarascáil seo bunaithe in dhá bhunscoil déag agus i seacht n-iar-bhunscoil. Bhí trí chuid i ngach cás-staidéar. Rinne an Chigireacht meastóireacht sheachtrach ar obair na scoile le béim ar leith ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim. Rinne an FTO taighde ar dhearcthaí múinteoirí, tuismitheoirí agus an phobail scoile, agus thug an scoil tuairisc fhéinmhachnaimh ar a n-eispéireas sa Scéim go dtí seo. Tá sleachta ó mheastóireachtaí na gcigirí, ó thaighde an FTO agus ó fhéinmhachnaimh na scoileanna le fáil go forleathan sa tuarascáil seo. Eisíodh tuairisc do gach scoil ag deireadh na ngníomhaíochtaí taighde agus meastóireachta. Déantar cur síos sa tuairisc ar thorthaí na hoibre meastóireachta, taighde agus féinmhachnaimh faoi seach. Bhí fócas ar leith sna cás-staidéir ar an mbealach a chuir ceannaireacht na scoile,

---

[1] Is é an fráma ama leasaithe do chur i bhfeidhm na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta ná 2018 go 2024.

[2] Foilsíodh an chéad eagrán den dá Threoir seo mar dhréachtaí in 2018: Dréacht-Treoir *do Bhunscoileanna Gaeltachta: Táscairí Dea-Chleachtais don Tumoideachas* agus *Treoir d'Iar-Bhunscoileanna Gaeltachta: Táscairí Dea-Chleachtais don Tumoideachas.*

comhpháirtíochtaí éagsúla agus cleachtais an teagaisc agus na foghlama le húsáid na Gaeilge sa scoil.

Bhí na tuairiscí cás-staidéir an-dearfach faoi fhís na mbunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna araon i leith úsáid na Gaeilge mar theanga na cumarsáide sa scoil. Tuairiscíodh go raibh scoileanna á misniú agus á gcumasú ag an Scéim chun tús áite a thabhairt do cheist na Gaeilge san fhís a bhí acu i leith an oideachais. Dúradh go raibh tionchar dearfach na físe seo le feiceáil i gcleachtas agus iompar teanga na mbord bainistíochta, na múinteoirí, na ndaltaí/scoláirí agus na dtuismitheoirí. Bhí úsáid na Gaeilge mar theanga na cumarsáide i measc na ndaltaí/scoláirí an-mhaith sa chuid ba mhó de na bunscoileanna agus i mionlach suntasach de na hiar-bhunscoileanna cás-staidéir. Léiríodh freisin go raibh dúshláin ar leith ag baint le cur chun cinn na Gaeilge mar theanga an tsóisialaithe i measc scoláirí ag an iar-bhunleibhéal.

I go leor scoileanna, bhí an Ghaeilge á labhairt go minic ag na daltaí/scoláirí i gceachtanna agus sa chlós. Bhí straitéisí dreasachta agus riail na Gaeilge in úsáid go héifeachtach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn. Bhí tábhacht ar leith ag baint le clár imeachtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim na scoileanna chun deiseanna a sholáthar do dhaltaí/scoláirí an Ghaeilge a labhairt mar theanga an tsóisialaithe. In ainneoin seo, tuairiscíodh go raibh obair le déanamh fós ag scoileanna, go háirithe ag an iar-bhunleibhéal, chun scoláirí a chumasú agus a mhisniú chun an Ghaeilge a úsáid i gcomhthéacsanna sóisialta. Tuairiscíodh go mb'fhiú d'iar-bhunscoileanna ról gníomhach a thabhairt do scoláirí i gcur chun cinn na Gaeilge mar theanga an tsóisialaithe. Dúradh freisin go raibh gá le feachtas cumarsáide agus fógraíochta ag leibhéal an chórais agus leibhéal na scoile aonair, chun tuismitheoirí a mhisniú agus a chumasú maidir le húsáid na Gaeilge mar theanga an teaghlaigh.

Tuairiscíodh go raibh inniúlacht, líofacht agus saibhreas teanga le cloisteáil i nGaeilge na múinteoirí i dtromlach na scoileanna, rud a thug dea-shampla do na daltaí/scoláirí. Dúradh freisin go raibh sáriarracht á déanamh chun canúintí logánta a chur chun cinn. Bhí boird bhainistíochta airdeallach faoi earcú múinteoirí le hinniúlacht sa Ghaeilge. Tuairiscíodh go raibh múinteoirí ag glacadh páirt sa chlár don Mháistreacht san Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta i gColáiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh agus go raibh an fhorbairt ghairmiúil a chuir COGG ar fáil ag cur le tuiscint agus tiomantas i leith na Scéime. I líon beag iar-bhunscoileanna, bhí scóip ann chun báúlacht na múinteoirí uile le fís na Scéime a threisiú. Tugadh le fios go raibh sé deacair múinteoirí iar-bhunscoile le cumas cuí sa Ghaeilge a earcú le haghaidh ábhar áirithe agus go raibh gá i gcásanna le forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí a bhí ar bheagán Gaeilge.

Sna bunscoileanna agus sna hiar-bhunscoileanna araon, ba í an Ghaeilge an t-aon teanga amháin nó an phríomhtheanga a bhí in úsáid ag cruinnithe bord bainistíochta. Thug gach scoil tús áite don Ghaeilge sa chumarsáid le tuismitheoirí. Mar chuid den dea-chleachtas a aithníodh sna scoileanna cás-staidéir, dúradh go raibh téarmaíocht na n-ábhar curaclaim á roinnt le tuismitheoirí agus go raibh cainteoirí Gaeilge sa phobal á dtabhairt isteach chun labhairt le daltaí/scoláirí. Tuairiscíodh gur féidir le scoileanna sa dá

earnáil níos mó a dhéanamh chun tuismitheoirí a choimeád ar an eolas agus dualgais ar leith a thabhairt dóibh maidir le cur i bhfeidhm phlean gníomhaíochta na scoile faoin Scéim.

Bhí cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta i bhfeidhmiú an tumoideachais go maith nó an-mhaith sa chuid ba mhó de na bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna cás-staidéir. Bhí fís shoiléir á comhroinnt agus á daingniú ag boird bhainistíochta agus ceannairí ionscoile. I gcásanna sa dá earnáil, bhí gá le cumarsáid níos fearr leis an bpobal áitiúil maidir le hobair na scoile faoin Scéim. Bhí plean gníomhaíochta ag gach scoil agus bhí an plean sin á chur i bhfeidhm go héifeachtach i mionlach suntasach de scoileanna. Bhí gá le níos mó airde a dhíriú ar chur i bhfeidhm an phlean ghníomhaíochta seo i gcásanna. Moladh go háirithe go mbeadh spriocanna soiléire, intomhaiste sa phlean gníomhaíochta, go mbeadh idirghabhálacha cuí déanta chun na spriocanna sin a bhaint amach, agus go mbeadh monatóireacht agus measúnú á ndéanamh ar éifeacht na n-idirghabhálacha éagsúla. Tuairiscíodh freisin go raibh gá le múinteoirí a spreagadh agus a thacú chun tabhairt faoi chúrsaí san oideachas speisialta. Aithníodh gá le foirne a chumasú a thuilleadh i leith na féinmheastóireachta scoile agus i bprionsabail na foghlama comhtháite ábhar agus teangacha (FCÁT)[3] i gcomhthéacs an tumoideachais.

Maidir le bainistíocht ar acmhainní, bhí úsáid na n-uaireanta breise teagaisc ag freagairt do riachtanais na scoile agus ag teacht le treoir na Roinne Oideachais i gcoitinne. I gcásanna, bhí gá lena chinntiú go mbeadh na huaireanta breise dírithe ar na spriocfhoghlaimeoirí, lena n-áiríodh na foghlaimeoirí ab airde cumais sa Ghaeilge.

Le linn na meastóireachtaí cás-staidéir, fiosraíodh cáilíocht na nasc a bhí á gcruthú ag na bunscoileanna agus na hiar-bhunscoileanna lena bpobail áitiúla. Tuairiscíodh go raibh comhpháirtíocht le pobal na scoile agus leis an oifigeach pleanála teanga áitiúil go maith nó an-mhaith i mbeagnach gach bunscoil agus sa chuid ba mhó de na hiar-bhunscoileanna. Aithníodh go leor dea-chleachtais sa réimse seo. D'eagraigh na scoileanna cruinnithe le tuismitheoirí chun cleachtas an tumoideachais a mhíniú agus a léiriú. I scoileanna áirithe, bhí tuismitheoirí rannpháirteach i ndearadh agus i gcur i bhfeidhm an phlean ghníomhaíochta. Cuireadh ranganna Gaeilge ar fáil do thuismitheoirí. Bhí naisc láidre á gcothú le scoileanna agus suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim sa cheantar. B'éifeachtach go háirithe an cleachtas nuair a bhí an príomhoide agus baill foirne eile páirteach sa phleanáil teanga go háitiúil agus naisc mhaithe cothaithe leis an oifigeach pleanála teanga. I gcásanna, d'fhéadfaí níos mó a dhéanamh fós chun feasacht na dtuismitheoirí ar an Scéim a fhorbairt agus a fheabhsú, naisc níos fearr a chruthú le suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim, agus teagmháil chomhthairbheach a choimeád leis an oifigeach pleanála teanga. Sa bhliain 2021, d'fhoilsigh an Roinn Oideachais *Treoir*

[3] Is cur chuige foghlama teanga í an fhoghlaim chomhtháite ábhar agus teangacha (FCÁT) ina n-úsáidtear an spriocteanga (an Ghaeilge) mar mheán teagaisc chun an t-ábhar agus an spriocteanga araon a mhúineadh.

*do Scoileanna Gaeltachta: Comhpháirtíocht leis an bpobal chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn* agus *Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta: Naisc a neartú idir bunscoileanna agus suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige*. Táthar ag súil go mbeidh na foilseacháin seo cabhrach do phobail scoileanna agus suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim agus iad ag forbairt comhpháirtíochtaí chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn.

Tuairiscíodh go raibh láidreachtaí áirithe sa teagasc agus san fhoghlaim sna bunscoileanna cás-staidéir. Ba léir go raibh an clár lántumtha dhá bhliain trí Ghaeilge faoi rath i ngach ceann de na bunscoileanna cás-staidéir agus go raibh an luath-idirghabháil ag tacú le sealbhú na teanga. Bhí na cuir chuige teagaisc an-mhaith nó go maith sa chuid ba mhó de na ceachtanna a breathnaíodh. Bhí aird chuí á díriú ar ionchur teanga agus úsáid éifeachtach á baint as acmhainní, lena n-áiríodh teicneolaíocht dhigiteach. Bhí tacaíocht mhaith á soláthar do dhaltaí ar bheagán Gaeilge agus comhtheagasc éifeachtach in úsáid sa chlár luath-idirghabhála. Chonacthas féidearthachtaí don fhorbairt sa réimse sin freisin. Bhí gá le cleachtas comhaontaithe scoile uile i gcásanna maidir le múineadh agus úsáid shaintéarmaíocht na n-ábhar curaclaim. Dúradh gur ghá dúshláin agus ionchais níos oiriúnaí a bheith ann do dhaltaí ar ardleibhéal inniúlachta sa Ghaeilge. Moladh do bhunscoileanna cás-staidéir áirithe cumas féinmheasúnaithe na ndaltaí a fhorbairt. Tá anailís ar fáil in Aguisín A ar ghnóthachtáil na ndaltaí sna bunscoileanna cás-staidéir sa léitheoireacht Ghaeilge, sa léitheoireacht Bhéarla agus sa Mhatamaitic in earrach 2018, díreach roimh thús na Scéime.

Sna hiar-bhunscoileanna, bhí torthaí foghlama na scoláirí ar cháilíocht mhaith nó an-mhaith i dtromlach na gceachtanna. Bhí gabhchumas teanga na scoláirí sa Ghaeilge ar chaighdeán maith i gcoitinne. Bhí béim chuí ar chanúint na háite sna cláir teagaisc, agus rian na canúna áitiúla ar Ghaeilge labhartha na scoláirí le cloisteáil i gcásanna áirithe. Tuairiscíodh go raibh méadú ar líon na n-ábhar a bhí ar fáil trí Ghaeilge sna scoileanna. I measc na bhféidearthachtaí chun feabhais, dúradh go raibh gá le tuilleadh forbartha maidir le ginchumas teanga, trí níos mó deiseanna cainte a thabhairt do scoláirí le linn na gceachtanna, na scoláirí ba lú inniúlachta sa teanga san áireamh. Dúradh go raibh gá le hionchais níos airde agus dúshlán níos oiriúnaí a thabhairt do scoláirí ar ardchaighdeán Gaeilge. Tuairiscíodh freisin go raibh gá le tuilleadh tacaíochta a thabhairt do scoláirí ar bheagán Gaeilge, agus pleanáil chuí a dhéanamh chuige seo. Moladh do scoileanna saintéarmaíocht na n-ábhar éagsúla a mhúineadh go follasach agus deiseanna cumarsáide a sholáthar a chruthaíonn gá le húsáid na téarmaíochta Gaeilge. Moladh an cur chuige i leith an mheasúnaithe a fhorbairt ag leibhéal na scoile uile, chun treoir shoiléir a thabhairt do scoláirí agus don fhoireann. In Aguisín B den tuarascáil seo, tugtar sonraí ar ghnóthachtáil na scoláirí sa Ghaeilge san Ardteistiméireacht (ardleibhéal) in 2019 sna trí iar-bhunscoil chás-staidéir is mó.

Sa chaibidil dheireanach den tuarascáil, tugtar aitheantas do na mórchéimeanna a bhí glactha ag na scoileanna cás-staidéir. Tugtar moltaí freisin sa chaibidil seo, chun tógáil ar na láidreachtaí atá aitheanta sa tuarascáil agus chun aghaidh a thabhairt ar

fhéidearthachtaí chun feabhais. I measc na réimsí ba mhó gur féidir idirghabháil thairbheach a dhéanamh iontu, tá úsáid níos forleithne na Gaeilge i measc na ndaltaí/scoláirí, freastal ar leibhéil éagsúla chumais, ról gníomhach a thabhairt do dhaltaí/scoláirí san fhoghlaim, agus san fhoghlaim chomhtháite ábhar agus teangacha (FCÁT). Tugtar moltaí freisin maidir le hearcú, imlonnú agus forbairt ghairmiúil múinteoirí, pleanáil ghníomhaíochta, cothú na comhpháirtíochta leis an bpobal agus acmhainní Gaeilge.

# 1 Réamhrá

## 1.1 An tuarascáil seo

Is í seo an chéad tuarascáil as sraith de thrí a fhoilseoidh an Roinn Oideachais i gcomhar leis an bhForas Taighde ar Oideachas mar chuid den Staidéar Taighde agus Meastóireachta ar chur i bhfeidhm na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (SASG) i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.

Tugann an tuarascáil ilchodach seo, atá bunaithe ar chás-staidéir in dhá bhunscoil déag agus seacht n-iar-bhunscoil, léargas ar an dul chun cinn atá déanta ag scoileanna sa SASG chun na critéir theangabhunaithe don tumoideachas a chur i bhfeidhm. Tá léiriú anailíseach sa tuarascáil ar dhea-thréithe an chleachtais agus ar ghnéithe den chleachtas ar ghá iad a fheabhsú. Táthar ag súil go mbeidh an tuarascáil seo úsáideach do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge agus iad ag gabháil don phróiseas féinmheastóireachta scoile chun an teagasc, an fhoghlaim agus an chomhpháirtíocht leis an bpobal a neartú.

Sa chaibidil tosaigh seo den tuarascáil, tugtar léargas ar ghnéithe den chomhthéacs. Déantar cur síos ar chomhthéacs na Gaeltachta, ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus ar an Staidéar Taighde agus Meastóireachta ar a bhfuil an tuarascáil féin bunaithe.

Tá Caibidlí 2 go 6 den tuarascáil eagraithe de réir réimsí fiosrúcháin an taighde agus na meastóireachta. Tugtar caibidil amháin do gach ceann de na réimsí seo a leanas.

- Úsáid na Gaeilge i measc an phobail scoile agus fís na scoileanna ina leith
- Ceannaireacht ar fhoghlaim, ar theagasc agus ar fhorbairt na scoile agus fís na scoile i leith fheidhmiú an tumoideachais
- Tionchar na comhpháirtíochta ar phobal na scoile agus páirtithe eile i bhfeidhmiú na Scéime
- Cáilíocht na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe ag leibhéal na bunscoile
- Cáilíocht na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe ag leibhéal na hiar-bhunscoile.

**I gCaibidlí 2, 3 agus 4, pléitear ceisteanna a bhaineann le bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna araon agus nuair a úsáidtear an téarma 'scoileanna', baineann an fhianaise nó an breithmheas leis an dá earnáil.**

Táthar ag súil go gcuideoidh an chonclúid i gCaibidil 7 le scoileanna agus leis an gcóras oideachais an dea-chleachtas atá ann cheana féin a fhorbairt agus a leathadh níos faide.

## 1.2 An Ghaeltacht

### 1.2.1 An teanga Ghaeilge

Is áit uathúil í an Ghaeltacht. Is sna ceantair Ghaeltachta a chloistear an Ghaeilge in úsáid go laethúil mar theanga an phobail. Is anseo atá an teanga tar éis a bheith in úsáid go leanúnach mar theanga an phobail le tuairim is dhá mhíle bliain. Go hiondúil, ní Gaeilge na scoile ná Gaeilge na leabhar gramadaí a chloistear, ach Gaeilge a tugadh anuas ó ghlúin go glúin agus a bhfuil snas agus loinnir uirthi trí úsáid thar na céadta bliain. Tá na struchtúir atá againn in Éirinn chun an teanga Ghaeilge a chaomhnú, lena n-áirítear ranna stáit agus an córas oideachais, á gcothú ar bhealach amháin nó ar bhealach eile ag sruth beo na Gaeltachta.

Ar nós go leor teangacha mionlaigh agus neamhfhorleathana ar fud an domhain, tá an teanga Ghaeilge leochaileach agus faoi bhrú ó gach taobh. Cé gur teanga oifigiúil den Aontas Eorpach í an Ghaeilge, is iomaí agus is éagsúil na bagairtí don teanga agus bíonn ardleibhéal comhoibrithe ag teastáil idir ranna stáit agus gníomhaireachtaí agus seirbhísí áirithe chun dul i ngleic leo. Tá a chomhthéacs agus a scéal féin ag gach ceantar Gaeltachta agus ag gach scoil Ghaeltachta. Tá gach comhthéacs iltoiseach. I measc na gceisteanna a bhíonn le plé, is minic a n-áirítear ceisteanna sóisialta. Is imeallach iad na ceantair Ghaeltachta i gcoitinne ó thaobh na tíreolaíochta agus an gheilleagair de, rud a fhágann na pobail dhúchasacha faoi bhagairt na bochtaineachta agus na himirce. Bíonn ceisteanna ann a bhaineann leis an nGaeilge mar theanga. Tá canúintí éagsúla ann, agus oidhreacht shaibhir ag baint le gach ceann acu. Thar gach rud eile, is dócha, tá ceist an Bhéarla, teanga mhór dhomhanda atá níos leitheadaí ná riamh, go háirithe sna meáin shóisialta agus sa domhan digiteach atá an-lárnach i saol na ndaoine san aonú aois is fiche.

De bharr éagsúlacht na mbagairtí, is léir go mbíonn ar na páirtithe éagsúla atá ag dul i ngleic leo obair as lámha a chéile chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Bíonn comhpháirtíocht éifeachtach ag teastáil idir ranna stáit, idir soláthraithe oideachais do na haoisghrúpaí éagsúla agus idir gach scoil agus na teaghlaigh agus an pobal níos leithne ina gcónaíonn na daltaí/scoláirí.

### 1.2.2 Ról na scoileanna Gaeltachta i gcur chun cinn na Gaeilge

San Acht Oideachais, 1998, cuirtear dualgas ar leith ar scoileanna Gaeltachta ‘cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail’. Is ionann an cuspóir seo agus cuspóir an phróisis phleanála teanga a bhfuil bunús reachtúil aige faoi Acht na Gaeltachta 2012, agus atá faoi lánseol anois sna limistéir phleanála teanga Ghaeltachta. Is í sprioc uileghabhálach an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 ná a chinntiú go mbeidh oideachas atá ar ardchaighdeán agus ábhartha ar fáil trí Ghaeilge do na daoine óga uile atá ina gcónaí i limistéir Ghaeltachta. Ar an mbonn sin, táthar ag iarraidh tacú le húsáid na Gaeilge mar phríomhtheanga na dteaghlach agus na bpobal Gaeltachta.

Tá gníomhartha an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta bunaithe ar phrionsabal na comhpháirtíochta agus an chomhoibrithe le pobail scoile áitiúla. Aithníonn an SASG go

bhfuil an comhoibriú idir na scoileanna agus na ceanneagraíochtaí/coistí pleanála teanga áitiúla sa Ghaeltacht fíorthábhachtach maidir le feidhmiú na Scéime, comhlíonadh na gcritéar teangabhunaithe don tumoideachas, agus cur i bhfeidhm na bpleananna teanga áitiúla.

### 1.2.3 Ról na seirbhísí luathbhlianta sa Ghaeltacht i gcur chun cinn na Gaeilge

Is é Comhar Naíonraí na Gaeltachta (CNNG) an tseirbhís aitheanta náisiúnta a chuireann seirbhísí luathbhlianta trí Ghaeilge ar fáil ar fud na Gaeltachta. Fostaíonn an eagraíocht beagnach 200 cleachtóir luathbhlianta agus oibrí cúraim leanaí chun freastal ar suas le 2,000 leanbh sa Ghaeltacht. Tá CNNG maoinithe ag Údarás na Gaeltachta agus ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán (RTCEGSM). Tá oifigigh forbartha teanga ceaptha ag an eagraíocht chun cúnamh agus tacaíocht teanga a chur ar fáil do na seirbhísí luathbhlianta sa Ghaeltacht.

Cuireann CNNG an t-infreastruchtúr i bhfeidhm chun seirbhísí luathbhlianta a chur ar fáil as Gaeilge, sa Ghaeltacht, agus cuireann sé seirbhísí riaracháin, tacaíochta agus oiliúna ar fáil do na seirbhísí sin. Tá 118 seirbhís luathbhlianta faoi choimirce CNNG, idir naíonraí, naíolanna, seirbhísí réamhchúram agus seirbhísí iarscoile. Tá 66 naíonra ag feidhmiú faoi láthair i limistéir phleanála teanga na Gaeltachta.

Úsáidtear an scéim pleanála teanga “Borradh,” atá forbartha ag CNNG, chun forbairt a dhéanamh ar theanga na leanaí atá ag freastal ar na seirbhísí luathbhlianta trí Ghaeilge sa Ghaeltacht.

### 1.2.4 An próiseas pleanála teanga Gaeltachta

Aithníonn an Polasaí don Oideachas Gaeltachta an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht na scoileanna sa phróiseas pleanála teanga don cheantar, próiseas a bhfuil mar aidhm aige tacú ar bhealach córasach, comhtháite le húsáid laethúil na Gaeilge mar theanga phobail agus theaghlaigh sna ceantair Ghaeltachta. Tá an próiseas seo á chomhordú ag Údarás na Gaeltachta, faoi scáth foriomlán na Roinne Turasóireachta Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM).

Faoin bpróiseas seo, mar a leagtar amach é in Acht na Gaeltachta 2012, aithníodh fiche sé limistéar pleanála teanga (LPTanna). Tugtar deis do gach LPT plean teanga a ullmhú agus a chur i bhfeidhm chun staid na Gaeilge mar theanga phobail agus theaghlaigh a neartú go céimniúil thar shaolré seacht mbliana na bpleananna. Tá oifigigh pleanála teanga fostaithe ag na ceanneagraíochtaí pleanála teanga áitiúla. Bíonn ról lárnach ag na hoifigigh pleanála teanga i gcur i bhfeidhm na bpleananna teanga. Mar ghné dá gcuid oibre, tá na hoifigigh pleanála teanga freagrach as tacaíocht phraiticiúil a thabhairt do scoileanna chun páirt a ghlacadh sa phróiseas pleanála teanga.

### 1.2.5 Ról an bhoird bainistíochta

Tá gach scoil á bainistiú ag bord bainistíochta thar ceann an phátrúin. Tá dualgas ag an mbord bainistíochta féachaint chuige go mbíonn feidhmiú na scoile ag teacht lena bhfuil leagtha síos san Acht Oideachais 1998 agus sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta. Tá an bord freagrach freisin as cur i bhfeidhm na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Tá freagracht ar an mbord bainistíochta a dheimhniú go leagtar amach plean forbartha

scoile i gcomhar leis an bpobal scoile uile, pátrún na scoile san áireamh, chun dualgais na scoile faoin Acht agus faoin Scéim a chomhlíonadh. Cé go ndéanann an bord bainistíochta maoirseacht ar fheidhmiú na Scéime sa scoil, is próiseas comhoibríoch, uileghabhálach agus machnamhach é obair na scoile a athbhreithniú go leanúnach i gcomhar leis an bpobal scoile. Bíonn rath na comhpháirtíochta ag brath ar dhlúthchaidreamh a bheith ann idir an t-oifigeach pleanála teanga agus bainistíocht na scoile.

Bíonn ar an mbord bainistíochta a chinntiú go bhfuil tuiscint ag an bpobal gur scoil Ghaeltachta í an scoil, gurb í an Ghaeilge an teanga a úsáidtear i ngach gné d'obair na scoile agus go gcothaíonn an scoil naisc thairbheacha leis an bpobal, le suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim agus le scoileanna Gaeltachta/lán-Ghaeilge eile. Díríonn an príomhoide agus an fhoireann, faoi stiúir an bhoird bainistíochta agus i gcomhairle le daltaí/scoláirí agus a dtuismitheoirí/caomhnóirí ar phleanáil gníomhaíochta chun sároideachas trí mheán na Gaeilge a sholáthar don phobal.

## 1.3 An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Seoladh an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (SASG), ceann de phríomhghníomhartha an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022, i mí Aibreáin 2017. Tugann an Scéim deis do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna atá lonnaithe i limistéir phleanála teanga Ghaeltachta, aitheantas a ghnóthú mar scoileanna Gaeltachta. Chun an t-aitheantas seo a bhaint amach, bíonn ar na scoileanna sainchritéir theangabhunaithe a chomhlíonadh, agus páirt a ghlacadh sna próisis phleanála teanga áitiúla a bhfuil foráil déanta dóibh in Acht na Gaeltachta, 2012.

Tá 105 bunscoil[4] agus 29 iar-bhunscoil[5] rannpháirteach sa Scéim. Ó Mheán Fómhair 2018 cuireadh na tacaíochtaí seo a leanas ar fáil do scoileanna atá páirteach sa Scéim*:*

**Tacaíochtaí do gach scoil sa Scéim ó Mheán Fómhair 2018:**

- deontas bliantúil (€1200) chun acmhainní teagaisc trí mheán na Gaeilge a cheannach
- uaireanta breise teagaisc le haghaidh tacaíochta teanga sa Ghaeilge, le líon na n-uaireanta bunaithe ar rollachán na scoile
- *Táscairí Dea-Chleachtais sa Tumoideachas: Dréacht-Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta* (2018) agus *Táscairí Dea-Chleachtais sa Tumoideachas: Dréacht-Treoir d'Iar- Bhunscoileanna Gaeltachta* (2018)
- forbairt ghairmiúil leanúnach bhreise ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)

[4] 105 bunscoil = 80% de na bunscoileanna atá lonnaithe sna limistéir phleanála teanga Ghaeltachta
[5] 29 iar-bhunscoil = 100% de na hiar-bhunscoileanna atá lonnaithe sna limistéir phleanála teanga Ghaeltachta

- cuairteanna comhairleacha ó Chigireacht na Roinne Oideachais,[6] chun tacú le scoileanna maidir le comhlíonadh na gcritéar teangabhunaithe.

**Tacaíochtaí breise d'iar-bhunscoileanna sa Scéim ó 2019:**

- tacaíochtaí breise ar fáil do gach ceann de na cúig iar-bhunscoil oileánda
  - leithdháileadh breise múinteora do gach ceann d'iar-bhunscoileanna na n-oileán
  - buiséad €15,000 breise imfhálaithe in aghaidh na bliana do gach scoil
- deis d'iar-bhunscoileanna Gaeltachta páirt a ghlacadh i dtionscadal nuálach ríomh-mhoil a bhaineann leas as soláthar foghlama cumaisc ar líne chun an Fhisic Ardteistiméireachta a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge do scoláirí in iar-bhunscoileanna Gaeltachta eile nach raibh fáil acu ar an ábhar sin trí Ghaeilge cheana
- maoiniú aon uaire (€5,000) do gach scoil atá rannpháirteach sa tionscadal ríomh-mhoil chun trealamh teicneolaíochta a cheannach
- uaireanta breise teagaisc do na hiar-bhunscoileanna ina bhfuil na ríomh-mhúinteoirí lonnaithe agus do na scoileanna leis na ríomh-mheantóirí chun tacú leis na scoláirí atá rannpháirteach sa tionscadal ríomh-mhoil
- tionscadal píolótach forbartha Gaeilge (Forás) in dhá iar-bhunscoil sa Ghaeltacht, le múinteoir breise curtha ar fáil don dá scoil ar bhonn sealadach, chun cuidiú le scoláirí na sraithe sóisearaí a dteastaíonn cabhair uathu le forbairt scileanna Gaeilge.

Tá cúntóirí teanga ag obair ar bhonn páirtaimseartha sna scoileanna Gaeltachta faoi Scéim na gCúntóirí Teanga atá maoinithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

De bharr phaindéim COVID-19, d'fhógair an Roinn Oideachais i mí Mhárta 2021 go mbeadh síneadh dhá bhliain leis an tréimhse atá ag scoileanna chun aitheantas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach. Beidh go dtí deireadh na scoilbhliana 2023/24 ag na scoileanna anois. Leanfar leis na tacaíochtaí éagsúla go dtí an spriocdháta nua.

## 1.4 An Staidéar Taighde agus Meastóireachta

### 1.4.1 Pleanáil

Chuir an Foras Taighde ar Oideachas (FTO) i gcomhar leis an Aonad um Oideachas Gaeltachta, agus Cigireacht na Roinne Oideachais tús leis an Staidéar Taighde agus Meastóireachta ar an Scéim Aitheantais sa bhliain 2019. Mar atá leagtha amach sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022, is é cuspóir an staidéir taighde ná tionchar na Scéime ar an soláthar oideachais trí Ghaeilge a mheas. Tá an staidéar ag

[6] De bharr phaindéim COVID-19, athraíodh fócas an chláir oibre in 2020 chun tacú le scoileanna le cur i bhfeidhm comhairle maidir le sláinte phoiblí de réir treoracha na Roinne Sláinte agus na Roinne Oideachais maidir le timpeallacht shlán shábháilte foghlama agus oibre a chruthú do gach duine (Imlitir 0040/2020 agus 0041/2020).

díriú freisin ar an tslí ina bhfuil ag éirí leis na scoileanna na critéir theangabhunaithe a chomhlíonadh chun aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta.

Bhunaigh an tAonad um Oideachas Gaeltachta grúpa monatóireachta in 2019 chun réamhphleanáil, comhordú agus maoirseacht a dhéanamh ar an staidéar. Bhí ionadaithe ón FTO, ón Aonad um Oideachas Gaeltachta, agus ón gCigireacht sa ghrúpa seo. Cuireadh deiseanna ar fáil don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán freastal ar na cruinnithe pleanála de réir mar ba ghá. Chuathas i gcomhairliúchán freisin leis an gCoiste Comhairleach um Polasaí don Oideachas Gaeltachta, a bunaíodh in 2017. Rinneadh cinneadh ón tús go mbeadh an staidéar ar siúl le linn fheidhmiú na Scéime Aitheantais chun tacú lena daingniú agus lena neartú.

Chun a chinntiú go raibh an sampla de na scoileanna a roghnaíodh don staidéar taighde chomh hionadaíoch agus ab fhéidir, rinneadh an-iarracht chun a chinntiú go raibh

- scoileanna sa staidéar ó raon de cheantair Ghaeltachta
- meascán de scoileanna móra agus scoileanna beaga san áireamh
- raon de phróifílí sochtheangeolaíocha maidir le pobail scoileanna, go háirithe mar a bhain sé le leibhéal úsáid na Gaeilge mar theanga an phobail lasmuigh den chóras oideachais.

Bhí na hiar-bhunscoileanna a bhí rannpháirteach sa chlár píolótach Forás agus sa tionscadal ríomh-mhoil don Fhisic i measc na scoileanna cás-staidéir. Rinne an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna meastóireacht neamhspleách ar leithligh ar an tionscadal ríomh-mhoil. Is féidir teacht ar an tuarascáil mheastóireachta **ANSEO.**

Cuireadh tús le cuairteanna cás-staidéir ar scoileanna ag deireadh 2019. Is éard a bhí i gceist i ngach cás-staidéar ná cuairt mheastóireachta ón gCigireacht, cuairt taighde ón FTO agus gníomhaíocht féinmhachnaimh na scoileanna féin. Thar ceann na Cigireachta agus an FTO, rinne an tAonad um Oideachas Gaeltachta an chéad teagmháil leis na scoileanna i Meán Fómhair 2019 chun cuireadh a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh sa staidéar agus aidhmeanna na gcás-staidéar a mhíniú. Ghlac gach scoil leis an gcuireadh agus seoladh réamhfhógra i scríbhinn agus treoir maidir leis na nósanna imeachta meastóireachta agus taighde chuig na scoileanna. Cuireadh litir ar fáil do na scoileanna agus dá dtuismitheoirí chomh maith chun cead na dtuismitheoirí a fháil do ghrúpaí fócais le daltaí/scoláirí. Rinneadh cás-staidéir phíolótacha chun triail a bhaint as na gléasanna meastóireachta agus taighde.

### 1.4.2 Cuairteanna meastóireachta na Cigireachta

Sular tugadh cuairt ar an scoil bailíodh faisnéis maidir le comhthéacs na scoile. Ansin, rinne na cigirí na mionsocruithe cuí leis an scoil maidir le clár ama na meastóireachta, na grúpaí fócais le daltaí/scoláirí agus na cruinnithe leis an mbord bainistíochta, ceannairí ionscoile agus múinteoirí.

I measc na ngníomhaíochtaí meastóireachta bhí athbhreithniú ar cháipéisíocht ionscoile, obair na ndaltaí/scoláirí, sonraí ó mheasúnuithe, agus breathnóireacht ar theagasc agus ar fhoghlaim thar raon d’ábhair churaclaim, de rangleibhéil agus de bhliainghrúpaí.

Rinne an Chigireacht meastóireacht ar cháilíocht an tsoláthair oideachais mar a bhain sé le húsáid na Gaeilge, lena n-áiríodh an teagasc, an fhoghlaim agus an measúnú. Rinneadh meastóireacht freisin ar cháilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta scoile i leith fheidhmiú an tumoideachais agus ar cháilíocht na comhpháirtíochta le pobal na scoile agus páirtithe eile i bhfeidhmiú na Scéime. Le linn na gcuairteanna meastóireachta, breathnaíodh ar cheachtanna Gaeilge, ceachtanna in ábhair eile trí Ghaeilge, ceachtanna tacaíochta don Ghaeilge agus ceachtanna do dhaltaí/scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Bhain na cigirí úsáid as na leibhéil cháilíochta i gcontanam cáilíochta na Cigireachta agus na téarmaí a bhaineann leo nuair bhí siad ag cur síos ar cháilíocht an tsoláthair. Taispeántar contanam cáilíochta na Cigireachta i dTábla 1 thíos.

***Tábla 1: Contanam cáilíochta na Cigireachta***

| Leibhéal | Cur síos |
|---|---|
| **An-mhaith** | Úsáidtear ***An-mhaith*** áit a bhfuil cáilíocht na réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ar chaighdeán an-ard. Ní bhíonn tionchar rómhór ag an líon beag réimsí atá le feabhsú ar cháilíocht an tsoláthair ar an iomlán. Do roinnt scoileanna sa chatagóir seo bíonn an cháilíocht ar a ndearnadh meastóireacht ***thar cionn*** agus is sampla é do scoileanna eile de shárchaighdeáin soláthair. |
| **Go maith** | Úsáidtear ***Go maith*** áit ina bhfuil níos mó láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ná na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh. Bíonn tionchar ag na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh ar cháilíocht foghlama na ndaltaí. Ní mór don scoil tógáil ar a cuid láidreachtaí agus gníomhú le dul i ngleic leis na réimsí atá aitheanta ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh leis an gcaighdeán *an-mhaith* a bhaint amach. |
| **Sásúil** | Úsáidtear ***Sásúil*** áit a bhfuil cáilíocht an tsoláthair sách maith. Tá díreach níos mó láidreachtaí a ndéantar meastóireacht orthu ná laigí. Cé nach mbíonn drochthionchar suntasach ag na laigí cuireann siad srian leis na heispéiris foghlama agus ba chóir dul i ngleic leo d'fhonn caighdeán níos fearr a bhaint amach. |
| **Measartha** | Úsáidtear ***Measartha*** áit, in ainneoin go bhfuil roinnt láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu, go bhfuil níos mó easnaimh nó laigí ann freisin ná na láidreachtaí. Beidh ar an scoil dul i ngleic le heasnaimh áirithe gan mhoill lena chinntiú go mbíonn an soláthar sásúil nó níos fearr ná sin. |
| **Lag** | Úsáidtear ***Lag*** áit a bhfuil easnaimh thromchúiseacha sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu. Is gá don scoil uile gníomhú láithreach ar bhonn comhordaithe le dul i ngleic leis na réimsí atá mar ábhar imní. I gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeidh gá le hionchur ó ghníomhaireachtaí eile le tacú leis na feabhsuithe. |

### 1.4.3 Cuairteanna taighde an FTO

Rinne an FTO taighde ar dhearcthaí agus rannpháirtíocht múinteoirí, tuismitheoirí agus an phobail scoile i leith na Scéime trí ghrúpaí fócais a eagrú sna scoileanna. Thug beirt oifigeach FTO cuairt ar gach scoil cás-staidéir. Ba é an cuspóir a bhí leis na grúpaí fócais ná deis a thabhairt do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí a dtuairimí faoin Scéim

Aitheantais a nochtadh agus moltaí a thabhairt faoi dhul chun cinn na Scéime. Rinneadh na grúpaí fócais a thaifeadadh, chun go bhféadfaí dul siar orthu agus anailís a dhéanamh ar na freagraí. I nGaeilge a bhí na hagallaimh, ach amháin nuair nach raibh Gaeilge ag rannpháirtithe.

Bhain na ceisteanna a pléadh leis na tuismitheoirí le comhthéacs na scoile agus cur i bhfeidhm na Scéime go ginearálta, feidhmiú an tumoideachais maidir le freastal ar riachtanais foghlama na ndaltaí/scoláirí go léir, agus úsáid na Gaeilge mar theanga shóisialta. Pléadh na ceisteanna céanna leis na múinteoirí, chomh maith le ceisteanna breise maidir le gnéithe de chleachtas na múinteoirí, lena n-áiríodh straitéisí difreála, ullmhacht don teagasc, acmhainní agus a leithéid. Leis an dá ghrúpa, cuireadh fáilte freisin roimh thuairimí faoi thopaicí ábhartha eile.

Tá an FTO ag leanúint ar aghaidh leis an taighde trí cheistneoirí a chur chuig na scoileanna go léir atá páirteach sa Scéim. Eiseofar na ceistneoirí chuig príomhoidí, múinteoirí ranga/ábhair, múinteoirí tacaíochta, daltaí/scoláirí agus a dtuismitheoirí. Déanann an FTO monatóireacht freisin ar ghnóthachtáil na ndaltaí/scoláirí i scoileanna na Scéime. Ní léirítear torthaí an obair thaighde sin sa tuarascáil seo.

### 1.4.4 Féinmhachnaimh na scoileanna

Iarradh ar gach scoil machnamh a dhéanamh ar a n-eispéireas leis an Scéim go dtí seo sna réimsí seo a leanas:

- Na gnéithe ab fhearr den tumoideachas atá curtha i gcrích sa scoil go dtí seo
- Na dúshláin is mó atá le sárú
- An tairbhe a bhain na daltaí/scoláirí as an eispéireas tumoideachais go dtí seo.

### 1.4.5 Na tuairiscí cás-staidéir

Rinneadh cuairteanna meastóireachta na Cigireachta agus cuairteanna taighde an FTO sular dúnadh na scoileanna de bharr COVID-19 i Márta 2020. Sholáthair na scoileanna a dtuairiscí féinmhachnaimh i bhfómhar 2020 nuair a bhí siad ar oscailt arís. Eisíodh tuairisc ar gach scoil sa staidéar. Thug gach tuairisc forléargas ar na torthaí meastóireachta agus taighde. Mar chuid den tuairisc freisin, bhí ráiteas bunaithe ar fhéinmhachnamh na scoile ar thionchar na Scéime ar nósanna teanga na scoile, idir láidreachtaí agus dúshláin. Tá sleachta éagsúla leis an bhfianaise ó na tuairiscí cás-staidéir ar scoileanna aonair fite fuaite tríd an tuarascáil seo, a thugann forbhreathnú saibhir ar bhreathnóireachtaí na gcigirí, an FTO agus ceannairí na scoileanna ar na cleachtais sna scoileanna cás-staidéir. Taispeántar na téarmaí cainníochtúla atá in úsáid sa tuarascáil seo ar Thábla 2.

***Tábla 2: Na téarmaí cainníochtúla a úsáidtear sa tuarascáil seo***

| Téarma cainníochtúla | Céatadán tarlaithe |
|---|---:|
| I mbeagnach gach cás | > 90% |
| Den chuid ba mhó | 75% – 90% |
| Tromlach/níos mó ná leath | 51% – 74% |
| Leath | 50% |
| Níos lú ná a leath / mionlach suntasach | 25% – 49% |
| Líon beag / Níos lú ná ceathrú | 16% – 24% |
| I gcúpla cás | Suas go 15% |

## 1.5 Comhthéacs na scoileanna

### 1.5.1 Na bunscoileanna

Is scoileanna comhoideachais iad na bunscoileanna go léir sa staidéar, agus iad uile faoi phátrúnacht easpag Caitliceach na deoise ina bhfuil siad suite. Bhí ó 23 go 208 dalta ar na rollaí acu. Príomhoidí teagaisc a bhí ag deich gcinn acu agus príomhoidí riaracháin sa dá scoil eile. I scoil amháin bhí rang speisialta do dhaltaí a bhfuil neamhoird de chuid speictream an uathachais acu. Bhí cúig bhunscoil sa sampla páirteach sa chlár tuaithe Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sholáthar (DEIS), plean gníomhaíochta na Roinne don ionchuimsiú oideachais.

### 1.5.2 Na hiar-bhunscoileanna

Is scoileanna comhoideachais iad na seacht n-iar-bhunscoil sa staidéar freisin. Tá cúig cinn acu faoi phátrúnacht na mBord Oideachais agus Oiliúna. Tá scoil amháin faoi chomhphátrúnacht Easpag na deoise agus an Aire Oideachais, agus an seachtú scoil faoi chomhphátrúnacht Easpag na deoise agus an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Bhí éagsúlacht sa sampla maidir le líon na scoláirí. Bhí 40 scoláire ar rolla na scoile ba lú agus 451 scoláire sa scoil ba mhó sa sampla. Bhí trí iar-bhunscoil páirteach sa chlár DEIS. Bhí sé cinn de na hiar-bhunscoileanna sa sampla ag feidhmiú go hiomlán trí mheán na Gaeilge. Sa scoil eile bhí tús maith déanta ar roinnt ábhar a mhúineadh trí Ghaeilge agus bhí sé mar aidhm ag an scoil cur leis an soláthar trí Ghaeilge de réir a chéile.


# 2 Úsáid na Gaeilge

## 2.1 Réamhrá


Tá úsáid na Gaeilge mar theanga chumarsáide mar bhunchloch d'obair na scoileanna sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Pléifear úsáid na Gaeilge sa teagasc agus san fhoghlaim i gcaibidlí eile den tuarascáil seo. Sa chaibidil seo, áfach, tá aird á díriú ar a raibh le foghlaim ó na meastóireachtaí cás-staidéir maidir le cur chun cinn na Gaeilge le haghaidh cumarsáide sna scoileanna. Déantar tagairt anseo freisin do thuairimí múinteoirí agus tuismitheoirí mar a bailíodh iad sna hagallaimh ghrúpaí fócais a chuir an Foras Taighde ar Oideachas (FTO) ar siúl.

Tuairiscíodh go raibh úsáid na Gaeilge mar theanga na cumarsáide ag leibhéal scoile uile an-mhaith sa chuid ba mhó de na bunscoileanna agus i mionlach suntasach de na hiar-bhunscoileanna. Bhí an toradh seo ag teacht leis an tráchtaireacht sna tuairiscí meastóireachta agus taighde, ina léiríodh go raibh dúshláin ar leith ag baint le cur chun cinn na teanga ag an iar-bhunleibhéal.

***Cairt 1: An Ghaeilge mar theanga na cumarsáide scoile uile sa bhunscoil***




***Cairt 2: An Ghaeilge mar theanga na cumarsáide scoile uile san iar-bhunscoil***




## 2.2 Fís na scoileanna i leith úsáid na Gaeilge sa scoil

Bhí na tuairiscí cás-staidéir an-dearfach faoin bhfís a bhí ag bunscoileanna agus ag iar-bhunscoileanna araon i leith úsáid na Gaeilge mar theanga na cumarsáide sna scoileanna.

Tugadh le fios sna tuairiscí go raibh fócas i bhfad níos mó agus níos géire ar cheist na teanga anois, a bhuíochas sin don Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Ba léir ó na tuairiscí meastóireachta, áfach, go raibh gach scoil ag déanamh a sárdhícheall, bíodh traidisiún láidir labhairt na Gaeilge sa scoil nó bíodh gur scoil í nach raibh mórán cainteoirí dúchais inti. Bhí fianaise ann go raibh rannpháirtíocht sa Scéim tar éis scoileanna a mhisniú agus a chumasú chun tús áite a thabhairt do cheist na teanga agus a gcuid cleachtas a fhorbairt dá réir. Tuairiscíodh go raibh fís na Scéime don teanga ag dul i bhfeidhm ar chleachtais agus iompar boird bhainistíochta, múinteoirí, daltaí/scoláirí agus tuismitheoirí. Léiríodh sna tuairiscí go raibh beocht as an nua sna scoileanna maidir lena bhfís don teanga agus go raibh dóchas ann an athuair do thodhchaí na Gaeilge mar theanga an phobail Ghaeltachta.

***Tábla 3: Cinntí maidir le fís na scoileanna***

| Láidreachtaí |
|---|
| Tuairiscíodh go raibh<br>✓ fócas i bhfad níos mó agus níos géire ar cheist na teanga<br>✓ scoileanna á misniú agus á gcumasú chun tús áite a thabhairt do cheist na teanga<br>✓ beocht as an nua sna scoileanna arís ó thaobh a bhfíse don teanga<br>✓ fís na Scéime ag dul i bhfeidhm ar chleachtais agus iompar na mbord bainistíochta, na múinteoirí, na ndaltaí/scoláirí agus na dtuismitheoirí |

## 2.3 Úsáid na Gaeilge i measc na ndaltaí/scoláirí

### 2.3.1 Labhairt na Gaeilge lasmuigh de cheachtanna sa bhunscoil

Luadh sna tuairiscí meastóireachta ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal araon go raibh feabhas tagtha ar fheasacht na ndaltaí/scoláirí ar thábhacht na Gaeilge agus na cúiseanna ar chóir dóibh an teanga a úsáid ina measc féin.

Sna grúpaí fócais leis an FTO, thuairiscigh múinteoirí ó roinnt mhaith bunscoileanna go raibh laghdú tagtha ar líon na gcainteoirí dúchais sna ranganna naíonán le roinnt blianta anuas agus nach cainteoirí dúchais iad formhór na ndaltaí sa chuid ba mhó de na scoileanna Gaeltachta. Tugadh le fios i dtuairiscí meastóireachta na Cigireachta go raibh idirghabhálacha éagsúla ar siúl ag bunscoileanna chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn taobh amuigh den seomra ranga. I gcuid de na bunscoileanna, dúradh go raibh an Ghaeilge mar theanga an tsóisialaithe ag na daltaí sa chlós agus go raibh siad ar a gcompord lena húsáid, na daltaí níos sine ach go háirithe. Ba mheascán de Ghaeilge agus Béarla a bhí ag na daltaí sa chlós i mbunscoileanna eile. Ba léir go raibh roinnt múinteoirí díomách nach raibh dóthain Gaeilge á labhairt ná le cloisteáil sa phobal chun tacú le hobair na scoile maidir le cur chun cinn na teanga.

**_Sleachta ó thuairiscí taighde an FTO_**

*Thug na tuismitheoirí léargas ar theanga shóisialta na ndaltaí. Sa bhunscoil, labhraíonn na daltaí Gaeilge le daltaí eile a bhfuil Gaeilge acu, cé go n-iompaíonn siad ar an mBéarla má tá comhluadar teanga measctha ann. (Bunscoil 1)*

*Bhí na múinteoirí sásta go raibh Gaeilge á labhairt ag daltaí sna seomraí ranga agus sa chlós (cé go raibh gá le labhairt na teanga a mheabhrú do dhaltaí ó am go ham), ach bhí díomá orthu nach raibh an Ghaeilge á labhairt go forleathan taobh amuigh de gheataí na scoile. Bhíothas buartha chomh maith nach raibh níos mó tuismitheoirí muiníneach go leor chun a gclann a thógáil le Gaeilge. (Bunscoil 1)*

*Dar leis na tuismitheoirí, beidh feabhas ar chúrsaí i gceann cúig bliana toisc go bhfuil an próiseas pleanála teanga ag tarlú chomh maith leis an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Ach dúradh go raibh go leor le déanamh chun tuismitheoirí óga a spreagadh chun an Ghaeilge a labhairt sa bhaile. Dúradh go bhféadfadh an Ghaeilge imeacht go hiomlán, gurb é an Polasaí don Oideachas Gaeltachta (agus an Scéim) an seans deireanach – nach raibh ach an seans seo fágtha don Ghaeilge agus don Ghaeltacht. Bhí na tuismitheoirí sásta go raibh an Polasaí ann anois, go raibh an Scéim á cur i bhfeidhm agus go raibh an scoil á leanúint. Ach mheas siad go gcaithfeadh tuismitheoirí an Ghaeilge a chothú sa bhaile má tá rath le bheith ar an Scéim. (Bunscoil 3)*

*Dúradh gur mór an trua nach bhfuil Scéim Labhairt na Gaeilge ann níos mó, mar gur thug an scéim misneach agus spreagadh do thuismitheoirí. Is amhlaidh gur stop tuismitheoirí áirithe ag labhairt Gaeilge lena bpáistí nuair a cuireadh deireadh leis an Scéim. Bhí na tuismitheoirí a bhí i láthair den tuairim nach dtuigeann tuismitheoirí go ginearálta na buntáistí a bhaineann le teaghlaigh a thógáil le Gaeilge. (Iar-bhunscoil 6)*

*Tá na múinteoirí dóchasach go dtiocfaidh feabhas ar chúrsaí nuair a bheidh an plean gníomhaíochta don limistéar pleanála teanga i bhfeidhm sa cheantar. Ach bhí siad imníoch go gceapfaí gurb í an scoil an t-aon áit go bhféadfaí an Ghaeilge a fhoghlaim inti. (Bunscoil 11)*

**_Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta_**

*Ag am sosa, chualathas Gaeilge amháin á labhairt mar theanga an tsóisialaithe i measc na ndaltaí níos sine. Chualathas roinnt an-bheag Béarla á labhairt ag na daltaí ab óige. (Bunscoil 1)*

Sna cuntais féinmhachnaimh ó bhunscoileanna, rinneadh tagairt do na deiseanna breise cumarsáide a bhí á gcur ar fáil in imeachtaí curaclaim agus seach-churaclaim araon. Dúradh go raibh an taithí seo ag cur le cumas na ndaltaí sóisialú a dhéanamh trí Ghaeilge. Thagair na múinteoirí i roinnt bunscoileanna don tionchar diúltach a bhí ag COVID-19 ar shealbhú na teanga, i ranganna na naíonán ach go háirithe. Dúradh gur bheag an teagmháil leis an nGaeilge labhartha a bhí ag go leor daltaí le linn thréimhse dúnta na scoileanna.

I dtuairiscí meastóireachta na Cigireachta, dúradh go raibh straitéisí dreasachta in úsáid ag go leor bunscoileanna chun labhairt na Gaeilge a spreagadh i measc na ndaltaí. Mar shampla, bhí cluichí clóis agus gníomhaíochtaí eile eagraithe do ranganna na naíonán ar mhaithe le Gaeilge an tsóisialaithe a chleachtadh. Bhí iarrachtaí na ndaltaí á gceiliúradh ag na scoileanna agus duaiseanna á mbronnadh orthu. Tuairiscíodh go raibh riail na Gaeilge á chur i bhfeidhm i gcuid de na bunscoileanna. Ba léir sna scoileanna sin go raibh tuiscint mhaith ag na daltaí ar riail na Gaeilge agus na cúiseanna a bhí léi. Bhí sé soiléir gur mhothaigh na daltaí go raibh an riail curtha i bhfeidhm ar bhealach dearfach agus tacúil.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

> *Tá riail na Gaeilge i bhfeidhm sa scoil chun na daltaí a spreagadh chun Gaeilge a úsáid. Nuair a labhair na daltaí san fhócasghrúpa faoi seo, dúirt siad gur thuig siad córas na rialach agus an chúis go raibh sé ann. Bhí sé soiléir nár chuir an riail isteach ar shaorchumarsáid idir na daltaí agus nár cheap siad go raibh sí míchothrom. (Bunscoil 1)*

I gcuid mhaith de na bunscoileanna bhí tacú d'úsáid na Gaeilge mar theanga an tsóisialaithe sa chlós mar chuid de dhualgais an chúntóra teanga.

Tugadh le fios go raibh feabhas tagtha ar úsáid na teanga i measc na ndaltaí bunscoile ó cuireadh an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta i bhfeidhm. Tuairiscíodh go bhféadfaí forbairt a thuilleadh a dhéanamh maidir le cumasú agus misniú na ndaltaí chun an teanga a úsáid i gcomhthéacsanna sóisialta, neamhfhoirmiúla.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

> *B'fhiú don scoil dul i gcomhairle leis na daltaí chun straitéisí a aontú leo chun úsáid na teanga a chur chun cinn a thuilleadh laistigh den scoil agus sa chlós. Chabhródh sé leis na daltaí spraoi lena chéile trí Ghaeilge ag amanna sosa dá gcuirfí béim sa bhreis ar úsáid na Gaeilge i gcluichí clóis. (Bunscoil 3)*

Thuairiscigh daltaí i roinnt bunscoileanna, le linn agallaimh i bhfócasghrúpaí na Cigireachta, go raibh sé nádúrtha agus éasca dóibh an Ghaeilge a labhairt. Dúirt daltaí eile, áfach, go raibh sé deacair an Ghaeilge a úsáid i gcónaí, cé gur thuig siad tábhacht a húsáide. Dar leis na daltaí bunscoile ba é an dea-shampla ó mhúinteoirí agus ó dhaltaí eile a spreag iad chun an Ghaeilge a labhairt, mar aon leis na straitéisí dreasachta.

### 2.3.2 Labhairt na Gaeilge lasmuigh de cheachtanna san iar-bhunscoil

Bíonn cur chun cinn na Gaeilge mar theanga chumarsáide níos dúshlánaí, ar ndóigh, de réir mar a éiríonn na foghlaimeoirí níos sine. Ba léir ó na tuairiscí meastóireachta agus taighde gur dúshlán leanúnach agus ceist chasta í seo do na hiar-bhunscoileanna.

***Sleachta ó thuairiscí taighde an FTO***

*Shonraigh na tuismitheoirí go n-athraíonn iompar teanga sóisialta na ndaltaí ó Ghaeilge go Béarla 'thar oíche' nuair a thosaíonn na daltaí ar an iar-bhunscoil. Míníodh nach bhfuil dóthain scoláirí le Gaeilge san iar-bhunscoil agus go dtagann Béarla níos nádúrtha chuig scoláirí nach bhfuil á dtógáil le Gaeilge, in ainneoin go bhfuil blianta bunscolaíochta trí mheán na Gaeilge curtha isteach acu. (Bunscoil 8)*

*Dar leis na tuismitheoirí, ní úsáideann déagóirí an Ghaeilge ar na meáin shóisialta ná ar ghléasanna teicneolaíochta mar 'tá sé níos fusa i mBéarla'. Luadh go bhfuil frustrachas ag baint le teachtaireachtaí téacs a sheoladh trí Ghaeilge. Míníodh go n-iompaíonn na daltaí ar an mBéarla, fiú más í an Ghaeilge an teanga chaidrimh atá acu le duine, mar gheall ar éascaíocht an thuarthéacs i mBéarla. (Bunscoil 9)*

*Mheas na tuismitheoirí go bhfuil cás na Gaeilge ag dul i bhfeabhas – ó thaobh an chaighdeáin de agus ó thaobh daoine a bheith sásta í a labhairt. Dar le tuismitheoir amháin, atá ina chónaí sa cheantar leis na blianta go bhfuil feabhas le tabhairt faoi deara ó thaobh méid na Gaeilge a chloistear anois, agus go bhfuil muinín ag daoine anois í á labhairt. (Bunscoil 9)*

*Tá an t-oifigeach pleanála teanga ag iarraidh na tuismitheoirí a mhealladh isteach sna himeachtaí a eagraítear do pháistí seachas imeacht tar éis dóibh na scoláirí a fhágáil ag an doras. (Iar-bhunscoil 3)*

I gcuid de na cuntais féinmhachnaimh a sholáthair na hiar-bhunscoileanna, tuairiscíodh gur dúshlán mór í an Ghaeilge a chur in úsáid mar theanga an tsóisialaithe i measc na scoláirí. Dúradh go raibh sé an-deacair suim agus rannpháirtíocht na scoláirí sa Ghaeilge shóisialta a choimeád agus a bhuanú. Tugadh le fios nach í an Ghaeilge teanga teaghlaigh na scoláirí i go leor cásanna agus rinneadh tagairt d'úsáid na meán sóisialta trí Bhéarla mar chonstaic shuntasach.

Dúradh i dtuairiscí meastóireachta na Cigireachta go raibh éagsúlacht in eispéireas iar-bhunscoileanna maidir le toilteanas na scoláirí chun Gaeilge a labhairt ina measc féin. In iar-bhunscoileanna áirithe ina raibh an Ghaeilge an-láidir mar theanga an phobail, tuairiscíodh go raibh meath tagtha le blianta beaga anuas ar úsáid na Gaeilge go ginearálta cé go raibh an Ghaeilge á labhairt go nádúrtha fós i measc cohórt áirithe scoláirí.

***Sleachta ó thuairiscí meastóireachta na Cigireachta***

*Bhí an Ghaeilge chun tosaigh mar theanga na cumarsáide agus na hidirghníomhaíochta i measc na scoláirí féin sna ranganna agus ag amanna sosa le linn na meastóireachta. Tuairiscíodh san agallamh leis an mbainistíocht shinsearach nach mbíonn aon deacracht na scoláirí a ghríosadh chun an Ghaeilge a labhairt eatarthu féin as a stuaim féin. (Iar-bhunscoil 2)*

*Ba í an Ghaeilge a bhí le cloisteáil mar theanga an tsóisialaithe i measc na scoláirí ag amanna sosa le linn na meastóireachta. Tuairiscíodh, áfach, go mbíonn gá maoirseacht leanúnach a dhéanamh ar an iompar teanga ag na hamanna seo. (Iar-bhunscoil 3)*

In iar-bhunscoileanna eile i gceantair ina raibh an Ghaeilge imithe i léig mar theanga laethúil an phobail, tuairiscíodh dul chun cinn agus feabhsuithe sa réimse seo, a bhuíochas sin don Scéim. Dúradh go raibh forbairt déanta ar fheasacht teanga na scoláirí agus feabhas tagtha ar a ndearcadh i leith úsáid na Gaeilge lena chéile mar theanga an tsóisialaithe.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

*In ainneoinn a gcuid scileanna cumarsáide a bheith forbartha go maith, tuairiscíodh nach mbíodh sé, agus nach mbíonn sé go fóill, de ghnáthnós ag scoláirí an Ghaeilge a labhairt ina measc féin ag ócáidí neamhfhoirmeálta le linn an lae scoile.... Tuairiscíodh, áfach, go raibh níos mó Gaeilge á labhairt ag scoláirí eatarthu féin ná mar a bhíodh, ó cuireadh tús leis an Scéim, agus is údar misnigh é seo.*
*(Iar-bhunscoil 5)*

Ba léir, i gcásanna áirithe, nach raibh na scoláirí i gcónaí ar chomhthuiscint lena gcuid múinteoirí maidir le húsáid na Gaeilge i measc na scoláirí.

**Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta**

> *Léirigh na scoláirí dearcadh an-dearfach i leith na Gaeilge le linn an agallaimh agus bhíodar den tuairim nach raibh aon ghá le riail na Gaeilge os rud é gurb í an Ghaeilge is mó a labhraíonn siad lena chéile. (Iar-bhunscoil 1)*

Sna grúpaí fócais leis an FTO, thuairiscigh múinteoirí iar-bhunscoile go raibh scoláirí sa chéad bhliain ag labhairt níos mó Gaeilge anois ná mar a bhídís ón uair ar thosaigh an Scéim, agus go raibh an dul chun cinn ba mhó le sonrú i scoileanna ar imeall na nGaeltachtaí.

### 2.3.3 Imeachtaí seach-churaclaim agus comhchuraclaim

Tugadh le fios sna tuairiscí cás-staidéir i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna araon go raibh réimse leathan gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim á chur ar fáil chun tacú le forbairt iomlánaíoch na scoláirí agus chun deiseanna labhartha Gaeilge a sholáthar dóibh. Sna grúpaí fócais a chuir an FTO ar siúl, tugadh le fios go gcuireann roinnt mhaith de na múinteoirí leis an obair seo i ndiaidh am scoile.

Ba léir go raibh tairbhe agus taitneamh á mbaint as na himeachtaí seo ag na foghlaimeoirí. Ag an iar-bhunleibhéal go háirithe, thug imeachtaí mar seo deis do scoláirí an Ghaeilge a labhairt go saoráideach ina measc féin agus gan a bheith faoi bhrú ó scoláirí eile iompú ar an mBéarla.

**Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta**

> *Is láidreacht scoile í an raon leathan deiseanna rannpháirtíochta a bhíonn ag scoláirí i gcúrsaí ceoil, drámaíochta, spóirt, díospóireachta, cumadh filíochta agus gnéithe eile d'oidhreacht na Gaeltachta agus na Gaeilge……Cuirtear riail na Gaeilge i bhfeidhm sna himeachtaí seo, cur chuige a éiríonn leis, a dúradh, toisc gur rogha na scoláirí féin é a bheith rannpháirteach iontu agus glacann siad leis gur trí Ghaeilge a eagraítear iad. (Iar-bhunscoil 6)*

Sna tuairiscí cás-staidéir ar iar-bhunscoileanna, rinneadh tagairtí iomadúla don raon imeachtaí agus gníomhaíochtaí a bhí ar fáil. Bhí cuid acu curtha ar siúl sa scoil ach bhí go leor imeachtaí á soláthar freisin ag eagraíochtaí cultúrtha taobh amuigh den scoil. Bhí páirt á glacadh ag iar-bhunscoileanna i gcomórtais díospóireachta, tráth na gceist agus comórtais chumadóireachta próis, filíochta agus amhránaíochta. Tuairiscíodh go raibh tuiscint na scoláirí ar an nGaeilge mar theanga bheo á forbairt trí na himeachtaí seo agus go raibh an tábhacht a bhain lena caomhnú mar theanga an phobail á léiriú dóibh.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

> *Is láidreacht scoile í rannpháirtíocht na scoláirí i réimse leathan gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim….. Bhí sé le rá acu (na scoláirí) freisin go saibhríonn a gcuid rannpháirtíochta sna himeachtaí seo a gcumas teanga agus a dtuiscint ar thraidisiúin na háite agus na tíre. (Iar-bhunscoil 2)*

Bhí páirt á glacadh ag daltaí bunscoile freisin in imeachtaí a d'ardaigh a bhfeasacht ar chultúr agus ar theanga na Gaeilge, lena n-áiríodh comórtais drámaíochta, filíochta agus amhránaíochta. I measc na n-imeachtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim a tugadh faoi deara sna bunscoileanna, tuairiscíodh go raibh na healaíona béil ach go háirithe á n-úsáid go han-éifeachtach. Bhí imeachtaí ar nós agallamh beirte, lúibíní agus drámaíocht ag cur go mór le suim na ndaltaí sa teanga agus le húsáid na Gaeilge ina measc.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

> *Is inmholta mar a chuirtear na healaíona béil chun cinn go mór, rud a chabhraíonn le húsáid na Gaeilge i measc na ndaltaí sa scoil. (Bunscoil 6)*

Sna grúpaí fócais leis an FTO, thuairiscigh tuismitheoirí bunscoile go raibh rannpháirtíocht na ndaltaí i gcomórtais amhránaíochta agus a leithéid tar éis méadú le bliain nó dhó anuas.

### 2.3.4 Úinéireacht a thabhairt do na foghlaimeoirí

Sna grúpaí fócais leis an FTO, dúirt roinnt múinteoirí iar-bhunscoile go raibh tionchar nach beag ag dearcadh na scoláirí féin ar chaighdeán na Gaeilge. Dúradh go raibh tacaíocht i measc na scoláirí don Ghaeilge, agus cuid acu ag lorg níos mó deiseanna chun í a labhairt go sóisialta. Sna cuntais féinmhachnaimh a sholáthair bainistíocht iar-bhunscoile ar fheidhmiú na Scéime, dúradh go raibh na scoláirí ag éirí níos muiníní i labhairt na Gaeilge agus go raibh a nguth ag teacht chun tosaigh agus iad ag glacadh seilbh ar a bhfoghlaim. Thuairiscigh na múinteoirí go raibh dul chun cinn mór déanta maidir le rannpháirtíocht ghníomhach na scoláirí i dtascanna idirghníomhacha cumarsáide. I gcásanna áirithe, bhí ról ag foireann ceannaireachta na scoláirí in úsáid na Gaeilge a chur chun cinn sa scoil.

Sna tuairiscí cás-staidéir, thuairiscigh na cigirí go raibh ról ar leith tugtha do na scoláirí i roinnt iar-bhunscoileanna maidir le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn agus a gcomhscoláirí a spreagadh chuige seo. I scoileanna áirithe, bhí meantóirí nó laochraí teanga ceaptha nó le ceapadh, chun iompar teanga na scoláirí a fheabhsú. Thug an dea-chleachtas seo misneach do scoláirí agus thug sé an fhreagracht dóibh úinéireacht a ghlacadh as an ngné rí-thábhachtach seo den obair chun aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta. Bhí roinnt scoileanna tar éis Coiste na Gaeilge a bhunú, rud a thug deis

eile do scoláirí tuiscint a fháil ar thábhacht na teanga agus an tuiscint sin a chur chun cinn i measc na scoláirí uile.

***Sleachta ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

> *Tá ról ag na meantóirí i gcur chun cinn na teanga i measc lucht na chéad bhliana agus sa scoil go ginearálta. Cailltear an stádas mar mheantóir má chloistear an scoláire ag labhairt Béarla. Thuairiscigh na scoláirí féin le linn an fhócasghrúpa go bhfuil riail na Gaeilge á cur i bhfeidhm go córasach, go bhfuil feabhas tagtha ar úsáid na Gaeilge sa scoil agus go bhfuil siad sásta leis an gcur chuige sin. (Iar-bhunscoil 7)*
>
> *Léirigh na scoláirí ar Choiste na Gaeilge, le linn plé le fócasghrúpa, dílseacht agus tiomantas eiseamláireach don Ghaeilge… Tuairiscíodh go ndéanann na scoláirí ar Choiste na Gaeilge gach deis a thapú an teanga a labhairt agus go gcruthaíonn siad deiseanna labhartha Gaeilge do scoláirí na scoile trí rannpháirtíocht in imeachtaí sóisialta agus cultúrtha. (Iar-bhunscoil 4)*

***Tábla 4: Cinntí maidir le húsáid na Gaeilge ag daltaí/scoláirí***

| Láidreachtaí | Gnéithe le forbairt |
|---|---|
| Tuairiscíodh go raibh<br>✓ deiseanna cruthaithe chun an teanga a labhairt i gceachtanna go rialta<br>✓ an Ghaeilge mar phríomhtheanga an chlóis i go leor scoileanna<br>✓ straitéisí dreasachta agus riail na Gaeilge á n-úsáid go héifeachtach<br>✓ tacaíocht éifeachtach ar fáil ón gcúntóir teanga<br>✓ gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim á soláthar<br>✓ úinéireacht ar an Scéim á cothú i measc na scoláirí | Tuairiscíodh go raibh gá<br>o le haird a dhíriú ar chruinneas teanga<br>o leis na daltaí/scoláirí a chumasú agus a mhisniú chun an teanga a úsáid i gcomhthéacsanna sóisialta, neamhfhoirmiúla<br>o le ról gníomhach a thabhairt do scoláirí i ngach scoil chun úsáid na teanga a chur chun cinn i measc a gcomhscoláirí<br>o le feachtas cumarsáide agus fógraíochta ag leibhéal an chórais agus leibhéal na scoile aonair, chun tuismitheoirí a mhisniú agus a chumasú maidir le húsáid na Gaeilge mar theanga an teaghlaigh |

## 2.4 Úsáid na Gaeilge i measc na múinteoirí

### 2.4.1 Múinteoirí bunscoile

I ngach bunscoil cás-staidéir, ba í an Ghaeilge teanga an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe. I dtromlach na mbunscoileanna, bhí na múinteoirí inniúil agus líofa sa teanga, agus bhain siad úsáid as stór focal saibhir do na daltaí. Bhí úsáid na Gaeilge mar theanga an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe an-mhaith i dtromlach na scoileanna, go maith in aon cheathrú díobh agus sásúil i gcúpla cás.

I gcuid de na bunscoileanna, bhí sáriarracht á déanamh ag foireann na scoile chun an chanúint áitiúil a threisiú agus a chur chun cinn sa scoil agus sa cheantar máguaird.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

> *Is as an gceantar nó na ceantair mháguaird do na múinteoirí agus cúntóirí uile. Dá bharr sin, cloiseann na daltaí canúint shaibhir na dúiche in úsáid go nádúrtha gach lá. Le linn na meastóireachta, ba léir go raibh na daltaí féin ag sealbhú, ag saibhriú agus ag buanú úsáid na canúna ina gcuid cainte de réir a chéile. (Bunscoil 3)*

Breathnaíodh i mbunscoil amháin go raibh leabhrán d'fhoclóir agus d'fhrásaí áitiúla deartha ag an scoil i gcomhpháirt leis na tuismitheoirí agus go raibh leas á bhaint as ar scoil agus sa bhaile. Aithníodh gur dea-chleachtas é seo a chothaigh rannpháirtíocht an phobail i gcaomhnú oidhreacht an cheantair.

### 2.4.2 Múinteoirí iar-bhunscoile

Aithníodh i líon beag tuairiscí ar chás-staidéir iar-bhunscoile go raibh scóip ann chun báúlacht na mball foirne uile a threisiú maidir le fís na Scéime. Bhí sé aitheanta freisin ag na cigirí gur ghá tacú le múinteoirí i gcásanna, chun a gcuid inniúlachta a fhorbairt in úsáid na Gaeilge mar ghnáth-theanga chaidrimh le linn an teagaisc.

Léiríodh go raibh dúshlán leanúnach ag scoileanna sa Ghaeltacht maidir le hearcú múinteoirí ar chainteoirí dúchais iad nó a raibh ardchumas acu sa Ghaeilge. Dúradh gur chruthaigh sé seo deacrachtaí do scoileanna, de bhrí go bhfuil sé de dhualgas orthu múinteoirí a bhfuil inniúlacht leordhóthanach sa Ghaeilge acu a fhostú chun an fhís atá acu mar scoil Ghaeltachta a chomhlíonadh agus chun freastal ar ionchais bhainistíocht na scoile agus an phobail áitiúil.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

> *Tá ardchaighdeán Gaeilge ag an bhfoireann agus is cainteoirí dúchais a dtromlach acu, cé is moite de líon an-bheag múinteoirí ar an bhfoireann faoi láthair nach bhfuil líofacht iomlán sa teanga acu. Tá polasaí láidir earcaíochta ag an mbord agus*

> *an bhainistíocht shinsearach maidir le múinteoirí le hardchaighdeán Gaeilge a fhostú ach uaireanta teipeann orthu teacht ar mhúinteoirí d'ábhair áirithe.*
> *(Iar-bhunscoil 6)*

Luadh i dtromlach na dtuairiscí go raibh ar iar-bhunscoileanna múinteoirí a fhostú ar bheagán Gaeilge uaireanta, agus iad a chumasú ansin sa teanga de réir a chéile. Tuairiscíodh i gcúpla tuairisc go bhfuair na múinteoirí nua seo cabhair óna gcomhghleacaithe agus gur fhreastal siad ar ranganna Gaeilge go háitiúil freisin chun cabhrú leo an caighdeán cuí sa teanga a bhaint amach.

**_Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta_**

> *Nuair a léirigh an scoil spéis sa Scéim dhá bhliain ó shin bhí beirt ar an bhfoireann gan Ghaeilge ar bith. Tá an bheirt mhúinteoirí sin ag múineadh go hiomlán trí Ghaeilge anois agus iad ag obair go leanúnach ar fhorbairt a gcuid scileanna inniúlachta sa teanga…… tá bainistíocht agus foireann na scoile le moladh as an gceannaireacht a léiríodh i leith ionchais a bheith ann go gcaithfí baill foirne nach raibh inniúil ar an nGaeilge a chumasú agus a threorú i dtreo an tumoideachais.*
> *(Iar-bhunscoil 7)*

I gcúpla tuairisc, mhol na cigirí do scoileanna córas meantóireachta foirmeálta a chur i bhfeidhm chun múinteoirí a chumasú sa teanga agus chun foghlaim na Gaeilge a éascú dóibh. I dtuairisc amháin, moladh go leagfaí síos fráma ama cinnte faoina mbeifí ag súil go mbeadh an múinteoir ar chaighdeán cuí sa Ghaeilge chun tosú ar mhúineadh trí mheán na Gaeilge go hiomlán.

***Tábla 5: Cinntí maidir le húsáid na Gaeilge i measc na múinteoirí***

| Láidreachtaí | Gnéithe le forbairt |
|---|---|
| Tuairiscíodh go raibh<br>✓ na múinteoirí inniúil agus líofa sa teanga agus go raibh stór focal saibhir Gaeilge le cloisteáil ag na daltaí/scoláirí ó na múinteoirí i dtromlach na scoileanna<br>✓ Gaeilge na múinteoirí mar fhoinse shaibhir teanga do na daltaí/scoláirí<br>✓ sáriarracht á déanamh chun canúintí áitiúla a threisiú | Tuairiscíodh go raibh<br>○ scóip ann chun báúlacht na mball foirne uile le fís na Scéime a threisiú i líon beag iar-bhunscoileanna<br>○ deacracht ann múinteoirí iar-bhunscoile le cumas cuí sa Ghaeilge a fháil chun ábhair áirithe a mhúineadh<br>○ dúshláin shuntasacha i gcásanna maidir le forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí ar bheagán Gaeilge |

## 2.5 Úsáid na Gaeilge ag leibhéal an bhoird bainistíochta

Ba í an Ghaeilge gnáth-theanga ghnó an bhoird bainistíochta i mbeagnach leath de na bunscoileanna a ndearnadh cás-staidéar iontu agus ba í an Ghaeilge a bhí in úsáid den chuid ba mhó sna bunscoileanna eile. Ba léir go raibh na boird bhainistíochta go léir ag tacú go mór le cur chun cinn na Gaeilge sna bunscoileanna.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

> *Tuairiscíodh gurb í an Ghaeilge teanga ghnó an bhoird bainistíochta den chuid is mó. Tá cainteoirí dúchais ag feidhmiú mar bhaill den bhord agus tugann siad tacaíocht mhór d'úsáid na Gaeilge sa scoil agus ina measc féin. (Bunscoil 5)*

Ag leibhéal na hiar-bhunscoile, tuairiscíodh go raibh cúig bhord bainistíochta as seacht ag feidhmiú go huile is go hiomlán trí mheán na Gaeilge, bord bainistíochta scoil amháin ag feidhmiú go dátheangach agus bord amháin eile ag feidhmiú trí Bhéarla toisc nach raibh Gaeilge ag na baill ar fad.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

> *Tuairiscíodh go bhfeidhmíonn an bord bainistíochta go hiomlán trí Ghaeilge. Is iomaí ball den bhord atá gníomhach in eagraíochtaí pobail agus teanga agus, bíonn an bord fíoraireach faoi cheist na teanga. (Iar-bhunscoil 5)*

***Tábla 6: Cinntí maidir le húsáid na Gaeilge ag boird bhainistíochta***

| Láidreachtaí |
|---|
| Tuairiscíodh go raibh<br>✓ Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó mar theanga oibre ag na boird bhainistíochta bhunscoile<br>✓ Gaeilge amháin mar theanga oibre ag cúig bhord as seacht mbord iar-bhunscoile agus bord amháin eile ag feidhmiú go dátheangach<br>✓ go leor ball de na boird bhainistíochta gníomhach in eagraíochtaí pobail agus Gaeilge, agus iad fíoraireach faoi cheist na teanga. |

## 2.6 Úsáid na Gaeilge i gcomhpháirtíocht leis an bpobal agus le tuismitheoirí

Tuairiscíodh go raibh tús áite ag an nGaeilge sa chumarsáid a rinne bunscoileanna le pobal na scoile. I mbeagnach gach scoil, bhí comhfhreagras dátheangach in úsáid chun freastal orthu siúd a bhí ar bheagán Gaeilge. I gcásanna áirithe, bhí gluais de théarmaí Gaeilge do na hábhair churaclaim á cur abhaile chuig tuismitheoirí. Tugadh le fios go raibh

cruinnithe chumann na dtuismitheoirí á reáchtáil go dátheangach i gcoitinne agus go mbeadh an chumarsáid idir an príomhoide agus ionadaithe chumann na dtuismitheoirí i nGaeilge go hiondúil.

Sna hiar-bhunscoileanna, dúradh i gcás ceithre scoil go raibh gach comhfhreagras le tuismitheoirí i nGaeilge amháin, le socruithe speisialta do thuismitheoirí ar bheagán Gaeilge. Sna hiar-bhunscoileanna eile, ba chosúil go raibh idir Ghaeilge agus Bhéarla i gceist sa chumarsáid le tuismitheoirí.

Thug iar-bhunscoil amháin le fios go raibh gach iarracht á déanamh chun baill an phobail a thabhairt isteach sa scoil chun labhairt leis na scoláirí faoi ghnéithe éagsúla de shaol na Gaeilge agus na Gaeltachta.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

*Leagann an bhainistíocht shinsearach béim ar chomhpháirtíocht ghníomhach le pobal na Gaeltachta agus is tosaíocht acu í cuireadh a thabhairt do chainteoirí chun a léiriú gurb iomaí buntáiste atá ann do dhaoine le Gaeilge, go háirithe mar a bhaineann le deiseanna fostaíochta agus ceannaireachta. (Iar-bhunscoil 1)*

In iar-bhunscoil amháin, tuairiscíodh go raibh club óige eagraithe ag cumann na dtuismitheoirí chun deiseanna bríocha a sholáthar do scoláirí an Ghaeilge a úsáid go sóisialta lasmuigh den scoil. Ní raibh cumann tuismitheoirí curtha le chéile i gcás dhá iar-***bhunscoil*** agus mhol na cigirí an cheist sin a chur ina cheart mar ábhar práinne. Moladh d'iar-bhunscoileanna áirithe nósanna imeachta cinnte a leagan amach i bpolasaithe scoile maidir le ról na dtuismitheoirí i dtaobh úsáid agus cur chun cinn na teanga. Moladh freisin i gcás roinnt iar-bhunscoileanna gur ghá níos mó eolais a chur ar fáil do thuismitheoirí maidir leis an Scéim ***Aitheantais*** agus an plean gníomhaíochta feabhsúchán scoile.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

*Moltar níos mó eolais a sholáthar do thuismitheoirí faoi chúlra na scoile, mar scoil Ghaeltachta, rannpháirtíocht na scoile sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta, agus buntáistí an dátheangachais go ginearálta. (Iar-bhunscoil 7)*

***Tábla 7: Cinntí maidir le h úsáid na Gaeilge i gcomhpháirtíocht leis an bpobal***

| Láidreachtaí | Gnéithe le forbairt |
|---|---|
| Tuairiscíodh go raibh<br>✓ tús áite ag an nGaeilge sa chumarsáid leis an bpobal scoile<br>✓ téarmaíocht na n-ábhar curaclaim á cur ar fáil do thuismitheoirí<br>✓ baill an phobail ag teacht isteach chun labhairt leis na scoláirí | Tuairiscíodh go raibh gá<br>○ le cumann tuismitheoirí a chur ar bun i ngach iar-bhunscoil<br>○ le nósanna imeachta a aontú maidir le ról na dtuismitheoirí i gcur chun cinn na teanga<br>○ le tuismitheoirí a chur ar an eolas faoin Scéim agus faoi chur i bhfeidhm an phlean ghníomhaíochta |

# 3 Ceannaireacht ar Fhoghlaim, ar Theagasc agus ar Fhorbairt na Scoile


## 3.1 Réamhrá

Sna bunscoileanna agus sna hiar-bhunscoileanna araon, rinne cigirí meastóireacht ar cháilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta faoi na réimsí seo a leanas:


- Fís na scoile i leith fheidhmiú an tumoideachais
- Ceannaireacht ar fhorbairt polasaí, ar ghníomhphleanáil agus ar fheidhmiú an phlean ghníomhaíochta scoile don oideachas trí Ghaeilge
- Polasaí agus cuir chuige na scoile maidir le hearcú, imlonnú agus forbairt ghairmiúil na múinteoirí i leith fheidhmiú an tumoideachais
- Bainistiú éifeachtach na dtacaíochtaí don Scéim.

Tuairiscíodh go raibh cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta i bhfeidhmiú an tumoideachais go maith nó an-mhaith sa chuid ba mhó de na scoileanna.

***Cairt 3: Ceannaireacht ar fhorbairt polasaí, ar ghníomhphleanáil agus ar fheidhmiú an tumoideachais sa bhunscoil***




***Cairt 4: Ceannaireacht ar fhorbairt polasaí, ar ghníomhphleanáil agus ar fheidhmiú an tumoideachais san iar-bhunscoil***




## 3.2 Fís na scoileanna i leith fheidhmiú an tumoideachais

Tuairiscíodh go raibh fís shoiléir i bhfianaise i ngach bunscoil agus iar-bhunscoil i leith fheidhmiú an tumoideachais. Tugadh ardmholadh do bhoird bhainistíochta agus do cheannairí ionscoile as fís chomhroinnte a leathnú agus a dhaingniú i leith an tumoideachais agus i leith fhorbairt na scoileanna mar scoileanna Gaeltachta. Bhí an fhís

sin á cur chun cinn sna scoileanna ag leibhéal an bhoird bainistíochta, na bainistíochta sinsearaí agus i measc na gceannairí eile sna scoileanna.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

> *Tá fís shoiléir ag an bpríomhoide don scoil agus oibríonn sé go dian dícheallach le pobal na scoile chun an fhís sin a bhaint amach. (Bunscoil 12)*

I dtromlach na scoileanna, dúradh go raibh úsáid na Gaeilge mar theanga chumarsáide ag leibhéal na scoile uile go maith nó an-mhaith. Aithníodh go raibh tiomantas na mball foirne do láidriú na Gaeilge mar chroíláidreacht d'fhorfheidhmiú rathúil an tumoideachais. Rinneadh tagairt freisin don chaoi a ndearna scoileanna iarracht dearcadh dearfach feadh saoil i leith na teanga a chothú i measc na ndaltaí.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

> *Is í fís na scoile ná go gcothófaí bród agus mórtas sna daltaí don Ghaeilge sa gcaoi is go labhróidh siad í ar feadh a saoil....Tá béim an-láidir ar oidhreacht shaibhir na Gaeilge a chaomhnú agus a bhuanú sa scoil. (Bunscoil 6)*

Tuairiscíodh go raibh roinnt gnéithe le forbairt, lena n-áirítear ceannaireacht ar fhorbairt na litearthachta agus ar fhorbairt an mheasúnaithe. Tuairiscíodh freisin go raibh gá le naisc níos fearr a chruthú leis an bpobal áitiúil i gcásanna áirithe maidir le fís na scoile, agus gá le haird an phobail a dhíriú ar bhuntáistí an oideachais Ghaeltachta, an tumoideachais agus an dátheangachais i gcoitinne.

***Tábla 8: Cinntí maidir le fís na scoile i leith fheidhmiú an tumoideachais***

| **Láidreachtaí** | **Gnéithe le forbairt** |
|---|---|
| Tuairiscíodh go raibh<br>✓ fís shoiléir i leith an tumoideachais agus i leith fhorbairt na scoileanna Gaeltachta<br>✓ fís chomhroinnte á leathnú agus á daingniú ag boird bhainistíochta agus ceannairí ionscoile<br>✓ tiomantas ag baill foirne do láidriú na Gaeilge<br>✓ dearcadh dearfach feadh saoil i leith na Gaeilge á chothú | Tuairiscíodh go raibh gá le<br>o cumarsáid níos fearr leis an bpobal áitiúil i gcásanna maidir le fís na scoile agus na Scéime<br>o fócas athnuaite i bhforbairt na litearthachta agus an mheasúnaithe trí phróiseas féinmheastóireachta scoile |

## 3.3 Ceannaireacht ar fhorbairt polasaí, ar ghníomhphleanáil agus ar fheidhmiú an phlean gníomhaíochta scoile don oideachas trí Ghaeilge

Tuairiscíodh go raibh plean gníomhaíochta don oideachas trí Ghaeilge ag gach bunscoil agus iar-bhunscoil a ndearna cás-staidéar inti. Tugadh le fios go raibh na pleananna sin á gcur i bhfeidhm go héifeachtach i mionlach suntasach de na scoileanna.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

*Bhí plean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile (PGFS) feiliúnach curtha le chéile ag an scoil. Bhí fianaise ann sna seomraí ranga agus ar fud na scoile go raibh an PGFS á chur i bhfeidhm ar bhealach córasach. (Bunscoil 1)*

Sna scoileanna ina raibh cleachtas an-éifeachtach aitheanta, tuairiscíodh go raibh na spriocanna feabhsúcháin sna pleananna oiriúnach do riachtanais teanga na ndaltaí. Dúradh freisin go raibh na spriocanna sin aontaithe ag an bpobal scoile trí chomhphlé oscailte faoi cheannaireacht an phríomhoide. Bhí na spriocanna á gcur i bhfeidhm go céimniúil agus bhí monatóireacht chúramach, rialta á déanamh orthu ar bhonn scoile uile. Sna scoileanna seo, bhí an fhreagracht ar bhaint amach na spriocanna ag leibhéal scoile uile leithdháilte ar bhaill den fhoireann bainistíochta ionscoile. I dtromlach na n-iar-bhunscoileanna, bhí coiste bunaithe chun tacú le cur i bhfeidhm na Scéime agus ba mhinic gur luaigh na cigirí an Scéim a bheith mar mhír sheasta ar chruinnithe foirne.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

*Bhí freagrachtaí spriocdhírithe ar úsáid na Gaeilge agus frámaí ama leagtha amach sa phlean gníomhaíochta agus monatóireacht chúramach déanta ar chur i bhfeidhm na ngíomhaíochtaí. Sholáthraigh na múinteoirí cuntais mhíosúla agus bhí fianaise iontu go raibh spriocanna teanga agus cuspóirí an churaclaim á gcomhlíonadh, chomh maith le taifead ar na cleachtais teagaisc a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas ar leibhéal scoile uile. (Bunscoil 9)*

I gcásanna ina raibh an cheannaireacht an-éifeachtach, tuairiscíodh go raibh na *Dréacht-Táscairí Dea-Chleachtais don Tumoideachas* (2018)[7] in úsáid go leanúnach chun tacú leis an bpróiseas féinmheastóireachta scoile agus go raibh éifeacht an phlean

[7] *Dréacht-Treoir do Bhunscoileanna/d'Iar-bhunscoileanna Gaeltachta: Táscairí Dea-Chleachtais don Tumoideachas (2018).* Foilsíodh leagan nuashonraithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais in 2020.

ghníomhaíochta á taifead go soiléir i gcuntais mhíosúla na múinteoirí agus i miontuairiscí cruinnithe foirne.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

*Bhain an fhoireann úsáid as na Dréacht-Táscairí Dea-Chleachtais don Tumoideachas 2018 mar bhealach chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn a mheas agus chun feabhsúcháin scoile a phleanáil. Ba léir ó mhiontuairiscí cruinnithe foirne go raibh comhphlé proifisiúnta ann mar gheall ar chur i bhfeidhm na dtáscairí ar bhonn scoile uile. (Bunscoil 9)*

Ba léir ó na tuairiscí go raibh iarrachtaí fónta á ndéanamh ag na scoileanna na critéir theangabhunaithe d'aitheantas mar scoil Ghaeltachta a chur i bhfeidhm. Aithníodh scóip chun forbartha, áfach, maidir le dearadh agus cur i bhfeidhm na bpleananna gníomhaíochta i dtromlach na mbunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna agus tugadh moltaí do na scoileanna maidir leis seo. Bhain formhór na moltaí ag an dá leibhéal le cleachtas na scoileanna maidir le beartú spriocanna agus meastóireacht ar dhul chun cinn. An moladh ba choitianta a rinneadh sna tuairiscí cás-staidéir ná spriocanna sainiúla, intomhaiste a leagan amach do na critéir theangabhunaithe agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna sin.

Tuairiscíodh sna cás-staidéir ar na hiar-bhunscoileanna gur lúb ar lár feiceálach í nach raibh próifíliú déanta ar inniúlachtaí na scoláirí sa teanga go luath ina gcuid iar-bhunscolaíochta. Dá bharr seo, ní raibh dóthain eolais ag na scoileanna faoi riachtanais teanga na scoláirí, rud a bheadh an-tábhachtach mar fhoinse thagartha do bheartú spriocanna agus do mhonatóireacht ar éifeacht na n-idirghabhálacha teagaisc, ar nós na huaireanta tacaíochta breise don Ghaeilge.

I dtrí cinn d'iar-bhunscoileanna, bhí eolas bonnlíne á bhailiú maidir le leibhéal inniúlachta Gaeilge na scoláirí. Ní raibh anailís chriticiúil déanta ar an eolas bonnlíne seo, áfach, ach i scoil amháin. Sa scoil seo, sonraíodh go raibh monatóireacht éifeachtach á déanamh ar dhul chun cinn na scoláirí, go háirithe na scoláirí a raibh tacaíocht sa bhreis á soláthar dóibh. I dtromlach na scoileanna ag an dá leibhéal, bhí gá le spriocanna feabhsúcháin teanga a leagan amach go soiléir do na daltaí/scoláirí ar fad sa scoil, monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar an dul chun cinn agus éachtaí na ndaltaí/scoláirí a aithint ar bhealaí éagsúla.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

*Cuireadh tástáil chaighdeánaithe Gaeilge ar scoláirí na chéad bhliana agus an dara bliain den chéad uair sa bhliain reatha. Ba cheart anailís chriticiúil a dhéanamh ar an eolas bonnlíne seo agus na torthaí sin, in éineacht le torthaí ó thástálacha*

*caighdeánaithe eile, a úsáid chun spriocanna teanga a leagan amach do gach scoláire, agus do ghrúpaí scoláirí. (Iar-bhunscoil 3)*

Aithníodh sna tuairiscí cás-staidéir ar bhunscoileanna freisin go raibh laigí áirithe sa chleachtas maidir le beartú spriocanna. Díríodh aird níos mó, áfach, sna tuairiscí ar na bunscoileanna, ar na bealaí gur féidir feabhsúcháin a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean ghníomhaíochta.

I dtuairiscí ar bhunscoileanna áirithe, dúradh go raibh gá le gníomhaíochtaí ábhartha a aithint ar bhonn scoile uile chun na spriocanna aontaithe a bhaint amach. Tuairiscíodh go raibh gá freisin le cleachtas comhaontaithe scoile uile chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo na spriocanna. Dúradh go raibh sé tábhachtach go mbeadh na spriocanna agus an plean gníomhaíochta á sonrú i bpleanáil agus i dtaifid an mhúinteora aonair. Tuairiscíodh go raibh gá le straitéisí measúnaithe cuí a aontú agus a úsáid chun monatóireacht rialta a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht an phlean ghníomhaíochta. I dtromlach na dtuairiscí, mhol na cigirí gur chóir don scoil tuairisc achomair ar dhul chun cinn an phlean ghníomhaíochta a chomhroinnt go tráthrialta le pobal na scoile.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

*Cé go bhfuil plean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile i bhfeidhm sa scoil, is gá athbhreithniú agus plé níos rialta a dhéanamh air. Ní mór mionphlé a dhéanamh leis na múinteoirí ar spriocanna an phlean agus cuir chuige a aontú agus a chur i bhfeidhm go córasach chun na spriocanna seo a bhaint amach. Ba chóir an plean scoile don Ghaeilge a fhorbairt chun na hionchais foghlama do labhairt, léamh agus scríobh na teanga a shoiléiriú ag gach rang leibhéil. Chuige seo, moltar athbhreithniú a dhéanamh ar dhualgais na foirne ceannaireachta ionscoile, agus freagrachtaí a thabhairt do na baill chun comhordú scoile uile a dhéanamh ar chur i bhfeidhm chritéir teanga na Scéime. (Bunscoil 12)*

***Tábla 9: Cinntí maidir le ceannaireacht ar fhorbairt agus cur i bhfeidhm an phlean ghníomhaíochta scoile***

| Láidreachtaí | Gnéithe le forbairt |
|---|---|
| Tuairiscíodh go raibh<br>✓ plean gníomhaíochta ag gach scoil<br>✓ na pleananna á gcur i bhfeidhm go héifeachtach i mionlach suntasach de na scoileanna | Tuairiscíodh go raibh gá<br>o le spriocanna sainiúla, intomhaiste a leagan amach sa phlean gníomhaíochta<br>o le heolas bonnlíne a bhailiú ar inniúlacht teanga na scoláirí ag tús na hiar-bhunscolaíochta |


- ✓ spriocanna soiléire, intomhaiste aitheanta agus aontaithe, nuair a bhí cleachtas an-éifeachtach i gceist
- ✓ idirghabhálacha cuí á gcur i bhfeidhm
- ✓ monatóireacht agus measúnú á dhéanamh ar dhul chun cinn na ndaltaí
- ✓ an cheannaireacht leithdháilte go héifeachtach

- o le húsáid níos éifeachtaí a bhaint as sonraí measúnaithe do bheartú spriocanna
- o le monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht na n-idirghabhálacha teagaisc
- o le héachtaí a aithint agus a cheiliúradh
- o le níos mó airde a dhíriú ar chur i bhfeidhm an phlean ghníomhaíochta


## 3.4 Polasaí agus cuir chuige na scoile maidir le hearcú, imlonnú agus forbairt ghairmiúil na múinteoirí i leith fheidhmiú an tumoideachais

Tugadh le fios sna tuairiscí cás-staidéir go raibh polasaithe éifeachtacha á gcur i bhfeidhm ag scoileanna Gaeltachta i gcoitinne maidir le hearcú, imlonnú agus forbairt ghairmiúil na múinteoirí i leith fheidhmiú an tumoideachais. Tuairiscíodh go raibh bainistiú na n-acmhainní daonna agus ábhar go maith nó an-mhaith i mbeagnach gach bunscoil agus sa chuid ba mhó de na hiar-bhunscoileanna.

***Cairt 5: Bainistiú na n-acmhainní daonna agus ábhar don tumoideachas sa bhunscoil***




***Cairt 6: Bainistiú na n-acmhainní daonna agus ábhar don tumoideachas san iar-bhunscoil***




Tugann an sliocht thíos ó cheann de na tuairiscí léargas ar an obair a bhí ar siúl ag scoileanna sa réimse seo.

**_Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta_**

*Tá polasaí láidir ag an mbord maidir le baill foirne agus oiliúnóirí seachtracha, le cumas an-mhaith Gaeilge, a earcú. Ina theannta sin, ní ghlactar ach le hábhair oidí a bhfuil Gaeilge líofa acu do shocrúcháin mhúinteoireachta. Tugann an bord lán tacaíocht don phríomhoide agus do na hoidí maidir le cur i bhfeidhm an tumoideachais. Tacaíonn sé leo freastal ar chúrsaí forbartha gairmiúla leanúnach a bhaineann leis an tumoideachas. (Bunscoil 8)*

Sna tuairiscí ar iar-bhunscoileanna, dúradh gur fearr anois, mar thoradh ar rannpháirtíocht sa Scéim, a thuig baill foirne an fiúntas a bhain le gníomhú go córasach agus go comhoibritheach, chun nósmhaireachtaí teanga phobal na scoile a fheabhsú. Dá ainneoin na n-iarrachtaí seo, aibhsíodh sna tuairiscí na deacrachtaí a bhain le múinteoirí leis na cáilíochtaí agus cumas teanga cuí a fhostú, do róil pháirtaimseartha ach go háirithe, fadhb atá coitianta go maith i scoileanna Gaeltachta ag an mbunleibhéal agus an iar-bhunleibhéal.

Sna cuntais féinmhachnaimh a thug bainistíocht scoile ag an mbunleibhéal agus an iar-bhunleibhéal araon, aithníodh go mbíonn ardchumas sa Ghaeilge ag teastáil ó mhúinteoirí chun freastal cuí a dhéanamh ar chainteoirí dúchais, ar na hábhair uilig i g*Curaclam na Bunscoile*, agus ar ábhair iar-bhunscoile a mbíonn saintéarmaíocht ag baint leo. Thug na múinteoirí le fios, sna cuntais seo, go raibh sé an-deacair ar scoileanna Gaeltachta, múinteoirí a raibh an cumas cuí acu sa Ghaeilge a earcú.

**_Sleachta ó fhéinmhachnamh na scoileanna ar chur i bhfeidhm na Scéime_**

*Chomh fada agus is féidir leis an mbord bainistíochta, fostaítear múinteoirí le caighdeán ard Gaeilge ach sáraítear air sin uaireanta. Chomh maith leis sin, is bac iad na painéil d'fhostaíocht oidí ar scoileanna Gaeltachta. Bíonn iallach ar na scoileanna múinteoirí a ghlacadh ar an bhfoireann teagaisc, is cuma cén caighdeán Gaeilge a bhíonn acu. (Bunscoil 5)*

*Duine oiriúnach a fhostú mar oide teanga – sin dúshlán leanúnach i nGaeltacht bheag. Maidir le caighdeán Gaeilge na múinteoirí, bíonn gá le cabhair a thabhairt dóibh feabhas a chur ar a gcuid Gaoluinne, cúrsaí a mholadh, dea-shampla a thabhairt agus botúin choitianta a phlé. (Bunscoil 12)*

*Tá an t-ádh orainn sa scoil seo go bhfuil ag éirí linn go dtí seo, céatadán ard múinteoirí le Gaeilge ó dhúchas a earcú. Cuireann seo go mór le sainspiorad na scoile*

*agus le caomhnú an tsaibhris teanga i gcomhthéacs foghlama agus oideachas na Gaeltachta. (Iar-bhunscoil 1)*

Rinneadh tagairt don cheist seo freisin i dtuairiscí meastóireachta na gcigirí.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

*Déanann an bord bainistíochta sáriarracht daoine le hardchumas Gaeilge a fhostú, ach in ainneoin a chuid iarrachtaí, bíonn sé deacair daoine leis na cáilíochtaí agus an inniúlacht teanga oiriúnach sa Ghaeilge a fháil do na poist. (Bunscoil 12)*

De bharr an dúshláin maidir le soláthar múinteoirí, tugann bainistíocht scoile aird ar leith ar imlonnú múinteoirí agus ar fhorbairt ghairmiúil. Bhí socruithe éagsúla ionscoile ag go leor scoileanna Gaeltachta, iar-bhunscoileanna go háirithe, chun dul i ngleic leis an dúshlán seo. Tuairiscíodh gur ábhar dóchais é go raibh an Mháistreacht san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ar siúl i gColáiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh. I mbunscoil amháin, bhí an cúrsa iarchéime sin idir lámha ag beirt mhúinteoirí. Tugadh aitheantas sna tuairiscí freisin do na deiseanna d'fhorbairt ghairmiúil a bhí curtha ar fáil ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

***Sleachta ó thuairiscí meastóireachta na Cigireachta***

*Tá sé le moladh go bhfuil beirt mhúinteoirí tosaithe ar an gclár Máistreachta san Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta i gColáiste Mhuire Gan Smál i mbliana. Cabhróidh saineolas na múinteoirí seo go mór le cur i bhfeidhm na Scéime amach anseo. (Bunscoil 12)*

*Deirtear go bhfuil dearcadh dearfach anois i measc na foirne agus gur chabhraigh an cúrsa forbairt gairmiúil leanúnach scoile uile, curtha ar fáil ag COGG, go mór le tuiscint na foirne ar an Scéim a shoiléiriú. (Iar-bhunscoil 4)*

Aithníodh gur ghá do scoileanna, i gcásanna áirithe, páirt a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil maidir le hoideachas speisialta. I dtuairiscí ar iar-bhunscoileanna, dúradh go raibh forbairt ghairmiúil leanúnach á déanamh ag múinteoirí aonair ach gur chóir go mbeadh sé mar chuid lárnach de chleachtas comhchoiteann agus comhoibríoch na múinteoirí. Moladh freisin go gcuirfí oiliúint foirne ar fáil ar fhoghlaim chomhtháite ábhar agus teangacha (FCÁT) i gcomhthéacs an tumoideachais.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

*I gcomhairle leis an bhfoireann teagaisc, moltar clár FGL i leith fheidhmiú an tumoideachais a dhréachtú. Is gá oiliúint i modhanna múinte a nascann múineadh teanga agus múineadh ábhair a chur san áireamh mar chuid de chlár FGL na foirne. (Iar-bhunscoil 3)*

Ardaíodh in ábhar féinmhachnaimh na scoileanna freisin ceisteanna a bhain le forbairt ghairmiúil. Rinneadh tagairt do riachtanais i dtaobh inniúlacht teanga agus na hoideolaíochta araon, mar a fheictear sna sleachta seo a leanas.

***Sleachta ó fhéinmhachnamh na scoileanna ar chur i bhfeidhm na Scéime***

*Tá béim á cur ar chanúint Gaeilge Chois Fharraige i measc na foirne ó thaobh saintréithe, foghraíochta agus foclóra de agus tá feasacht na foirne ina leith seo á ardú trí aoi-chainteoirí. (Bunscoil 1)*

*Tá ardchaighdeán Gaeilge i measc na foirne trí chéile agus tá dul chun cinn iontach déanta ag roinnt den fhoireann a thosaigh ar bheagán Gaeilge roinnt blianta ó shin ach atá anois an-chumasach sa teanga. (Iarbhunscoil 7)*

*Dúshlán eile is ea an easpa oiliúna a bhraitheann na múinteoirí a bheith ann ó thaobh litearthacht an Bhéarla a mhúineadh i rang a haon anois toisc go bhfuil an tumoideachas i bhfeidhm sna naíonáin. Tá comhthéacs scoileanna sna Gaeltachtaí difriúil agus ba mhór an chabhair í dá mbeadh cúrsa d'fhorbairt ghairmiúil ar fáil arís do mhúinteoirí na scoileanna Gaeltachta chun tabhairt faoin litearthacht. (Bunscoil 7)*

*Tá an chéad rang a fuair luath-thumoideachas sa scoil i rang a haon anois. Níor cuireadh oiliúint ar fáil d'fhoireann na scoile maidir le conas tabhairt faoi mhúineadh an Bhéarla i rang a haon go háirithe ó thaobh aistriú scileanna agus measúnú de. Tá gá le hoiliúint don scoil air seo go luath. (Bunscoil 4)*

***Tábla 10: Cinntí maidir le hearcú agus imlonnú múinteoirí, agus ar fhorbairt ghairmiúil***

| Láidreachtaí | Gnéithe le forbairt |
|---|---|
| Tuairiscíodh go raibh<br>✓ boird bhainistíochta airdeallach faoi earcú múinteoirí le cumas cuí sa Ghaeilge<br>✓ múinteoirí ag glacadh páirt sa chlár don Mháistreacht san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta<br>✓ FGL de chuid COGG ag cur le tuiscint agus tiomantas i leith na Scéime | Tuairiscíodh go raibh gá<br>○ le leanúint d'iarrachtaí chun ceisteanna soláthar múinteoirí a réiteach<br>○ le múinteoirí a spreagadh agus a thacú chun tabhairt faoi chúrsaí san oideachas speisialta<br>○ le foirne a chumasú a thuilleadh i leith na féinmheastóireachta scoile<br>○ le múinteoirí a chumasú i leith na foghlama comhtháite ábhar agus teangacha (FCÁT) i gcomhthéacs an tumoideachais |

## 3.5 Bainistiú na dtacaíochtaí don Scéim

Tugadh le fios sna tuairiscí cás-staidéir go raibh bainistiú na dtacaíochtaí don Scéim, idir mhaoiniú agus acmhainní daonna, go maith nó an-mhaith i mbeagnach gach bunscoil. Tuairiscíodh gur úsáideadh an maoiniú a bhí le fáil ón Roinn Oideachais chun acmhainní oiriúnacha Gaeilge a chur ar fáil, lena n-áiríodh leabhair Ghaeilge, cairteacha oideachasúla, ábhair mhatamaitice agus áiseanna teagaisc do na hábhair eile. Ag an dá leibhéal, bhain tromlach na moltaí sna tuairiscí le bainistiú na n-acmhainní daonna don soláthar tacaíochta don Ghaeilge.

Mar chuid de na tacaíochtaí a tugadh do scoileanna sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta, tá méid áirithe uaireanta tacaíochta breise don Ghaeilge dlite do gach scoil, le líon na n-uaireanta ag brath ar rollachán na scoile. Sa *Nóta Treorach* do scoileanna a foilsíodh in 2018 agus in Imlitreacha 0012/2021 (bunscoileanna) agus 0013/2021 (iar-bhunscoileanna), leagadh amach bealaí gur féidir na huaireanta breise a úsáid. Ní mór na huaireanta tacaíochta a úsáid chun tacú leis na scoláirí a bhfuil riachtanais teanga ar leith acu sa Ghaeilge, ón scoláire is lú inniúlachta sa Ghaeilge go dtí an cainteoir dúchais is cumasaí ó thaobh na Gaeilge de.

Sna tuairiscí cás-staidéir ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna araon, tuairiscíodh faoi roinnt cleachtas a bhí go maith agus tugadh moltaí chun feabhais i leith cleachtas eile. I measc na ndea-chleachtas, luadh réiteach scoláirí do chomórtais teanga agus chultúrtha.

***Sleachta ó thuairiscí meastóireachta na Cigireachta***

*Tá obair fhónta ar siúl maidir le scoláirí áirithe a réiteach do chomórtais teanga agus chultúrtha atá ag teacht go hiomlán le haidhmeanna na Scéime. (Iar-bhunscoil 1)*

*Tugadh suntas ar leith don chlár foghlama atá forbartha do na ranganna tacaíochta Gaeilge a bhaineann nuálaíocht agus cruthaitheacht leo. Dírítear sna ranganna ar eispéireas a sholáthar do na scoláirí ar thraidisiún agus ar oidhreacht na Gaeltachta. (Iar-bhunscoil 2)*

Tugadh le fios go raibh tacaíocht bhreise don Ghaeilge á soláthar do dhaltaí bunscoile trí idirghabhálacha ionranga i gcásanna agus trí sholáthar tacaíochta taobh amuigh den seomra ranga i gcásanna eile. Bhí tacaíocht á soláthar do chainteoirí dúchais agus do dhaltaí ar bheagán Gaeilge araon. Sa tacaíocht do chainteoirí dúchais, bhí béim á leagan ar shaibhriú teanga. San obair leis na daltaí a bhí ar bheagán Gaeilge, bhí aird á díriú ar chothú líofachta agus cruinnis, agus ar éascú na foghlama trí Ghaeilge sna hábhair eile.

Sna bunscoileanna, b’éifeachtach go háirithe a bhí úsáid na n-uaireanta breise i gcur i bhfeidhm na gclár luath-idirghabhála tumoideachais agus na luathlitearthachta. Tuairiscíodh gur úsáideadh na huaireanta breise i mbunscoil amháin chun forbairt a dhéanamh ar scileanna scríbhneoireachta na ndaltaí, á treorú ag spriocanna feabhsúcháin a bhí aitheanta tríd an bpróiseas féinmheastóireachta scoile (FMS). Tuairiscíodh i gcúpla cás go raibh comhoibriú an-éifeachtach idir na múinteoirí príomhshrutha agus na múinteoirí tacaíochta don Ghaeilge.

Ba ghá an tacaíocht bhreise don Ghaeilge a fheabhsú i gcásanna áirithe sna bunscoileanna. Dúradh go raibh gá le húsáid níos fearr a bhaint as raon de shonraí measúnaithe chun riachtanais teanga na ndaltaí a aithint, plean teanga spriocdhírithe a aontú agus fianaise ar dhul chun cinn a bhailiú agus a athbhreithniú. I gcásanna áirithe, moladh do scoileanna na huaireanta breise a úsáid chun téarmaíocht a bhí sainiúil d’ábhair eile a mhúineadh agus a chleachtadh, ar mhaithe le teanga chognaíoch na ndaltaí a chur chun cinn agus an fhoghlaim a éascú dóibh.

Rinneadh moltaí maidir le húsáid na n-uaireanta breise sna hiar-bhunscoileanna freisin. Bhain go leor de na moltaí le tráthchlárú na n-uaireanta ar bhealach níos spriocdhírithe.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

*Tá beagnach leath de na huaireanta tacaíochta don Ghaeilge in úsáid le haghaidh obair chomhchuraclaim agus traschuraclaim. Ba cheart anois go mbeadh tromlach na n-uaireanta seo in úsáid le haghaidh ranganna teagaisc tráthchláraithe le cinntiú go bhfuil scoláirí le riachtanais sa Ghaeilge aitheanta ag fáil na tacaíochta atá ag dul dóibh mar chainteoirí dúchais agus mar fhoghlaimeoirí. (Iar-bhunscoil 1)*

I gcásanna, luaigh na cigirí an tábhacht a bhain le tacú leis na cainteoirí dúchais a gcuid scileanna teanga a fheabhsú agus a fhorbairt de réir chanúint na háite.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

> *…ní miste machnamh a dhéanamh ar shlite chun tacú leis na scoláirí is airde cumais sa Ghaeilge ionas go mbeidh siad lán-ábalta an Ghaeilge chruinn chanúnach atá sealbhaithe acu a úsáid le húsáideoirí eile ina bpobal teanga féin san am i láthair agus sa todhchaí (Iar-bhunscoil 7)*

Luadh an cheist seo freisin in ábhar féinmhachnaimh na scoileanna, mar a fheictear sa sliocht thíos.

***Sleachta ó fhéinmhachnamh na scoileanna ar chur i bhfeidhm na Scéime***

> *Ceann de na dúshláin is mó atá le sárú ná leanúint leis an bhforbairt teanga chuí do na cainteoirí dúchais suas tríd na ranganna. (Bunscoil 3)*

***Tábla 11: Cinntí maidir le bainistiú na dtacaíochtaí***

| Láidreachtaí | Gnéithe le forbairt |
|---|---|
| Tuairiscíodh go raibh<br>✓ úsáid mhaith á baint as maoiniú<br>✓ úsáid na n-uaireanta tacaíochta don Ghaeilge ag teacht le treoir na Roinne Oideachais i gcoitinne<br>✓ scoláirí á réiteach do chomórtais teanga agus chultúrtha | Tuairiscíodh go raibh gá<br>○ lena chinntiú go mbíonn tráthchlárú na n-uaireanta dírithe ar na spriocfhoghlaimeoirí<br>○ le níos mó tacaíochta dírithe do na foghlaimeoirí is airde cumais sa Ghaeilge<br>○ le húsáid níos éifeachtaí a bhaint as sonraí measúnaithe<br>○ le húsáid na n-uaireanta breise chun forbairt a dhéanamh ar theanga acadúil na bhfoghlaimeoirí |

# 4 Comhpháirtíocht le Pobal na Scoile agus Páirtithe Eile i bhFeidhmiú na Scéime

## 4.1 Réamhrá

Le linn na meastóireachtaí cás-staidéir, fiosraíodh cáilíocht na nasc a bhí á gcruthú ag na bunscoileanna agus na hiar-bhunscoileanna lena bpobail áitiúla. Rinneadh an cheist seo a iniúchadh trí na réimsí seo a leanas.

- Éifeacht na comhpháirtíochta idir pobal na scoile agus an pobal áitiúil
- Éifeacht agus tairbhe na nasc a cruthaíodh le suíomhanna eile oideachais a fheidhmíonn trí Ghaeilge
- Éifeacht na hidirghníomhaíochta le heagraíochtaí Gaeilge/cultúrtha áitiúla agus náisiúnta.

## 4.2 Tionchar na comhpháirtíochta idir pobal na scoile agus an pobal áitiúil

### 4.2.1 Comhpháirtíocht le tuismitheoirí/caomhnóirí agus an pobal scoile

Sna grúpaí fócais leis an FTO, ba léir gur thuig múinteoirí agus tuismitheoirí araon go mbeadh ar theaghlaigh, ar phobail scoile agus ar an bpobal níos leithne obair i gcomhar lena chéile dá mbeadh an Ghaeilge chun teacht slán sna Gaeltachtaí. Aibhsíodh go raibh gá le hionchais chomhroinnte ag scoileanna agus an pobal níos leithne maidir le hiompar teanga. Dúirt roinnt tuismitheoirí nach raibh siad cinnte gur féidir leis an Scéim Aitheantais, nó le haon idirghabháil scoilbhunaithe, iompar teanga an phobail a athrú. Thuairiscigh roinnt tuismitheoirí go raibh an Ghaeilge mar theanga bheo an phobail 'imithe ar fad' ina gceantair Ghaeltachta féin. Dúirt tuismitheoirí eile, áfach, go raibh na pobail Ghaeltachta á misniú de thoradh ar rannpháirtíocht scoileanna sa Scéim agus go raibh sé níos soiléire anois cad a bhí le déanamh chun an Ghaeilge a chur chun cinn.

Thuairiscigh múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile sna grúpaí fócais go raibh níos mó teagmhála agus comhoibrithe idir múinteoirí agus tuismitheoirí ó thosaigh an Scéim agus go raibh obair na scoileanna ag spreagadh na dtuismitheoirí tréaniarrachtaí a dhéanamh chun an teanga a úsáid agus a fhoghlaim. Dúradh go raibh sé níos soiléire do chách anois go raibh an scoil, an teaghlach agus an pobal níos leithne ag obair i dtreo comhsprice.

**_Sleachta ó thuairiscí taighde an FTO_**

*Ní foláir eolas faoin Scéim agus faoi imeachtaí Gaeilge agus cultúrtha sa cheantar a scaipeadh i measc na dtuismitheoirí ar bhonn rialta agus comhairle a chur ar fáil dóibh siúd atá ag iarraidh an Ghaeilge a úsáid sa bhaile. (Bunscoil 1)*

*Cé gur thuig na tuismitheoirí luach an tumoideachais, d'fhéadfaí níos mó eolais a chur ar fáil do thuismitheoirí maidir leis na critéir theanga ar leith a bhaineann leis an Scéim. (Bunscoil 9)*

*Cé gur thuig na tuismitheoirí gur maith an rud é go mbeadh deis ag scoláirí, atá ina nGaeilgeóirí ó dhúchas, tacaíocht sa bhreis a fháil ón MTG [múinteoir tacaíochta don Ghaeilge], níor thuig siad go raibh an tacaíocht seo ar fáil sa scoil. (Iar-bhunscoil 5)*

*Dúradh go bhféadfaí níos mó comhairle a chur ar theaghlaigh ina bhfuil Gaeilge ag tuismitheoir amháin maidir leis an gcaoi is fearr chun an Ghaeilge a chur chun cinn. (Iar-bhunscoil 6)*

Ina gcuid cuntas féinmhachnaimh, thuairiscigh an bhainistíocht scoile ag an mbunleibhéal agus an iar-bhunleibhéal araon go raibh sé dúshlánach na daltaí/scoláirí agus a dtuismitheorí a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid mar theanga shóisialta sa teaghlach agus sa phobal. Bhí sé de thuairim ag na múinteoirí gur ghá feasacht phobal na scoile agus an cheantair ar an oideachas trí Ghaeilge a fhorbairt agus a leathnú. Dóibh siúd nach raibh mórán eolais acu ar an tumoideachas, dúradh gur ghá buntáistí agus tairbhí an chur chuige nua a chur ina luí orthu, agus an ról ríthábhachtach atá acu féin sa phróiseas a mhíniú dóibh. D'aithin na múinteoirí gur dúshlán leanúnach é an Ghaeilge i measc an phobail a neartú agus a stádas a threisiú. Tá an dearcadh seo le feiceáil sna sleachta seo a leanas ó fhéinmhachnamh scoil amháin, ina dhéantar tagairt freisin do thionchar dhúnadh na scoile de bharr COVID-19.


**_Sleachta ó fhéinmhachnamh scoil amháin ar chur i bhfeidhm na Scéime_**

*An dúshlán is mó atá ag an bhfoireann mar scoil Ghaeltachta ná cur ina luí ar chuid de thuismitheoirí na scoile gur teanga bheo í an Ghaeilge agus go dteastaíonn tacaíocht ón mbaile freisin. Ní chóir go stopfadh a húsáid nuair a chríochnaíonn an lá scoile. (Bunscoil 6)*


> *Ós rud é go bhfuil sé mhí caite ó labhair cuid de dhaltaí na scoile Gaeilge le chéile, an dúshlán is mó atá ag an scoil i láthair na huaire ná na daltaí a spreagadh le Gaeilge a labhairt lena chéile agus iad amuigh ag spraoi. (Bunscoil 6)*

I dtuairiscí cás-staidéir na Cigireachta, tuairiscíodh go raibh comhpháirtíocht le pobal na scoile agus leis an bpobal áitiúil go maith nó an-mhaith i mbeagnach gach bunscoil agus sa chuid ba mhó de na hiar-bhunscoileanna.

***Cairt 7: Comhpháirtíocht le pobal na scoile agus leis an bpleanáil teanga áitiúil sna bunscoileanna***




***Cairt 8: Comhpháirtíocht le pobal na scoile agus leis an bpleanáil teanga áitiúil sna hiar-bhunscoileanna***




I ngach tuairisc chás-staidéir ar bhunscoil, tuairiscíodh go raibh teagmháil rialta agus cumarsáid mhaith idir an scoil agus tuismitheoirí/caomhnóirí na ndaltaí. Sna bunscoileanna inar aithníodh cleachtas an-mhaith, bhí ionchur ag tuismitheoirí i ndearadh agus i gcur i bhfeidhm na bpleananna gníomhaíochta feabhsúcháin scoile faoin Scéim. Eagraíodh cruinnithe le tuismitheoirí chun cleachtas an tumoideachais a mhíniú dóibh, an clár luath-thumtha ach go háirithe, agus cuireadh áiseanna éagsúla ar fáil d'fhonn cabhrú leo tacú le foghlaim a bpáistí trí Ghaeilge sa bhaile.

***Sleachta ó thuairiscí meastóireachta na Cigireachta***

> *Thug an scoil deiseanna do na páirtithe leasmhara ionchur a bheith acu sa phlean gníomhaíochta don tumoideachas sa scoil agus bhí cruinniú leis na tuismitheoirí ag tús na scoilbhliana chun an clár luath-thumtha agus na cleachtais tumoideachais a mhíniú go sonrach dóibh. Bhí rannpháirtíocht na dtuismitheoirí sa bhFéinmheastóireacht Scoile go maith agus soláthraíodh tuairisc dóibh ag deireadh na scoilbhliana. (Bunscoil 9)*

> *Tá scéim thacaíochta, Teanga Tí, ar siúl sa phobal, a bhfuil sé mar aidhm aige tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do theaghlaigh an Ghaeilge a úsáid sa bhaile. (Bunscoil 6)*

Tuairiscíodh go han-dearfach ag leibhéal na hiar-bhunscoile faoin gcumarsáid le tuismitheoirí agus leis an bpobal áitiúil. In iar-bhunscoileanna ina raibh an chomhpháirtíocht le pobal na scoile go maith nó an-mhaith, luadh an láidreacht a bhain le rannpháirtíocht ghníomhach na foirne i ngníomhaíochtaí Gaeilge agus in eagraíochtaí áitiúla. Measadh gur thug an rannpháirtíocht seo dea-shampla don phobal agus do na scoláirí ó thaobh meas a léiriú don Ghaeilge agus úsáid na teanga a chur chun cinn mar theanga phobail.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

> *Tá cuid mhaith den fhoireann scoile ina gceannairí pobail ó thaobh na teanga de ina gceantar féin. Tá baint acu le coistí teanga, coistí pobail, le ceardlanna amharclanna atá lárnach i saol na Gaeilge agus na Gaeltachta, le cúrsaí ceoil agus cultúrtha agus cúrsaí spóirt. Tugann formhór na foirne dea-shampla don phobal agus do na scoláirí maidir le meas ar an teanga agus a húsáid mar theanga an phobail.*
> *(Iar-bhunscoil 6)*

In iar-bhunscoil eile ina raibh leibhéal na comhpháirtíochta go maith, rinneadh tagairt do naisc fhad-bhunaithe le cumainn pheile áitiúla agus don choláiste Gaeilge a bhí lonnaithe san fhoirgneamh i gcaitheamh an tsamhraidh. Tuairiscíodh chomh maith go raibh ócáidí sóisialta á n-eagrú sa scoil agus tacaíocht á tabhairt d'aon ócáid phobail, teanga nó chultúrtha a bhí ar siúl. Tuairiscíodh go raibh an-éileamh ar ranganna Gaeilge a reáchtáladh do thuismitheoirí agus don phobal i gcás dhá iar-bhunscoil agus luadh é seo freisin i gcás bunscoile amháin. Ba chúis áthais agus dóchais é do phobal na scoileanna sin go raibh an oiread sin tuismitheoirí agus daoine eile ón bpobal ag freastal ar ranganna Gaeilge ag leibhéil éagsúla.

Dúradh go raibh scóip chun feabhais i scoileanna áirithe ag an dá leibhéal maidir le coiste tuismitheoirí a bhunú. Mionlach de scoileanna a bhí i gceist anseo, dhá scoil ag an mbunleibhéal agus scoil amháin ag an iar-bhunleibhéal.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

*Mar chuid den phleanáil ghníomhaíochta, moltar nasc le tuismitheoirí a fhorbairt a thuilleadh chun a ról sa scoil a láidriú agus a dtacaíocht don Scéim a dhaingniú. Mar chuid lárnach de sin, is gá tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí chun coiste na dtuismitheoirí a bhunú. (Bunscoil 4)*

Rinneadh moltaí ag an dá leibhéal maidir le tuismitheoirí a choinneáil ar an eolas faoin tumoideachas, faoin Scéim, faoin bplean gníomhaíochta feabhsúchán scoile agus faoi dhul chun cinn na scoile i mbaint amach na gcritéar teangabhunaithe. I gcás iar-bhunscoil amháin, moladh nósanna imeachta cinnte a leagan amach i bpolasaithe scoile i dtaobh ról na dtuismitheoirí maidir le húsáid agus cur chun cinn na teanga.

***Sleachta ó thuairiscí meastóireachta na Cigireachta***

*B'fhiú….polasaí Gaeilge scoile uile a réiteach ar mhaithe le comhthuiscint a fhorbairt, idir na baill uile de phobal na scoile, ar a róil agus freagrachtaí maidir le feidhmiú an pholasaí. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na critéir theangabhunaithe le linn an phróisis seo. (Iar-bhunscoil 5)*

*Moltar níos mó eolais a sholáthar do thuismitheoirí faoi chúlra na scoile, mar scoil Ghaeltachta, rannpháirtíocht na scoile sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta, agus buntáistí an dátheangachais go ginearálta. (Bunscoil 7)*

*Ba chóir tuairisc a roinnt le tuismitheoirí na scoile mar gheall ar a bhfuil bainte amach ó thaobh an tumoideachais de agus an feabhsúchán breise atá pleanáilte. (Bunscoil 8)*

In iar-bhunscoil eile ina raibh an chomhpháirtíocht ag leibhéal sásúil, bhí iarrachtaí maithe á ndéanamh chun tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi cheachtanna nua a bhí á reáchtáil trí Ghaeilge agus chun iad a spreagadh chun a bpáistí a chlárú iontu. Luadh, áfach, an gá leis an obair a bhí ar bun ag an scoil faoin Scéim a phoibliú tuilleadh.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

*Tá obair fós le déanamh maidir le feachtas poiblíochta níos leithne don phobal i gcoitinne chun iad a chur ar an eolas faoina bhfuil á dhéanamh ó thaobh stádas na*

*Gaeilge sa scoil a neartú, ó thaobh soláthar breise ceachtanna trí mheán na Gaeilge agus ó thaobh buntáistí an dátheangachais agus an tumoideachais a phoibliú. (Iar-bhunscoil 4)*

### 4.2.2 Comhpháirtíocht leis an gcoiste/oifigeach pleanála teanga áitiúil

Le linn na ngrúpaí fócais a thionóil an FTO, thagair roinnt múinteoirí agus tuismitheoirí don tábhacht a bhain leis an bplean teanga áitiúil agus le ról an oifigigh phleanála teanga. Bhí siad den tuairim go raibh féidearthachtaí ar leith ag baint leis an ról seo maidir le naisc a chothú idir comhthéacs na scoile agus comhthéacsanna teanga eile sa phobal. Sna cuntais féinmhachnaimh ó bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, tuairiscíodh go raibh ceangail níos dlúithe á bhforbairt ag an scoil leis an gcoiste pleanála teanga. Dúradh gur spreag na ceangail seo na daoine óga chun páirt a ghlacadh in imeachtaí seach-churaclaim ar bhonn áitiúil agus náisiúnta, agus an Ghaeilge á úsáid mar theanga bheo acu.

Sna tuairiscí cás-staidéir, dúradh go raibh naisc fhiúntacha cothaithe idir formhór na mbunscoileanna agus na coistí pleanála teanga áitiúla, cé nach raibh oifigeach pleanála teanga ceaptha i ngach ceantar ag am an staidéir. I roinnt bunscoileanna, bhí baill foirne na scoile ina mbaill freisin den choiste pleanála teanga sa cheantar, agus tuairiscíodh gur thacaigh sé seo le comhpháirtíocht idir an scoil agus an pobal.

I mbunscoileanna áirithe, ba léir go raibh an-tacaíocht ar fáil ag an scoil ón gcoiste pleanála teanga.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

*Tuairiscíodh go dtugann an t-oifigeach pleanála teanga go leor tacaíochta don scoil agus go n-eagraítear imeachtaí trí mheán na Gaeilge, mar shampla, ceardlann puipéad, damhsa ar an sean-nós, gníomhaíochtaí i gColáiste Gaeilge áitiúil leis na scoileanna eile atá sa Scéim chun deiseanna a thabhairt do scoláirí an Ghaeilge a úsáid i suíomh eile taobh amuigh den scoil. (Bunscoil 5)*

Sna hiar-bhunscoileanna ina raibh comhpháirtíocht an-mhaith leis na hoifigigh pleanála teanga, bhí na naisc seo tairbhiúil do na scoláirí agus don phobal araon agus tuairiscíodh go dearfach faoi seo.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

*Tagann an t-oifigeach pleanála teanga chuig an scoil trí huaire sa bhliain le haghaidh cruinnithe agus pléitear cúrsaí pleanála do ghníomhartha teanga atá ar leas na scoláirí agus an phobail. (Iar-bhunscoil 6)*

Bhí an dearcadh dearfach seo le feiceáil freisin in ábhair féinmhachnaimh na scoileanna, mar a léirítear sa sliocht seo a leanas.

***Sliocht ó fhéinmhachnamh scoil amháin ar chur i bhfeidhm na Scéime***

*Faraor, ní cainteoirí dúchais nádúrtha iad scoláirí na scoile seo, toisc nach bhfuil an Ghaeilge á labhairt mar theanga chumarsáide laethúil an teaghlaigh agus is cinnte go gcuireann sé seo isteach ar chaighdeán labhartha Gaeilge na scoláirí. Tá an scoil ag obair taobh leis an gcoiste pleanála teanga chun teaghlaigh a spreagadh imeachtaí a dhéanamh trí mheán na Gaeilge lasmuigh den scoil. (Iar-bhunscoil 4)*

In iar-bhunscoil amháin ina raibh cáilíocht na comhpháirtíochta go maith, luadh gur bhuntáiste é an scoil a bheith páirteach i ndréachtú an phlean teanga pobail. I gcás líon beag bunscoileanna agus dhá iar-bhunscoil, áfach, luadh go raibh forbairt ag teastáil mar gheall ar an gceangal leis an oifigeach pleanála teanga áitiúil. Moladh do scoileanna teagmháil a dhéanamh láithreach leis an oifigeach pleanála teanga ionas go bhféadfaidís a bheith ag obair as lámha a chéile ar chlár ceart oibre d'fhonn scéal an tumoideachais agus na buntáistí a bhaineann leis a scaipeadh go forleathan sa phobal.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

*Tá teagmháil ag an scoil leis an gcoiste pleanála teanga áitiúil agus tá próiseas tosaithe chun riachtanais an phobail a aithint i leith na teanga. Tá deis ag an scoil tosaíochtaí a chur chun cinn maidir leis na tacaíochtaí agus áiseanna atá ag teastáil ó na daltaí agus óna dtuismitheoirí. B'fhiú don scoil straitéisí a aontú leis an gcoiste pleanála teanga chun an t-eolas atá de dhíth a bhailiú, laistigh de theorainn ama cinnte, chun tacú leis an gcoiste beartais a dhearadh agus a chur i gcrích dá réir. (Bunscoil 3)*

## 4.3 Tionchar agus tairbhe na nasc a cruthaíodh le suíomhanna eile oideachais a fheidhmíonn trí Ghaeilge

Sna grúpaí fócais a thionóil an FTO, thuairiscigh múinteoirí bunscoile go raibh obair na naíonraí Gaeilge ag cur go mór le forbairt na teanga agus go raibh na daltaí á réiteach go héifeachtach ag na naíonraí don luath-thumoideachas sa bhunscoil. Rinne tuismitheoirí bunscoile tagairt do na naíonraí áitiúla cúpla uair sna grúpaí fócais freisin. Bhí cuid acu den tuairim go raibh gá le níos mó eolais faoi bhuntáistí an dátheangachais a chur ar fáil do thuismitheoirí páistí réamhscoile. Sna cuntais a soláthraíodh ar fhéinmhachnamh na múinteoirí, dúradh go raibh sé thar a bheith tábhachtach do bhunscoileanna naisc fhónta

a chruthú leis na naíonraí áitiúla, d'fhonn tacú le leanúnachas in aistear tumoideachais an dalta.

***Sleachta ó thuairiscí taighde an FTO***

*Feictear leanúnachas idir an naíonra áitiúil, an bhunscoil, agus an iar-bhunscoil Ghaeilge, rud a chothaíonn agus a éascaíonn aistear oideachais an dalta trí mheán na Gaeilge. (Bunscoil 12)*

*Thuairiscigh na tuismitheoirí go mbíonn na páistí réidh chun Gaeilge a fhoghlaim ar scoil tar éis dóibh am a chaitheamh sa naíonra. Dar leo go bhfuil taithí mhaith ag na daltaí uile ar an nGaeilge nuair a thosaíonn siad ar scoil. (Bunscoil 11)*

*B'fhiú naisc níos láidre a fhorbairt idir an scoil agus an naíonra áitiúil ar mhaithe leis an aistriú chun na bunscoile a éascú do pháistí – rud a bhfuil suim ag na múinteoirí féin ann. (Bunscoil 2)*

I scoil amháin ar imeall na Gaeltachta, thagair múinteoirí iar-bhunscoile don nasc leis na bunscoileanna sa cheantar, ó thaobh na daltaí i rang a sé a mhealladh chun na hiar-bhunscoileanna Gaeltachta, agus thagair oifigeach pleanála teanga dá iarrachtaí chun scoileanna éagsúla a thabhairt le chéile chun na tacaíochtaí a bhí ar fáil a phlé.

***Sleachta ó thuairiscí taighde an FTO***

*Tá sé soiléir go bhfuil tionchar láidir ag na scoláirí a thagann ó bhunscoileanna Gaeltachta sa cheantar ar chaighdeán na Gaeilge sa scoil. B'fhiú féachaint an bhféadfaí níos mó díobh a mhealladh chun na hiar-bhunscoile Ghaeltachta, mar shampla, trí naisc níos láidre a chothú le pobal an cheantair, idir tuismitheoirí le páistí sna bunscoileanna, cainteoirí Gaeilge, agus daoine atá sáite sa chultúr Gaelach. (Iar-bhunscoil 7)*

*Dúirt an t-oifigeach go bhfuil coiste, meitheal nó grúpa Gaeilge bunaithe aici do bhunscoileanna áitiúla atá ag feidhmiú sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta, agus go mbuaileann sí leis na príomhoidí uair sa téarma chun na tacaíochtaí atá ar fáil agus na bearnaí gur féidir a líonadh a aithint. (Iar-bhunscoil 3)*

Pléadh an cheist seo freisin in ábhar féinmhachnaimh na scoileanna, mar a fheictear sa sliocht seo a leanas.


***Sliocht ó fhéinmhachnamh scoil amháin ar chur i bhfeidhm na Scéime***

*Tugann an phróifíl teanga agus an ceangal atá déanta leis na bunscoileanna óna dtagann ár gcuid scoláirí, seans do mhúinteoirí pleanáil don todhchaí chun na dúshláin agus na deacrachtaí atá ag scoláirí áirithe a aithint go luath. Tá sé le feiceáil ag múinteoirí le cúpla bliain go bhfuil dea-thoradh ar an bpleanáil seo agus cuireann sé ar chumas na scoláirí páirt iomlán a ghlacadh i saol oideachasúil na pobal scoile ón gcéad bhliain ar aghaidh. (Iar-bhunscoil 6)*


Thug roinnt tuismitheoirí le fios gur chuir sé díomá orthu nach raibh mórán cúrsaí trí Ghaeilge ar fáil sna hollscoileanna. Mheas siad go raibh gá níos mó leanúnachais a chothú tríd an gcóras oideachais, ón luathfhoghlaim agus cúram go dtí an tríú leibhéal.

Dúradh sna tuairiscí cás-staidéir go raibh na naisc idir an scoil agus suíomhanna oideachais agus eagraíochtaí Gaeilge eile go maith nó an-mhaith i ngach ceann de na bunscoileanna agus i níos mó na leath de na hiar-bhunscoileanna.

***Cairt 9: Na naisc idir na bunscoileanna agus suíomhanna oideachais agus eagraíochtaí cultúrtha a fheidhmíonn trí Ghaeilge***




***Cairt 10: Na naisc idir iar-bhunscoileanna agus suíomhanna oideachais agus eagraíochtaí cultúrtha a fheidhmíonn trí Ghaeilge***




Ba léir ó na hagallaimh leis na boird bhainistíochta agus le príomhoidí go raibh naisc thairbheacha cruthaithe idir na bunscoileanna agus suíomhanna oideachais áitiúla eile. I gceantair áirithe, bhí gréasáin thacúla, rathúla cothaithe ag na bunscoileanna le naíonraí logánta, le bunscoileanna eile sa Scéim, le hiar-bhunscoileanna sa cheantar agus le hinstitiúidí tríú leibhéal.

I mionlach suntasach de na bunscoileanna cás-staidéir, cé go raibh na naisc go maith ar an iomlán, aithníodh go raibh scóip chun forbartha ann maidir le naisc idir na

bunscoileanna agus na naíonraí logánta a láidriú. Luadh go raibh sé dúshlánach do bhunscoileanna freastal ar riachtanais teanga na naíonán agus iad ar bheagán Gaeilge. Tuigeadh an tábhacht a bhain le naisc a chothú leis na naíonraí dá bharr.

***Sleachta ó thuairiscí meastóireachta na Cigireachta***

*Tá caidreamh láidir ag an scoil leis an naíonra agus leis an meánscoil áitiúil agus tá straitéisí fiúntacha i bhfeidhm chun aistriú na ndaltaí a éascú ag gach céim dá n-aistear oideachais. (Bunscoil 12)*

*Tá nasc tairbheach á chothú idir an scoil agus an naíonra áitiúil; tuairiscíodh go nglacann páistí an naíonra páirt i ndrámaí scoile. (Bunscoil 5)*

*Is gá gaol agus bealaí cumarsáide a chothú leis an naíonra áitiúil chun na pointí tosaigh d'fhoghlaim teanga na bpáistí a shoiléiriú agus chun tacaíochtaí éifeachtacha a fhorbairt d'aistriú na bpáistí. (Bunscoil 9)*

Bhí naisc le hinstitiúidí tríú leibhéal nó gnóthlachtaí áitiúla forbartha i líon beag bunscoileanna. Tuairiscíodh go bhféadfadh gréasáin mar seo féidearthachtaí a chothú do chur chun cinn an oideachais trí Ghaeilge sna bunscoileanna uile.

Bhí naisc cruthaithe ag tromlach na n-iar-bhunscoileanna le suíomhanna oideachais eile a fheidhmíonn trí Ghaeilge. Sna cásanna seo, luadh go raibh naisc láidre idir an scoil agus na bunscoileanna Gaeltachta a bhain leo. I gcás amháin, áit ar léir sárchleachtas a bheith i bhfeidhm, tuairiscíodh go raibh naisc thairbhiúla oideachasúla, chultúrtha agus shóisialta idir an iar-bhunscoil agus an bhunscoil áitiúil agus go raibh eispéireas teanga a chéile á shaibhriú dá bharr sin.

I dtuairisc amháin, dúradh go raibh eolas ábhartha maidir le gnóthachtáil na scoláirí sa Ghaeilge á roinnt le múinteoirí ábhartha chun tacú le héifeacht an aistrithe ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil. Dúradh gur eolas an-chabhrach é seo don iar-bhunscoil. I gceantar eile fós, tuairiscíodh go raibh nasc riamh idir an bhunscoil agus an iar-bhunscoil ach go raibh an nasc seo níos dlúithe fós ó thús na Scéime. Sa chás seo, dúradh gur reáchtáladh comhchruinnithe foirne agus go raibh aoichainteoirí á roinnt idir an dá scoil chun leasa na scoláirí.  Cuireadh in iúl in iar-bhunscoil amháin, ámh, gur ghá an nasc leis an bpobal a láidriú.

Cruthaíodh nasc tairbhiúil le hinstitiúidí tríú leibhéal i gcás dhá iar-bhunscoil a raibh a leithéid de hinstitiúidí gar dóibh, agus luadh go lorgaítear tuairimí agus moltaí ó lucht léinn na Gaeilge sa cheantar i gcás iar-bhunscoil eile. Mar ghné chun forbartha, moladh i gcás amháin ina raibh cáilíocht na comhpháirtíochta an-mhaith go bhféadfaí cur leis na naisc

seo agus tuiscint na scoláirí ar obair na n-institiúidí tríú leibhéil seo a fhorbairt, chun leasa na scoláirí féin.

***Sleachta ó thuairiscí meastóireachta na Cigireachta***

*Cothaítear teagmháil leis an institiúid tríú leibhéal for-rochtana atá lonnaithe ar leac an dorais sa Ghaeltacht agus lorgaítear tuairimí agus moltaí ó lucht léinn na Gaeilge sa cheantar. (Iar-bhunscoil 1)*

*Tá naisc cothaithe le go leor de na hinstitiúidí oideachais agus cultúrtha sa cheantar. Moltar go gcuirfí leis na naisc seo agus tuiscint na scoláirí ar obair na n-institiúidí seo a fhorbairt trí thaithí oibre a eagrú iontu do lucht na hidirbhliana, d'fhonn spéis na scoláirí i gceist chaomhnú na teanga a mhúscailt agus a chothú. (Iar-bhunscoil 6)*

## 4.4 Tionchar na hidirghníomhaíochta le heagraíochtaí Gaeilge/cultúrtha áitiúla agus náisiúnta

Tugadh le fios sna tuairiscí cás-staidéir go raibh naisc bhisiúla idir scoileanna agus eagraíochtaí Gaeilge, spóirt agus cultúrtha. Ba léir go raibh na naisc seo ag cur le húsáid na Gaeilge i measc na ndaltaí/scoláirí taobh amuigh den seomra ranga.

Luadh i dtrí chás-staidéir ag an iar-bhunleibhéal ina raibh an cháilíocht an-mhaith nó go maith iontu go raibh naisc ag na scoileanna le heagraíochtaí áitiúla a raibh gnéithe d'oidhreacht stairiúil agus chomhaimseartha na Gaeltachta á gcur chun cinn acu. Tuairiscíodh i gcás amháin go raibh obair luachmhar á déanamh chun na scoláirí a réiteach le haghaidh comórtas, díospóireachtaí agus ócáidí pobail. Tuairiscíodh go raibh rannpháirtíocht na scoláirí in imeachtaí mar seo ag cabhrú lena bhféinspreagthacht phearsanta i leith úsáid na Gaeilge sa phobal. I scoil amháin ina raibh an cháilíocht sásúil, luadh gur ábhar dóchais é don scoil an nasc a bhí déanta, den chéad uair riamh, le hÚdarás na Gaeltachta. Ghlac scoláirí na scoile sin páirt i gcomórtas gnó an Údaráis agus d'aithin an tÚdarás go raibh Gaeilge sa scoil agus gurbh fhiú cuireadh a thabhairt dá scoláirí páirt a ghlacadh i gcomórtas a bhí go hiomlán trí mheán na Gaeilge.

Rinneadh cur síos ar naisc idir na scoileanna agus eagraíochtaí Gaeilge/cultúrtha i ngrúpaí fócais an FTO chomh maith. Luadh go háirithe an tacaíocht a cuireadh ar fáil do na scoileanna.

**_Sleachta ó thuairiscí taighde an FTO_**

*Luadh an dea-chomhairle faoin tumoideachas a chuireann ionadaí ó Ghaeloideachas ar thuismitheoirí na ndaltaí a bhíonn ag dul ar scoil don chéad uair. (Bunscoil 1)*

*Léirigh na múinteoirí an tábhacht a bhaineann leis an gCumann Lúthchleas Gael sa cheantar mar eagraíocht a chuireann béim ar an nGaeilge. Luadh gurbh í an pháirc pheile an t-aon áit inar chualathas an Ghaeilge lasmuigh den scoil. (Bunscoil 12)*

## 4.5 Achoimre ar thionchar na comhpháirtíochta

***Tábla 12: Cinntí maidir le comhpháirtíocht le pobal na scoile agus páirtíochtaí eile***


| Láidreachtaí | Gnéithe le forbairt |
|---|---|
| Tuairiscíodh go raibh<br>✓ cruinnithe chun an cleachtas lántumtha a mhíniú agus a léiriú á gcur ar fáil ag eagraíochtaí lasmuigh den scoil<br>✓ lámh i ndearadh agus i gcur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta ag na páirtithe ábhartha<br>✓ áiseanna breise ar fáil chun tacú le páistí sa bhaile ó thaobh labhairt na Gaeilge de<br>✓ cuirí á dtabhairt do dhaoine ón bpobal teacht chun na scoile chun labhairt le daltaí/scoláirí faoi bhuntáistí na Gaeilge agus an dátheangachais<br>✓ ranganna Gaeilge ar fáil do thuismitheoirí, agus an-éileamh orthu<br>✓ naisc láidre cothaithe idir scoileanna agus suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim áitiúla<br>✓ príomhoidí agus baill foirne eile páirteach sa phleanáil teanga go háitiúil<br>✓ naisc mhaithe cothaithe leis an gcoiste pleanála teanga i gcásanna, socrú atá go mór ar leas na scoileanna | Tuairiscíodh go raibh gá<br>○ le ról na dtuismitheoirí a láidriú i líon beag scoileanna trí choiste tuismitheoirí a bhunú<br>○ le feasacht na dtuismitheoirí ar an Scéim a fhorbairt agus a fheabhsú<br>○ le naisc níos fearr a chruthú le suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim i líon beag bunscoileanna<br>○ le laigí sna naisc le suíomhanna eile oideachais a réiteach i mionlach suntasach de na hiar-bhunscoileanna<br>○ teagmháil níos fearr a chothú leis an gcoiste pleanála teanga |

# 5 Cáilíocht na Foghlama agus an Teagaisc ag Leibhéal na Bunscoile

## 5.1 Réamhrá

Le linn na meastóireachtaí cás-staidéir i mbunscoileanna, rinne cigirí breathnóireachtaí ar sheachtó a seacht ceacht, lena n-áiríodh ceachtanna i ranganna príomhshrutha (i nGaeilge agus in ábhair eile) ceachtanna tacaíochta don Ghaeilge agus ceachtanna tacaíochta do dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu. Léirítear na sonraí i gCairt 11.

***Cairt 11: Suíomhanna foghlama agus ábhair a ndearnadh breathnóireacht orthu sna bunscoileanna***





Tá an tráchtaireacht sa chaibidil seo bunaithe ar chinntí na meastóireachtaí sin agus ar thuairimí múinteoirí agus tuismitheoirí mar a bailíodh iad sna grúpaí fócais a chuir an Foras Taighde ar Oideachas (FTO) ar siúl.

## 5.2 Cáilíocht na foghlama

### 5.2.1 Torthaí foghlama na ndaltaí

Sna grúpaí fócais leis an FTO, thuairiscigh múinteoirí bunscoile go raibh ardú suntasach tagtha ar chaighdeán na Gaeilge labhartha i measc na ndaltaí ó thosaigh an Scéim Aitheantais. Sna ceachtanna Gaeilge a breathnaíodh sna meastóireachtaí a rinne an Chigireacht, tuairiscíodh go raibh torthaí foghlama na ndaltaí go han-mhaith nó go maith ina dtromlach agus ag leibhéal sásúil nó measartha i mionlach suntasach díobh.

***Cairt 12: Cáilíocht na dtorthaí foghlama sna bunscoileanna***




#### An teanga ó bhéal

Sna grúpaí fócais a chuir an FTO ar siúl, dúirt na múinteoirí i roinnt bunscoileanna go raibh Gaeilge níos líofa agus níos nádúrtha á labhairt ag na daltaí mar gheall ar an luath-thumoideachas, fiú nuair nach raibh

an Ghaeilge á labhairt go forleathan lasmuigh den scoil. Dúirt siad go raibh Gaeilge níos cruinne á labhairt ag na daltaí anois agus go raibh muinín níos mó acu as a gcuid Gaeilge a úsáid. Cheap na múinteoirí i gcuid de na scoileanna go raibh réimse níos leithne foclóra ag na daltaí anois chomh maith. Bhí na tuairimí a thug tuismitheoirí don FTO ag teacht le tuairimí na múinteoirí.

***Sleachta ó thuairiscí taighde an FTO***

*Tá na tuismitheoirí sásta ar an iomlán leis an bhfeabhas atá tagtha ar Ghaeilge na bpáistí ó thús na Scéime, go háirithe ó thaobh líofacht agus réimse foclóra na bpáistí. (Bunscoil 11)*

*Tá feabhas feicthe ag na múinteoirí i gcaighdeán na Gaeilge labhartha i measc na ndaltaí. Tá níos mó muiníne acu agus iad ag labhairt Gaeilge ó thosaigh an Scéim, agus ó thosaigh an luath-thumoideachas ach go háirithe. (Bunscoil 10).*

*Dúirt na múinteoirí go bhfuil deiseanna ann chun idirdhealú a dhéanamh i gcomhthéacs Aistear, mar go mbíonn an Múinteoir Tacaíochta don Ghaeilge in ann teanga na gcainteoirí dúchais a shaibhriú nó tacaíocht i mbunús na teanga a thabhairt d'fhoghlaimeoirí na Gaeilge. (Bunscoil 3)*

*Tá tuiscint láidir ag na múinteoirí faoin tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge labhartha a chur chun cinn ar bhealach spraíúil ionas go mbeidh dearcadh dearfach ag na daltaí i leith na Gaeilge amach anseo. (Bunscoil 5)*

Sna ceachtanna inar mheas na cigirí go raibh cáilíocht na foghlama go han-mhaith nó go maith, tugadh le fios go raibh na daltaí in ann iad féin a chur in iúl go soiléir agus go muiníneach.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

*Labhraíonn formhór na ndaltaí go líofa; tá sé ar a gcumas acu tuairisciú in abairtí comhleanúnacha, comhrá a dhéanamh go nádúrtha agus a gcuid tuairimí a chur in iúl go muiníneach. (Bunscoil 6)*

Cé gur labhair daltaí le líofacht áirithe agus go raibh siad in ann iad féin agus a dtuairimí a chur in iúl go soiléir, cheap na cigirí go raibh a gcuid scileanna agus tuisceana maidir le comhréir agus gramadach na teanga easnamhach i gcásanna.

Bhí úsáid na Gaeilge mar theanga na cumarsáide agus na hidirghníomhaíochta an-mhaith i dtromlach na gceachtanna a breathnaíodh, go maith i mionlach suntasach díobh agus measartha nó sásúil i líon beag díobh. Ba léir go raibh an teanga á labhairt go minic ag daltaí bunscoile agus iad ag glacadh páirt in imeachtaí idirghníomhacha le linn ceachtanna. Tuairiscíodh, áfach, nach raibh dóthain deiseanna cumarsáide sa Ghaeilge á dtabhairt do na daltaí i gcuid de na ceachtanna. Ar an iomlán, bhí líofacht na cainte á forbairt go héifeachtach i dtromlach na mbunscoileanna ach bhí gá le cruinneas na cainte a fhorbairt a thuilleadh.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

> *Cé go raibh ionchur saibhir teanga ó na múinteoirí i dtromlach na gceachtanna a breathnaíodh, bhí gá i leath acu níos mó béime a chur ar úsáid na teanga i measc na ndaltaí ... Chuige sin, moltar do na múinteoirí cuir chuige a phlé agus a chur i bhfeidhm, d'fhonn an tréimhse chumarsáide a bheith ina cuid lárnach de na ceachtanna Gaeilge uile, i ngach suíomh foghlama. (Bunscoil 3)*

I roinnt cásanna, thuairiscigh na cigirí go raibh gá le hionchur teanga a dhíriú ar riachtanais foghlama éagsúla na ndaltaí agus tuilleadh béime a chur ar an gcumarsáid le linn na gceachtanna Gaeilge chun scileanna labhartha na ndaltaí a fheabhsú.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

> *Sna ceachtanna ina raibh scóip chun forbartha aitheanta, ba ghá idirdhealú níos fearr a dhéanamh ar spriocanna teanga agus gníomhaíochtaí foghlama chun freastal ar raon cumas na ndaltaí. Aithníodh gur gá tuilleadh béime a chur ar chumarsáid na ndaltaí sna ceachtanna sin chomh maith. (Bunscoil 3)*

I scoil amháin, aithníodh go raibh gá le cur chuige scoile uile a uchtú ar mhaithe le leanúnachas agus dul chun cinn i bhforbairt teanga na ndaltaí agus iad ag dul ar aghaidh ó rang go rang.

### Léitheoireacht i nGaeilge

Thuairiscigh na múinteoirí i roinnt bunscoileanna don FTO go raibh níos mó tuisceana ag na daltaí ar fhónaic na Gaeilge de bharr na Scéime Aitheantais. Dúradh freisin go raibh an-chuid dul chun cinn déanta i léitheoireacht na Gaeilge ag daltaí i rang a haon, an chéad bhliainghrúpa a raibh taithí acu ar an luath-thumoideachas iomlán. Ina dtuairiscí féinmhachnaimh, dúirt bainistíocht bunscoileanna go raibh scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta ag dul i bhfeabhas i ngach rang de bharr béim a chur ar an bhfónaic

agus ar an bhfoghraíocht ó ranganna na naíonán ar aghaidh. Rinne said tagairt do dhul chun cinn suntasach i bhforbairt scileanna litearthachta Gaeilge na ndaltaí i rang a haon agus iad ábalta na scileanna sin a thraschur go Béarla. Tá an dearcadh seo léirithe i bhfianaise sna sleachta thíos ó thuairiscí taighde an FTO agus ó fhéinmhachnamh na scoileanna.

***Sleachta ó thuairiscí taighde an FTO***

*Dúradh go raibh an léitheoireacht níos fearr i rang a haon ná mar a bhíodh, mar tá réimse níos leithne foclóra ag na daltaí. Úsáideann múinteoir rang a haon téacsleabhar rang a dó agus úsáidtear Séideán Sí ar bhonn níos minice anois. (Bunscoil 2)*

*Mhínigh na múinteoirí go mbaineann siad úsáid as acmhainní ón Áisaonad i mBéal Feirste chun tacú leo an Ghaeilge a mhúineadh. Dúradh nach n-úsáidtear an clár iomlán luathléitheoireachta amháin atá ar fáil mar tá sé ró-éasca. Bíonn ar mhúinteoir na naíonán cláir eile a úsáid chomh maith chun dúshlán foghlama cuí a sholáthar do na daltaí. (Bunscoil 10)*

***Sleachta ó fhéinmhachnamh na scoileanna ar chur i bhfeidhm na Scéime***

*Tá traschur scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta ón nGaeilge ag tacú go mór le dul chun cinn litearthacht an Bhéarla ó rang a haon ar aghaidh. (Bunscoil 2)*

*Tá feabhas tagtha ar obair na fónaice de bharr nach bhfuilimid ag díriú ach ar theanga amháin sa luath-thumoideachas. Tá sé seo déanta trí chomh-mhúinteoireacht. Tá fíorthábhacht ag baint le hathrá agus le hidirdhealú chun an fhorbairt a fheiceáil agus a mheas. (Bunscoil 11)*

Chuir na tuismitheoirí i scoil amháin in iúl go raibh suim níos mó ag na daltaí sa léitheoireacht i nGaeilge de bharr na Scéime. É sin ráite, cheap cuid de na tuismitheoirí nach raibh dóthain leabhair nua-aimseartha do pháistí á n-aistriú go Gaeilge. Bhí siad den tuairim go mbeadh níos mó ag teastáil chun suim na ndaltaí sa léitheoireacht Ghaeilge mar chaitheamh aimsire a leathnú agus chun cothromaíocht a bhaint amach idir léamh sa Ghaeilge agus sa Bhéarla.

***Sleachta ó thuairiscí taighde an FTO***

*Dar leis na tuismitheoirí nach mbíonn a gcuid páistí ag roghnú leabhair Ghaeilge le léamh le linn an ama ina mbíonn siad saor. Measadh nach raibh go leor leabhair Ghaeilge ar fáil agus nach bhfuil caighdeán na leabhar Gaeilge sách maith chun spéis na ndaltaí a mhúscailt. Anuas air seo, cuireadh síos ar fhrustrachas na ndaltaí nuair nach gcloíonn Gaeilge na leabhar le Gaeilge na háite ('it's not our Irish'), mar shampla, nuair atá 'madra' scríofa in áit 'madadh'. (Bunscoil 9)*

Thuairiscigh na cigirí go raibh caighdeán maith léitheoireachta sna bunscoileanna cás-staidéir ar an iomlán. Léigh na daltaí le tuiscint, brí agus le líofacht mhaith go ginearálta. Tugadh faoi deara i líon an-bheag cásanna nach raibh daltaí ag léamh ag an leibhéal cuí dá gcumais. I líon beag cásanna eile, cuireadh cláir idirdhealaithe léitheoireachta i bhfeidhm i ranganna faoi leith agus moladh é seo a leathnú mar chur chuige scoile uile. Ceapadh go mb'fhiú tuilleadh leabhar spéisiúla a chur ar fáil do dhaltaí chun a suim sa léitheoireacht i nGaeilge a spreagadh.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

*B'fhiú tuilleadh leabhar spéisiúla as Gaeilge a chur ar fáil sa scoil agus na daltaí a mhealladh chun iad a léamh mar chaitheamh aimsire. (Bunscoil 4)*

Tá anailís ar fáil in Aguisín A ar ghnóthachtáil na ndaltaí sna bunscoileanna cás-staidéir sa léitheoireacht Ghaeilge, sa léitheoireacht Bhéarla agus sa Mhatamaitic in earrach 2018, díreach roimh thús na Scéime Aitheantais. Maidir le léitheoireacht sa Ghaeilge, rinne daltaí i rang a dó, rang a ceathair agus rang a sé an Triail Ghaeilge Dhroim Conrach. D'éirigh níos fearr leis na daltaí sna scoileanna cás-staidéir ná mar a bheadh ionchas leis de réir noirm na trialach. Ag tagairt do noirm thástálacha ar scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, bhí líon na ndaltaí sna scoileanna cás-staidéir a raibh a ngnóthachtáil i bhfad níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis agus bhí an líon a raibh a ghnóthachtáil i bhfad faoi bhun an mheáin níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. Tugadh faoi deara go raibh difríochtaí suntasacha idir scoileanna i ngnóthachtáil na ndaltaí sa léitheoireacht Ghaeilge, chomh maith le raon leathan gnóthachtála i measc daltaí sa scoil chéanna. Léiríonn sé seo chomh tábhachtach is atá sé go ndéanfadh soláthar na scoileanna freastal ar na leibhéil éagsúla chumais sa léitheoireacht Ghaeilge. Ós rud é gur bailíodh na sonraí seo roimh thús na Scéime Aitheantais, níl tionchar tosca ar nós an luath-thumoideachais le brath iontu fós.

### Scríbhneoireacht i nGaeilge

Sna grúpaí fócais a rinne an FTO, thug múinteoirí le fios nach raibh an oiread sin botún a ndéanamh anois sa scríbhneoireacht agus a bhí roinnt blianta ó shin. Bhí múinteoirí den

tuairim go raibh an luath-thumoideachas agus an bhéim ar an nGaeilge ó bhéal sna luathbhlianta ag soláthar bunús an-éifeachtach d'fhorbairt na scríbhneoireachta sna meánranganna.

***Sleachta ó thuairiscí taighde an FTO***

> *Ag tagairt do scríbhneoireacht na ndaltaí, d'aithin na múinteoirí go raibh daltaí i bhfad níos muiníní píosa Gaeilge a scríobh agus go bhfuil struchtúr gramadaí níos fearr acu ó thosaigh an Scéim. (Bunscoil 9)*
>
> *Luadh go mbíonn an scoil páirteach sa scéim Scríobh Leabhar agus go n-úsáidtear 'Book Creator App' chun tabhairt faoin scríbhneoireacht trí mheán na Gaeilge. (Bunscoil 9)*
>
> *Bhí béim ar leith sa scoil ar an ngramadach agus ar an scríbhneoireacht, agus déanadh gach iarracht na seánraí éagsúla a mhúineadh. (Bunscoil 10)*
>
> *Dar leis na múinteoirí, ní bhíonn an oiread sin botún á ndéanamh ag na daltaí sa scríbhneoireacht de bharr nach mbíonn siad ag aistriú ón mBéarla sa tslí ina mbíodh siad. Anois tá siad ag smaoineamh trí Ghaeilge, ag scríobh le habairtí iomlána, agus ag scríobh níos mó. Dúradh go gcabhraíonn sé seo leis an léitheoireacht agus go bhfuil na daltaí in ann na focail a oibriú amach níos fearr. (Bunscoil 11)*

D'aithin na cigirí le linn na meastóireachtaí go raibh scileanna scríbhneoireachta na ndaltaí á bhforbairt go cuí agus go raibh dul chun cinn á dhéanamh acu maidir leis an scríbhneoireacht fheidhmiúil agus an scríbhneoireacht chruthaitheach araon. Tuairiscíodh i líon beag cásanna go raibh béim chuí á leagan ar an litriú agus ar chruinneas na scríbhneoireachta. D'aithin scoileanna áirithe riachtanais na ndaltaí i leith na scríbhneoireachta, scileanna litrithe agus gramadaí ina measc, mar chuid de phróiseas na féinmheastóireachta scoile agus bhí pleananna feabhsúcháin i bhfeidhm ina leith. I mionlach suntasach de scoileanna áfach, moladh an ghné seo den chleachtas a fhorbairt.

Moladh aiseolas foirmitheach a sholáthar do dhaltaí chomh maith chun cabhrú leo machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama mar go gcuirfeadh sé seo go mór lena gcuid scileanna scríbhneoireachta.

**Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta**

*Moltar cód eagarthóireachta a bheith in úsáid ag na daltaí chun cabhrú leo anailís chriticiúil a dhéanamh ar a gcuid oibre féin agus chun an próiseas féinfheabhsaithe scríbhneoireachta a chothú ar bhonn scoile uile. (Bunscoil 6)*

### Torthaí foghlama sna hábhair eile a múineadh trí Ghaeilge

Thuairiscigh na cigirí go raibh cáilíocht na gnóthachtála thar ábhair an churaclaim go han-mhaith nó go maith i dtromlach na gceachtanna a breathnaíodh sna bunscoileanna. Léiríodh go raibh na daltaí i gcoitinne ag forbairt a gcuid tuisceana agus scileanna trí mheán na Gaeilge sna hábhair éagsúla. Aithníodh gur chóir béim sa bhreis a chur ar an bhfoghlaim chomhoibríoch agus leibhéal dúshláin na gceachtanna a oiriúnú do chumas na ndaltaí.

**Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta**

*Léirigh formhór na ndaltaí inniúlacht mhaith i dtuiscint choincheapúil agus in úsáid teanga na Matamaitice agus na hEolaíochta. Chuirfeadh breis den chomharfhoghlaim fheidhmiúil agus den ghníomhaíocht dúshlánach neamhspleách lena bhforbairt scileanna. (Bunscoil 5)*

Go ginearálta, bhí an tsaintéarmaíocht a bhain leis na hábhair churaclaim eile á múineadh go follasach do dhaltaí le linn a gceachtanna, cé go raibh scóip le forbairt i gcúpla cás. I dtuairisc amháin, leagadh béim ar an tábhacht a bhain le pleanáil scoile uile chun foclóir na ndaltaí a fhorbairt mar is cuí.

**Sleachta ó thuairiscí meastóireachta na Cigireachta**

*B'fhiú teanga an ábhair a mhúineadh go follasach ag tús agus le linn gach ceachta agus deiseanna a thabhairt do na daltaí an teanga a ionramháil tríd an gcomharfhoghlaim ghníomhach agus an fadhbréiteach feidhmiúil le cabhrú lena dtuiscint agus lena gcumas. (Bunscoil 2)*


*Ní mór pleanáil a dhéanamh do riachtanais teanga na ndaltaí sna hachair churaclaim éagsúla le cur ar a gcumas gach ábhar eile a rochtain trí mheán na Gaeilge. (Bunscoil 5)*

### 5.2.2 Eispéireas foghlama na ndaltaí

Thuairiscigh na cigirí go raibh eispéiris foghlama na ndaltaí an-mhaith nó go maith sa chuid ba mhó de na ceachtanna a breathnaíodh sna bunscoileanna

Léirigh tromlach na meastóireachtaí go raibh eispéiris foghlama dearfacha cruthaithe do dhaltaí i leith na Gaeilge agus i leith na foghlama trí mheán na Gaeilge. Chonacthas go ndearna na daltaí cumarsáid i nGaeilge lena múinteoirí nó lena chéile ag leibhéil éagsúla líofachta le linn na meastóireachtaí. Chothaigh na heispéiris foghlama dearfacha líofacht agus féinmhuinín na ndaltaí i labhairt na teanga.

***Cairt 13: Cáilíocht na n-eispéireas foghlama sna bunscoileanna***




***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

*Bhí compord na ndaltaí sa teanga níos mó le sonrú sna ranganna ba shóisearaí, de bharr nach raibh taithí acu ar chóras eile ach an tumoideachas. (Bunscoil 4)*

I mbunscoileanna áirithe, tuairiscíodh go raibh deiseanna breise cothaithe do na daltaí obair chomhoibríoch a dhéanamh i dteannta a chéile, gur léirigh na daltaí suim san fhoghlaim agus go ndeachaigh siad i mbun oibre go spreagúil.

Sna grúpaí fócais a reáchtáil na cigirí leis na daltaí le linn na gcuairteanna scoile, bhí na daltaí in ann cur síos a dhéanamh ar na modhanna foghlama a thaitin leo agus plé a dhéanamh ar bhealaí chun a gcumas teanga a fheabhsú. Ba léir go raibh na daltaí bródúil as a gcumas teanga.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

*Léirigh na daltaí a ghlac páirt i bhfócasghrúpa, bród as an nGaeilge a bhí acu agus dúirt siad go dtaitníonn an fhoghlaim trí Ghaeilge leo, go háirithe an drámaíocht, an scéalaíocht agus an ceol. Luaigh siad gur mhaith leo deiseanna breise a fháil chun ábhar digiteach a úsáid le linn na foghlama. (Bunscoil 2)*

### 5.2.3 Achoimre ar cháilíocht na foghlama sna bunscoileanna

***Tábla 13: Cinntí maidir le cáilíocht na foghlama sna bunscoileanna***

| Láidreachtaí | Gnéithe le forbairt |
|---|---|
| Tuairiscíodh go raibh<br>✓ clár lántumtha dhá bhliain trí Ghaeilge faoi rath sna ranganna naíonán sa dá bhunscoil déag<br>✓ eispéireas dearfach foghlama á sholáthar<br>✓ an luath-idirghabháil ag tacú le sealbhú na teanga<br>✓ líofacht agus muinín na ndaltaí á gcothú go héifeachtach<br>✓ tuiscint, brí agus líofacht le sonrú i léitheoireacht na ndaltaí<br>✓ an dul chun cinn cuí i scríbhneoireacht na ndaltaí | Tuairiscíodh go raibh gá le<br>○ cur chuige scoile uile i gcásanna, ar mhaithe le leanúnachas agus dul chun cinn na foghlama<br>○ béim níos mó ar chruinneas teanga i gcásanna<br>○ níos mó gníomhaíochtaí cumarsáide do dhaltaí i gcásanna<br>○ saintéarmaíocht Ghaeilge a dhaingniú<br>○ cláir idirdhealaithe léitheoireachta a leathnú sa Ghaeilge<br>○ haiseolas foirmitheach a thabhairt do dhaltaí |

## 5.3 Cáilíocht an teagaisc

### 5.3.1 Cuir chuige teagaisc

#### An cur chuige cumarsáideach


Ag tuairisciú ar a gcuid féinmhachnaimh faoi dhul chun cinn na Scéime, dúirt bainistíocht bunscoileanna go raibh dearcadh dearfach ag na daltaí agus a dtuismitheoirí i leith na Gaeilge agus iad bródúil as an dul chun cinn a bhí á dhéanamh acu. Dúradh go raibh feasacht níos doimhne á forbairt ag daltaí ar chultúr na Gaeilge agus ar thábhacht na hoidhreachta agus na canúna áitiúla. Ceapadh go raibh úsáid na hamhránaíochta, na filíochta agus na drámaíochta ag cur leis an ndearfacht seo agus go raibh réimse ábhar digiteach ag cuidiú le foghlaim na Gaeilge a dhéanamh spraíúil do na daltaí. Luaigh na múinteoirí freisin tionchar dearfach an chláir lántumtha, ó na naíonáin ar aghaidh agus an bhéim ar leith a bhí á cur ar an teanga ó bhéal sa Ghaeilge. Dúradh go raibh an chumarsáid mar sprioc anois sna ranganna Gaeilge, rud a bhí ag tacú le leanúnachas i bhforbairt na teanga ó bhéal agus a bhí ag cur le cumas labhartha agus saibhreas teanga na ndaltaí. Seo cur síos ó bhainistíocht scoil amháin ar an gcleachtas.

***Sliocht ó fhéinmhachnamh scoil amháin ar chur i bhfeidhm na Scéime***

*Tá córas ar leith ag an scoil chun Aistear a chur i bhfeidhm le béim ar fhrásaí faoi leith a mhúineadh ag gach stáisiún súgartha. Tá ag éirí go han-mhaith leis an scoil leis seo. (Bunscoil 8)*

Ina gcuid tuairiscí meastóireachta, dúirt na cigirí go raibh cáilíocht an teagaisc an-mhaith nó go maith sa chuid ba mhó de na ceachtanna a breathnaíodh sna bunscoileanna. Thug na cigirí le fios go raibh na timpeallachtaí foghlama fáilteach agus go raibh comhghaol tairbheach cothaithe idir na múinteoirí agus na daltaí. Tuairiscíodh go raibh an cur chuige cumarsáideach á chur i bhfeidhm go héifeachtach i gceachtanna áirithe. Sna ceachtanna sin, bhí úsáid éifeachtach á baint as na trí thréimhse atá aitheanta mar chuid den chur chuige cumarsáideach: an tréimhse réamhchumarsáide, an tréimhse chumarsáide agus an tréimhse iarchumarsáide.

***Cairt 14: Cáilíocht na gcur chuige teagaisc sna bunscoileanna***




I gceachtanna ina raibh an cur chuige cumarsáideach in úsáid go héifeachtach, tuairiscíodh go raibh cúram á dhéanamh den ionchur teanga, idir fhoclóir agus struchtúir, sa tréimhse réamhchumarsáide. Bhí focail agus frásaí nua á múineadh go follasach agus á gcleachtadh leis na daltaí roimh thabhairt faoin tréimhse chumarsáide. I gcásanna áirithe, tuairiscíodh gur baineadh feidhm thairbheach as *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* i ranganna na naíonán chun an teanga a mhúineadh agus a dhaingniú go héifeachtach. Baineadh leas éifeachtach as filíocht, amhránaíocht, scéalaíocht agus drámaíocht chun an sprioctheanga a bhí le sealbhú a dhaingniú. Dúradh go raibh ionchur éifeachtach ón gcúntóir teanga i gcásanna áirithe.

Sna ceachtanna ina raibh an tréimhse chumarsáide á cur i bhfeidhm go héifeachtach, baineadh úsáid as an sprioctheanga le haghaidh cumarsáide agus bhí na daltaí á spreagadh agus á gcumasú chun fíorchumarsáid a dhéanamh go nádúrtha agus go neamhspleách. Tugadh deiseanna oiriúnacha do na daltaí an teanga nua a chleachtadh, a úsáid agus a dhaingniú. I gcuid de na ceachtanna, eagraíodh comhfhoghlaim ghníomhach, fheidhmiúil chun leibhéil níos airde úsáidte teanga a bhaint amach. I gcásanna, bhí gá le deiseanna breise cumarsáide agus foghlama comhoibritheacha a chur ar fáil le linn na gceachtanna.

Nuair a bhí an tréimhse iarchumarsáide go maith, díríodh aird na ndaltaí ar mhíreanna gramadaí a bhí in úsáid le linn na cumarsáide agus rinneadh forbairt éifeachtach ar fheasacht na ndaltaí ar an ngné sin den Ghaeilge. Dúradh go raibh aird inmholta á díriú i mbunscoil amháin ar ghnéithe de chanúint na háite.


**_Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta_**

*Cuireadh tréimhsí réamhchumarsáide, cumarsáide agus iarchumarsáide na gceachtanna i bhfeidhm go héifeachtach le deiseanna rialta tugtha do na daltaí comhrá a dhéanamh eatarthu féin i bpéirí agus i ngrúpaí. Tugadh dúshláin oiriúnacha dóibh le linn na gceachtanna. Leis an mbéim a leagtar ar amhráin, rainn agus dánta as Gaeilge, ón gceantar, cothaíodh tuiscint na ndaltaí ar fheasacht chultúir agus teanga i ngach rang a breathnaíodh. (Bunscoil 7)*

## Úsáid acmhainní agus na teicneolaíochta digití don teagasc agus don fhoghlaim

Sna ceachtanna ar bhreathnaigh na cigirí orthu, bhí leas á bhaint as réimse oiriúnach acmhainní don teagasc agus don fhoghlaim. Tuairiscíodh go raibh cáilíocht an chleachtais sa ghné seo an-mhaith i mbeagnach trian de na ceachtanna, go maith ina leath agus sásúil i gcúpla cás. Baineadh feidhm thairbheach as an teicneolaíocht dhigiteach, as ábhair nithiúla, ábhair léirithe, agus acmhainní dílse chun tacú le teagasc na Gaeilge agus na n-ábhar curaclaim eile.

**_Cairt 15: Cáilíocht úsáid acmhainní sna bunscoileanna_**




**_Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta_**

*Is inmholta mar a dhéantar comhtháthú sa Ghaeilge i bhforbairt scileanna éisteachta, léitheoireachta agus scríbhneoireachta na ndaltaí go struchtúrtha ag baint úsáid as áiseanna teicneolaíochta cuí. .... Glacann na daltaí páirt in imeachtaí Sheachtain na hEolaíochta gach aon bhliain agus i gceardlanna ar theicneolaíocht dhigiteach in Ollscoil Luimnigh. (Bunscoil 7)*

*B'inmholta an úsáid a bhain an fhoireann agus na daltaí as teicneolaíocht dhigiteach chun tacú go cruthaitheach leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim trí mheán na Gaeilge. Baineadh úsáid as cluichí nuálacha digiteacha san Eolaíocht chun tacú leis na daltaí an dul siar a dhéanamh ar shlí spraíúil agus bhí toradh fiúntach ar an bhfoghlaim. (Bunscoil 9)*

Sna grúpaí fócais a chuir an FTO ar siúl, bhí múinteoirí na mbunscoileanna sásta ar an iomlán leis na hacmhainní don Ghaeilge agus do na hábhair eile a bhí curtha ar fáil ag eagraíochtaí ar nós COGG. É sin ráite, ceapadh gur chóir d'eagraíochtaí a ullmhaíonn téacsleabhair agus trialacha dul i dteagmháil le múinteoirí maidir le caighdeán an aistriúcháin a fheabhsú, go háirithe sa Mhatamaitic, agus ceist na gcanúintí éagsúla a phlé.

***Sleachta ó thuairiscí taighde an FTO***

*Bhraith na múinteoirí gurb iontach an rud é go bhfuil siad 'báite le hacmhainní'. Mhol siad go bhfuil an oiread acmhainní nua á gcruthú de bharr thionchar an Pholasaí, rud a d'fhéadfadh leathnú go Gaelscoileanna agus gnáthscoileanna sa deireadh thiar thall. (Bunscoil 12)*

*D'aontaigh na tuismitheoirí nach bhfuil caighdeán Gaeilge na dtéacsleabhar sásúil agus nach dtuigeann na daltaí an Ghaeilge atá iontu. Luadh an téacsleabhar matamaitice go sonrach. Míníodh nach bhfuil an téacsleabhar matamaitice caighdeánach agus go n-úsáidtear canúintí difriúla tríd na téacsleabhair. (Bunscoil 7)*

*Cé go bhfuil réimse acmhainní Gaeilge ar fáil, cheap na múinteoirí go bhféadfaí níos mó a bheith ann, go háirithe maidir le seánraí Gaeilge, téacsleabhair nach aistriúcháin díreacha iad, suíomhanna gréasáin, agus ábhar taitneamhach a spreagann spéis na ndaltaí. (Bunscoil 6)*

Nuair a bhí fáil orthu, ba léir gur baineadh an-úsáid as acmhainní a bhain le hoidhreacht an cheantair. Feictear é seo sna sleachta seo a leanas ó fhéinmhachnamh scoil amháin.

***Sleachta ó fhéinmhachnamh scoil amháin ar chur i bhfeidhm na Scéime***


*Baintear úsáid sa scoil as dhá leabhar filíochta 'Na Buataisí Buí' agus 'Mo Ghúna Síoda Buí' a scríobhadh i gcanúint Chorca Dhuibhne le go mairfeadh na leaganacha agus focail na canúna. (Bunscoil 7)*

*Cuirtear an-bhéim sa scoil ar fhoghlaim na n-amhrán sean-nóis, go háirithe na cinn a bhaineann leis an gceantar. Tá riar maith amhrán foghlamtha acu le canadh le chéile ag claisceadal amhrán scoile. Tá teanga shaibhir sa chanúint áitiúil mar aon le leaganacha breátha cainte sna hamhráin seo agus iad foghlamtha ag daltaí na scoile*

*le cúpla bliain agus cuireadh tuilleadh béime ar an ngné seo le dhá bhliain anuas. (Bunscoil 7)*

Thuairiscigh na cigirí go raibh na timpeallachtaí foghlama a cruthaíodh sna seomraí ranga agus suíomhanna foghlama eile an-mhaith i dtrian de na ceachtanna a breathnaíodh agus go maith ina leath. Bhí obair na ndaltaí ar taispeáint agus raon de thaispeántais eile in úsáid chun tuiscint agus cuimhneamh ar ábhar na gceachtanna a éascú do na daltaí. Tugadh le fios gur ghá tógáil ar an réimse teanga a bhí ar taispeáint i líon beag de na scoileanna, go háirithe taispeántais a bhain leis na heiseamláirí teanga a bhí á múineadh ag an am sin.

***Cairt 16: Cáilíocht na dtimpeallachtaí foghlama sna bunscoileanna***




## Teagasc na n-ábhar curaclaim eile trí Ghaeilge


Bhreathnaigh na cigirí ar ocht gceacht déag in ábhair churaclaim seachas an Ghaeilge sna bunscoileanna. Tuairiscíodh go raibh líon beag an-mhaith, a leath díobh go maith, beagnach ceathrú díobh sásúil agus líon an-bheag measartha. Bhí úsáid na Gaeilge an-mhaith i dtromlach na gceachtanna sin, maith i líon beag agus sásúil nó measartha i gcúpla cás. Feictear sa tábla thíos líon na gceachtanna a breathnaíodh in ábhair churaclaim seachas an Ghaeilge.

***Tábla 14: Líon na gceachtanna a breathnaíodh sna hábhair seachas Gaeilge sna bunscoileanna***

| Ábhair | Líon na gceachtanna |
|---|---:|
| **Matamaitic** | **7** |
| **Eolaíocht** | **4** |
| **Ceol** | **2** |
| **Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte** | **2** |
| **Drámaíocht** | **1** |
| **Tíreolaíocht** | **1** |
| **Stair** | **1** |
| **Iomlán** | **18** |

Ar na dea-chleachtais a chonacthas sna bunscoileanna, tugadh le fios go raibh aird chuí á díriú ar théarmaí a bhí sainiúil don ábhar. Múineadh an téarmaíocht seo go follasach i dtromlach na gceachtanna a breathnaíodh. Bhí ionchur láidir ón múinteoir agus baineadh úsáid as gníomhaíochtaí agus acmhainní cuí chun tuiscint agus úsáid na téarmaíochta a éascú do na daltaí. Rinne na cigirí tagairt don tacaíocht thábhachtach á bhí ar fáil do dhaltaí ón gcúntóir teanga, cúntóir riachtanas speisialta agus múinteoir tacaíochta don Ghaeilge.

***Cairt 17: Cáilíocht an teagaisc sna hábhair churaclaim seachas an Ghaeilge sna bunscoileanna***




***Sleachta ó thuairiscí meastóireachta na Cigireachta***

*Múineadh téarmaíocht an ábhair churaclaim, go háirithe na hainmfhocail bainteach leis an topaic, go héifeachtach le linn ceachtanna na n-ábhar trí Ghaeilge a breathnaíodh. (Bunscoil 6)*

*Thug na múinteoirí deiseanna fiúntacha do na daltaí chun freagraí iomlána i gcomhthéacs a thabhairt, agus b'inmholta an tslí inár mhúin na múinteoirí struchtúr ceart abairte bunaithe ar fhreagraí na ndaltaí. (Bunscoil 9)*

Cé go raibh cleachtas na múinteoirí aonair go maith in an-chuid ceachtanna, thuairiscigh na cigirí go raibh gá le feabhsúcháin i gcleachtas comhchoiteann/comhoibríoch na múinteoirí. Mhol na cigirí go n-aontófaí agus go gcuirfí i bhfeidhm plean scoile uile chun a chinntiú go mbeadh leanúnachas agus dul chun cinn i múineadh agus sealbhú na téarmaíochta sainiúla. Dúradh go mbeadh ceisteanna a bhain le pleanáil agus measúnú mar chuid thábhachtach den obair sin.

I ngrúpaí fócais an FTO, d'aithin múinteoirí bunscoile an tábhacht a bhain le múineadh téarmaíochta sna hábhair uile agus ba léir i gcásanna go raibh foirne scoile ag obair chun tabhairt faoin dúshlán seo ar bhonn scoile uile.

**_Sleachta ó thuairiscí taighde an FTO_**

*D'aontaigh na múinteoirí go mbíonn formhór na ndaltaí réidh chun tabhairt faoin gcuraclam iomlán trí Ghaeilge tar éis dóibh an tréimhse luath-thumoideachais a chríochnú. Ní bhíonn siad ag súil le haon ábhar a dhéanamh trí Bhéarla, seachas an Béarla féin. Mheas na múinteoirí go raibh an téarmaíocht Ghaeilge acu in ábhair ar nós na heolaíochta agus na staire. (Bunscoil 3)*


*Tuairiscíodh go mbíonn deacrachtaí ann nuair a iarrtar ar dhaltaí sna hardranganna tionscadail a dhéanamh trí Ghaeilge. Bíonn ar na daltaí casadh ar leabhair eolais i mBéarla agus na téacsanna a aistriú go Gaeilge, toisc nach bhfuil na hacmhainní cuí ar fáil i nGaeilge. Dúradh go mbíonn a dhá oiread ama i gceist nuair a tharlaíonn sé seo. (Bunscoil 2)*

*Tá sé mar sprioc ag an scoil cur chuige comhtháite a chur i bhfeidhm chun teanga agus ábhar a cheangal le chéile, bunaithe ar Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT). Léiríodh go múintear gach ceacht mar cheacht teanga de bharr thionchar na Scéime. Dá réir sin, treisíonn na múinteoirí an fhoclóireacht agus míníonn siad foclóir nua ag tús na gceachtanna. (Bunscoil 9)*

### 5.3.2 Pleanáil agus measúnú

Tuairiscíodh go raibh an t-ullmhúchán don teagasc go maith nó an-mhaith i dtromlach na gceachtanna ar bhreathnaigh cigirí orthu sna bunscoileanna. Luadh go bhféadfaí feabhas a chur ar an ullmhúchán do na ceachtanna i líon beag cásanna.

***Cairt 18: Cáilíocht na hullmhachta don teagasc sna bunscoileanna***




Luadh eiseamláirí áirithe dea-chleachtais sna tuairiscí cás-staidéir. Ina measc, dúradh go raibh na hábhair agus na tascanna foghlama curtha in oiriúint do riachtanais agus do shuim na ndaltaí.


Tugadh le fios freisin go raibh cuspóirí na gceachtanna ag teacht le spriocanna a bhí aitheanta sa phlean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile faoin Scéim. Baineadh úsáid as na torthaí foghlama i *gCuraclam Teanga na Bunscoile* mar threoir agus mar shlat tomhais chun spriocanna foghlama a aithint mar phointe tagartha don phleanáil idirdhealaithe. Tuairiscíodh freisin go raibh pleanáil éifeachtach déanta don luath-thumoideachas i go leor bunscoileanna, lena n-áiríodh gníomhaíochtaí a bhain le *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige.*

Ba léir ó na tuairiscí cigireachta go raibh gá le cleachtas comhaontaithe scoile uile i gcásanna, ionas go mbeadh an phleanáil a rinne an múinteoir ranga, an múinteoir tacaíochta don Ghaeilge agus an múinteoir oideachais speisialta ag freagairt dá chéile, agus go mbeadh siad uile ag teacht lena raibh leagtha amach sa phlean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile. Moladh freisin gur chóir do na múinteoirí spriocanna teangabhunaithe idirdhealaithe a leagan amach sa phleanáil ranga agus tascanna idirdhealaithe a bhunú orthu.

Bhí cáilíocht an mheasúnaithe sna bunscoileanna an-mhaith i gcúpla ceacht, maith nó sásúil sa chuid ba mhó de na ceachtanna a breathnaíodh, agus measartha i líon beag díobh.

Rinne na cigirí cur síos ar go leor dea-chleachtas measúnaithe a bhí le sonrú sna bunscoileanna. Bhí próifílí teanga in úsáid ag scoil amháin chun cumas agus riachtanais teanga na ndaltaí sa Ghaeilge a mheas. Coimeádadh taifid reatha ar na botúin choitianta a rinne na daltaí agus ar na riachtanais teanga a tháinig aníos agus iad i mbun cumarsáide lena chéile. Úsáideadh na taifid seo chun tacaíocht sa bhreis a phleanáil agus a sholáthar do chainteoirí dúchais agus foghlaimeoirí na teanga araon. Tuairiscíodh go raibh úsáid á baint as réimse uirlisí measúnaithe chun dul chun cinn na ndaltaí san fhoghlaim a mheas. Bhí tús curtha le straitéisí féin-mheasúnaithe i líon beag de na scoileanna.

***Cairt 19: Cáilíocht an mheasúnaithe sna bunscoileanna***




Thuairiscigh na cigirí go raibh gá le forbairt a dhéanamh ar na straitéisí measúnaithe i níos mó ná leath de na ceachtanna a breathnaíodh. Bhí gá, go háirithe, le comhcheangal níos láidre a dhéanamh idir measúnú, pleanáil agus teagasc. Moladh go raibh gá le torthaí gnóthachtála na bhfoghlaimeoirí a rianú agus a anailísiú ar bhealach níos córasaí ó bhliain go bliain, chun riachtanais foghlama agus teanga na ndaltaí a aithint agus cláir idirdhealaithe teagaisc a leagan amach dá réir sin.

Ba léir go raibh gá le straitéisí scoile uile a aontú maidir leis an measúnú, ar mhaithe le comhsheasmhacht i gcleachtas na múinteoirí agus leanúnachas agus dul chun cinn i bhfoghlaim na ndaltaí. Chun acmhainn féinmheasúnaithe na ndaltaí a chur chun cinn, moladh go leagfaí tuilleadh béime ar aiseolas foirmitheach ó mhúinteoirí agus go mbeadh páirt aoisoiriúnach ag gach dalta san anailís ar a t(h)orthaí measúnaithe agus a riachtanais teanga féin.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

*Is gá tuilleadh anailíse a dhéanamh ar thorthaí foghlama na ndaltaí, chun a riachtanais teanga a aithint agus chun próifíl agus clár teanga oiriúnach a dhearadh agus a chur i bhfeidhm do dhaltaí le cumais éagsúla teanga. Ní mór taifead rialta a choinneáil ar dhul chun cinn na ndaltaí sa teanga chomh maith. (Bunscoil 2)*

In ábhar féinmhachnaimh roinnt scoileanna, rinneadh tagairt do dhúshláin a bhí le sárú agus dul chun cinn a bhí déanta maidir leis an measúnú

***Sleachta ó fhéinmhachnamh na scoileanna ar chur i bhfeidhm na Scéime***

*Ceann de na dúshláin is mó atá le sárú ná fianaise ar cháilíocht na foghlama agus an teagaisc a bhailiú, ar leibhéal an ranga agus ar leibhéal na scoile araon. (Bunscoil 1)*

*Tá córas measúnaithe ar bhonn leanúnach i bhfeidhm sa scoil le go bhféadfaí monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na ndaltaí go córasach, céimnithe ó rang go rang. Tá taithí ag na daltaí ar a gcuid scileanna tuisceana agus eolais a fhorbairt trí mheán na Gaeilge le cabhair na féinmheastóireachta. (Bunscoil 10)*

Sna grúpaí fócais a chuir an FTO ar siúl, luaigh na múinteoirí i mbunscoil amháin go raibh úsáid á baint acu as an leagan Béarla de na trialacha caighdeánaithe sa Mhatamaitic. Cheap siad go raibh na leaganacha Gaeilge ró-fhoclach. Chuir múinteoirí i scoil eile in iúl go raibh deacrachtaí leis an téarmaíocht sna leaganacha Gaeilge de na trialacha sa Mhatamaitic. Thuairiscigh múinteoirí eile go bhfuil gá ann fós le trialacha diagnóiseacha don Mhatamaitic a dhearadh i nGaeilge. Dúradh freisin nach raibh triail chaighdeánaithe oiriúnach ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge na gcainteoirí dúchais sna hardranganna.

***Sleachta ó thuairiscí taighde an FTO***

*Dúradh go ndéantar measúnú ar an nGaeilge labhartha trí Aistear gach coicíos nuair a dhéanann an múinteoir cumas na ndaltaí in úsáid na bhfrásaí nua a sheiceáil. (Bunscoil 8)*

*Maidir leis na hardranganna, míníodh go mbailítear píosaí scríbhneoireachta ag tús na scoilbhliana agus arís ag an deireadh, chun an dul chun cinn a mheas. Chomh maith leis seo, dúradh go mbíonn na daltaí ag déanamh féinmheastóireachta sna ceachtanna Gaeilge. (Bunscoil 3)*

*Tá cúrsaí measúnachta don Ghaeilge á bplé ag na múinteoirí faoi láthair. B'fhiú díriú ar an nGaeilge labhartha mar chuid den obair sin agus measúnuithe oiriúnacha a chur i bhfeidhm chun líofacht agus saibhreas teanga na ndaltaí a mheas ar bhonn rialta. (Bunscoil 5)*

*Dar leis na múinteoirí nach bhfuil na trialacha sa Ghaeilge ar chomhchaighdeán leis na trialacha sa Bhéarla agus nach bhfuil an dúshlán ceart ann do dhaltaí atá ar ardchumas.*
*(Bunscoil 7)*

### 5.3.3 Freastal ar na leibhéil éagsúla chumais

Sna grúpaí fócais a chuir an FTO ar siúl, thagair na múinteoirí i ngach bunscoil do dhaltaí ag a bhfuil deacrachtaí foghlama agus riachtanais bhreise oideachais acu. Thuairiscigh na múinteoirí i gcuid de na bunscoileanna go dtosaíonn a lán daltaí ar an scoil ar bheagán Gaeilge, go háirithe iad siúd nár fhreastal ar naíonra. Rinne múinteoirí cur síos ar na straitéisí á bhí in úsáid acu chun tacaíocht bhreise a thabhairt do na daltaí seo. Rinneadh tagairt do thacaíocht ón múinteoir tacaíochta don Ghaeilge, úsáid stáisiún foghlama agus deiseanna a bheith ag obair le daltaí ar ardchumas sa Ghaeilge. Thuairiscigh múinteoirí i

roinnt scoileanna go raibh úsáid á baint as trialacha caighdeánaithe agus próifílí chun daltaí a bhfuil cabhair de dhíth orthu a aithint.

Rinne cuid de na múinteoirí bunscoile tagairt do riachtanais na ndaltaí ar ardchaighdeán Gaeilge freisin agus tugadh le fios i gcuid de na bunscoileanna go gcuirtear na cainteoirí dúchais le chéile chun deis a thabhairt dóibh foghlaim óna chéile. Thuairiscigh na múinteoirí i gcúpla bunscoil freisin go gcabhraíonn an múinteoir tacaíochta don Ghaeilge leis na daltaí ar ardchaighdeán Gaeilge. Díríonn an chabhair sin ar shaibhreas na Gaeilge. Dúirt na múinteoirí i gcuid de na bunscoileanna go dtugann siad cabhair do na daltaí ar ardchumas páirt a ghlacadh sna comórtais filíochta agus scéalaíochta sa phobal. Chuir na múinteoirí i mbunscoil amháin in iúl freisin go bhfuil dúshláin bhreise ar fáil í *Séideán Sí* do na daltaí is cumasaí. Tugann na sleachta seo a leanas ó ábhar féinmhachnaimh na scoileanna léargas ar an dúshlán atá i gceist.

***Sleachta ó fhéinmhachnamh na scoileanna ar chur i bhfeidhm na Scéime***

> *Bíonn daltaí ag teacht chun na scoile, go háirithe isteach sna meán-ranganna i rith na bliana, agus gan aon taithí acu ar an tumoideachas sa Ghaeilge, rud atá dúshlánach dóibh. (Bunscoil 9)*
>
> *Ceann de na dúshláin is mó a bhíonn le sárú sa scoil Ghaeltachta ná cén chaoi freastal ar na daltaí go léir nuair is cainteoirí inniúla iad cuid acu agus gan ach tuiscint bhunúsach ar an teanga ag daltaí eile. Tosaíonn daltaí na naíonán le leibhéil difriúla chumais sa teanga ós rud é go mbíonn cainteoirí dúchais agus foghlaimeoirí na teanga sa rang céanna, agus líon níos airde d'fhoghlaimeoirí na teanga sa rang naíonán go minic. Bíonn ar an múinteoir díriú ar idirdhealú a dhéanamh sa teagasc agus scaití bíonn rann simplí le múineadh do gach dalta ach múintear dánta agus rannta níos faide agus níos saibhre ó thaobh na Gaeilge de chun stór foclóra na gcainteoirí dúchais a leathnú. (Bunscoil 7)*

Dúirt na múinteoirí i mbunscoil amháin go mbeadh sé deacair do scoil sa Scéim freastal ar dhalta le neamhord de chuid speictream an uathachais dá mba rud é nach raibh Gaeilge mar chéad teanga ag an dalta sin. Thug múinteoirí i roinnt bunscoileanna le fios nach raibh teiripe urlabhra agus teanga nó seirbhís síceolaíochta ar fáil trí Ghaeilge ina gceantair. Bhí na ceisteanna a ardaíodh i gcuntais féinmhachnaimh na scoileanna mar an gcéanna leis na cinn a bailíodh i ngrúpaí fócais an FTO.

***Sleachta ó thuairiscí taighde an FTO***


*Tuairiscíodh go raibh deacrachtaí ann maidir le daltaí le fadhbanna urlabhra, toisc gur i mBéarla amháin atá an tseirbhís teiripe urlabhra agus teanga ar fáil. Cruthaíonn sé seo deacrachtaí mar go mbíonn ar mhúinteoirí agus ar thuismitheoirí cinneadh a dhéanamh an ndéanfar na gníomhaíochtaí teanga agus urlabhra trí Bhéarla nó trí Ghaeilge le daltaí i ranganna na naíonán. (Bunscoil 5)*

*Sonraíodh go bhfuil sé deacair mar scoil Ghaeltachta, freastal ar dhaltaí a bhfuil uathachas orthu má tá an Béarla mar chéad teanga acu, ach go háirithe sna hardranganna, ach go gcaithfear aird a thabhairt ar shóisialú an dalta i gcomhthéacs ina bhfuil an Ghaeilge mar theanga an ranga. (Bunscoil 9)*

Thuairiscigh na cigirí go raibh an soláthar do na leibhéil éagsúla chumais an-mhaith nó go maith i dtromlach na gceachtanna a breathnaíodh sna bunscoileanna, sásúil i mbeagnach trian díobh, measartha i gcúpla cás agus lag i gceacht amháin.

Sna ceachtanna ina raibh an soláthar an-mhaith, bhí na spriocanna agus na gníomhaíochtaí foghlama curtha in oiriúint ag an múinteoir do leibhéil chumais agus teanga na ndaltaí. Bhí sé seo le sonrú go minic nuair a bhí comhtheagasc ar siúl, go háirithe sa luath-idirghabháil.

***Cairt 20: Cáilíocht an tsoláthair idirdhealaithe sna bunscoileanna***




***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

*Sa chleachtas trí Ghaeilge ab fhearr a breathnaíodh bhí cuspóirí an cheachta soiléir, ionchur teanga cuí ón múinteoir, idirdhealú déanta do na leibhéil chumais éagsúla agus na daltaí gníomhach ina gcuid foghlama. (Bunscoil 6)*

Cé go raibh idirdhealú áirithe ar siúl i dtromlach na gceachtanna a breathnaíodh, mhol na cigirí go gcuirfí an cleachtas seo i bhfeidhm ar bhonn níos forleithne. Tugadh le fios freisin go raibh gá le níos mó deiseanna do dhaltaí chun tabhairt faoi thascanna idirdhealaithe

ina mbeirteanna nó i ngrúpaí. Dúradh go raibh gá lena chinntiú go mbeadh tascanna a bhí dúshlánach go leor ag gach dalta agus go mbeadh ionchais níos airde ann i gcásanna maidir le gnóthachtáil na ndaltaí.

Mhol cigirí do bhunscoileanna soláthar tacaíochtaí do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu a eagrú de réir na treorach atá foilsithe ag an Roinn Oideachais **ANSEO** maidir leis an leanúntas tacaíochta. Mhol siad freisin go mbeadh cur chuige aontaithe scoile uile á leanúint maidir le coimeád agus úsáid na gcomhad tacaíochta, agus maidir le dearadh agus athbhreithniú na gclár foghlama do dhaltaí aonair nó grúpaí de dhaltaí. Moladh go háirithe go mbeadh na spriocanna sna cláir foghlama sainiúil, intomhaiste agus ag freagairt do riachtanais na ndaltaí, mar a aithníodh ag na gairmithe cuí.

### 5.3.4 An comhtheagasc

Thuairiscigh na cigirí go raibh cáilíocht an chomhtheagaisc an-mhaith i líon beag bunscoileanna agus go maith ina leath, le gnéithe le forbairt ina dtrian. Breathnaíodh ar dhá cheacht déag ina raibh an comhtheagasc ar siúl, lena n-áiríodh soláthar luath-idirghabhála don luath-thumoideachas chomh maith le tacaíocht do mhúineadh na Gaeilge nó d’ábhair eile laistigh den rang.

San idirghabháil luath-thumoideachais a breathnaíodh, tuairiscíodh gur cuireadh clár luath-idirghabhála tairbheach tumoideachais ar fáil don labhairt, don luathléitheoireacht agus do thús na scríbhneoireachta. Dúradh go raibh struchtúr an-mhaith ar an gcomhtheagasc agus tuiscint shoiléir ag gach oide ar a ról. Sna ceachtanna ina raibh an comhtheagasc an-éifeachtach, bhí dualgais na mball foirne éagsúla leagtha amach sa phleanáil ghearrthéarmach. Bhí idirdhealú cuí déanta sa teagasc agus san fhoghlaim chun freastal ar riachtanais teanga éagsúla na ndaltaí.

I mbunscoil amháin, tuairiscíodh go raibh feidhm éifeachtach á baint as an gcomhtheagasc chun dul siar ar phríomh-ghnéithe na topaice agus chun an téarmaíocht nua-fhoghlamtha a dhaingniú. I mbunscoil eile, bhí cuspóirí an chomhtheagaisc ceangailte le spriocanna feabhsúcháin na scoile.

Ar na heasnaimh a sonraíodh sa chomhtheagasc sna bunscoileanna, dúradh gur ghá úsáid níos mó a bhaint as torthaí measúnaithe chun go mbeadh an teagasc agus an fhoghlaim níos spriocdhírithe. Rinneadh moltaí freisin maidir le monatóireacht ar dhul chun cinn na ndaltaí. Moladh, go háirithe, go ndéanfaí athbhreithniú rialta ar an idirghabháil ionranga, lena chinntiú go mbeadh na torthaí foghlama cuí á mbaint amach. Moladh freisin go mbainfí úsáid níos mó as an gcomhtheagasc sna ranganna sinsearacha.

### 5.3.5 Achoimre ar cháilíocht an teagaisc sna bunscoileanna


***Tábla 15: Cinntí maidir le cáilíocht an teagaisc sna bunscoileanna***

| Láidreachtaí | Gnéithe le forbairt |
|---|---|
| Tuairiscíodh go raibh<br>✓ cuir chuige teagaisc an-mhaith nó go maith sa chuid ba mhó de na ceachtanna a breathnaíodh<br>✓ úsáid éifeachtach á baint as acmhainní, lena n-áiríodh teicneolaíocht dhigiteach<br>✓ leas tairbheach á bhaint as filíocht, scéalaíocht agus drámaíocht<br>✓ aird chuí á díriú ar ionchur teanga<br>✓ tacaíocht mhaith do dhaltaí ar bheagán Gaeilge<br>✓ próifílí teanga in úsáid<br>✓ tús curtha le straitéisí féinmheasúnaithe<br>✓ comhtheagasc éifeachtach sa chlár luath-idirghabhála | Tuairiscíodh go raibh gá le<br>○ níos mó deiseanna don idirghníomhaíocht agus don chumarsáid i gcásanna<br>○ spriocanna teangabhunaithe do na leibhéil éagsúla chumais mar bhunús don teagasc agus don mheasúnú<br>○ cleachtas comhaontaithe scoile uile maidir le múineadh agus úsáid shaintéarmaíocht na n-ábhar curaclaim<br>○ ceangal dlúth á dhéanamh idir an phleanáil ranga agus spriocanna an phlean gníomhaíochta d'fheidhmiú an tumoideachais<br>○ dúshláin agus ionchais níos airde a sholáthar i gcásanna do dhaltaí ar ardleibhéal inniúlachta sa Ghaeilge<br>○ cumas féinmheasúnaithe na ndaltaí a fhorbairt<br>○ níos mó comhtheagaisc sna ranganna sinsearacha<br>○ níos mó a dhéanamh ag leibhéal an chórais oideachais chun ábhair foghlama agus measúnuithe a chur in oiriúint do chomhthéacsanna teanga na nGaeltachtaí |

# 6 Cáilíocht na Foghlama agus an Teagaisc ag Leibhéal na hIar-bhunscoile

## 6.1 Réamhrá

***Cairt 21: Ábhair na gceachtanna a ndearnadh breathnóireacht orthu sna hiar-bhunscoileanna***




Le linn na meastóireachtaí cás-staidéir, rinne cigirí breathnóireacht ar sheasca a haon ceacht i seacht n-iar-bhunscoil a bhí ag glacadh páirt sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. B'ionann an seacht scoil seo agus thart ar aon cheathrú de na hiar-bhunscoileanna sa Scéim. Roghnaíodh iar-bhunscoileanna as gach ceantar Gaeltachta ar bhonn randamach. Ba iar-bhunscoileanna Gaeltachta iad na scoileanna go léir a bhí ag feidhmiú trí Ghaeilge le blianta fada seachas scoil amháin a thosaigh ag múineadh ábhar áirithe trí Ghaeilge do scoláirí na chéad bhliana i Meán Fómhair 2018. Sa scoil sin, níor thug na cigirí cuairt ach ar cheachtanna in ábhair a bhí á múineadh trí Ghaeilge. Ba cheachtanna Gaeilge iad thart ar thrian de na ceachtanna a ndearnadh breathnóireacht orthu thar na seacht scoil. Taispeánann Cairt 21 líon na gceachtanna a breathnaíodh sna hábhair éagsúla.

Tá an tráchtaireacht sa chaibidil seo bunaithe freisin ar na tuairiscí taighde a chuir an Foras Taighde ar Oideachas (FTO) ar fáil, a bhaineann le tuairimí múinteoirí agus tuismitheoirí iar-bhunscoile mar a bailíodh iad i ngrúpaí fócais.

## 6.2 Cáilíocht na Foghlama

### 6.2.1 Torthaí foghlama na scoláirí

In Aguisín B den tuarascáil seo, tugtar sonraí ar ghnóthachtáil na scoláirí sa Ghaeilge san Ardteistiméireacht (ardleibhéal) i dtrí iar-bhunscoil cás-staidéir in 2019. Rinneadh anailís ar thorthaí na scoláirí sna scoileanna cás-staidéir ba mhó, mar chuid den taighde ar chaighdeán na Gaeilge sna scoileanna sin[8]. Rinne gach scoláire sna scoileanna seo an scrúdú Gaeilge ag an ardleibhéal san Ardteistiméireacht. Bhain thart ar cheathrú de na

[8] Déanfar anailís níos cuimsithí ar ghnóthachtáil na scoláirí sna scoileanna Gaeltachta i dtuairisc ar ghnóthachtáil sna scoileanna sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta atá le foilsiú ag an FTO in 2022.

scoláirí an grád is airde (A1) amach i gcomparáid le 5% ag an leibhéal seo go náisiúnta. Bhain 90% de na scoláirí sna scoileanna cás-staidéir gráid A1-A3 amach, i gcomparáid le 45% go náisiúnta ag an ardleibhéal, agus 22% san iomlán (scoláirí a rinne scrúdú na Gaeilge ag leibhéal ar bith san Ardteistiméireacht in 2019). Ní bhfuair ach 2% de na scoláirí sna scoileanna cás-staidéir ba mhó grád A5 ná níos lú agus ghnóthaigh 31% de na scoláirí a bhí ag tabhairt faoi leibhéal níos airde go náisiúnta. Mar sin, bhain na daltaí sna hiar-bhunscoileanna Gaeltachta leibhéal níos airde amach ná daltaí go náisiúnta sa scrúdú Gaeilge ag an ardleibhéal.

Sna cuntais féinmhachnaimh a thug na hiar-bhunscoileanna faoin Scéim Aitheantais, rinneadh tagairt do thionchar dearfach an tumoideachais ar thorthaí foghlama na scoláirí. Dúradh go raibh ardú tagtha ar chaighdeán na Gaeilge, idir labhartha agus scríofa. Cheap na múinteoirí go raibh na scoláirí níos muiníní as a gcuid Gaeilge agus go raibh tuiscint níos fearr acu ar an ngramadach. Tuairiscíodh freisin go raibh dea-thionchar an tumoideachais sa Ghaeilge le tabhairt faoi deara i bhfoghlaim teangacha eile, mar a fheictear sa sliocht seo a leanas ó fhéinmhachnamh scoil amháin.

***Sliocht ó fhéinmhachnamh scoil amháin ar chur i bhfeidhm na Scéime***


*De bharr an tumoideachais, tá scoláirí in ann nasc a dhéanamh idir teangacha agus patrúin a aithint iad féin, rud a chuidíonn leo lena n-ábaltacht i dteangacha eile. Tá tuiscint níos fearr acu ar na rialacha gramadaí, ar fhoirmiú focal agus ord abairtí agus, as seo, gineann siad scileanna inaistrithe chun teangacha eile a fhoghlaim. (Iar-bhunscoil 3)*

Sna grúpaí fócais a chuir an FTO ar siúl, dúirt múinteoirí i ngach ceann den seacht iar-bhunscoil go raibh siad dóchasach faoi thodhchaí na Gaeilge ina gcuid scoileanna féin agus sna ceantair Ghaeltachta mháguaird, de bharr na Scéime Aitheantais. Mhínigh múinteoirí sna hiar-bhunscoileanna atá i gcroílár na gceantar Gaeltachta nach raibh cúrsaí chomh maith agus a bhíodar cúig bliana ó shin ó thaobh na Gaeilge de. Cé gur aontaíodh go raibh sárchaighdeán Gaeilge ag formhór a gcuid scoláirí, dúradh go raibh saibhreas na teanga féin sa cheantar Gaeltachta ag dul i léig ó thaobh struchtúir theangeolaíochta agus foclóra de. Mar sin féin, luadh go mbeadh cur i bhfeidhm an tumoideachais mar chuid den Scéim sna bunscoileanna an-fhabhrach do chur chun cinn na Gaeilge sna hiar-bhunscoileanna, ach nach mbeadh an dul chun cinn le sonrú go ceann roinnt blianta.

Sna tuairiscí meastóireachta cás-staidéir ar iar-bhunscoileanna, dúirt na cigirí go raibh torthaí foghlama na scoláirí ar cháilíocht mhaith nó an-mhaith i dtromlach na gceachtanna. Bhí caighdeán na dtorthaí foghlama ar leibhéal sásúil nó níos ísle i mionlach suntasach de na ceachtanna.

Sna ceachtanna a fuair ardmholadh sna hiar-bhunscoileanna, bhí scoláirí lán-ábalta iad féin a chur in iúl trí Ghaeilge, bíodh míniú á thabhairt, soiléiriú á lorg nó tuairim á nochtadh. Luadh go raibh rian de shaibhreas na canúna áitiúla ar Ghaeilge na scoláirí i gcásanna áirithe, fiú sna ceantair ina raibh úsáid na Gaeilge mar theanga an phobail imithe i léig le tamall de bhlianta.

***Cairt 22: Cáilíocht na dtorthaí foghlama sna hiar-bhunscoileanna***




***Sleachta ó thuairiscí meastóireachta na Cigireachta***

*Láidreacht ó thaobh Gaeilge na scoláirí í a gcruinneas foghraíochta agus iad ag úsáid Gaeilge an cheantair. (Iar-bhunscoil 6)*

*Tugadh aitheantas sna ceachtanna seo d'eolas na scoláirí ar an gcanúint áitiúil agus dá n-inniúlacht Ghaeilge féin. (Iar-bhunscoil 1)*

I mbeagnach leath de na scoileanna, tuairiscíodh go raibh gá leis na scoláirí a mhisniú maidir lena scileanna cur i láthair agus cur in iúl. Ba léir go raibh gabhchumas teanga na scoláirí sa Ghaeilge ar chaighdeán maith i gcoitinne ach go raibh gá le tuilleadh forbartha maidir le ginchumas teanga. Dúirt na cigirí gur chóir níos mó deiseanna cumarsáide agus cur i láthair a thabhairt do scoláirí sna ceachtanna, chun cur lena misneach agus lena bhféinmhuinín. Bheadh an cur chuige seo ag teacht le bunphrionsabail na Sraithe Sóisearaí agus na hionchais do thorthaí foghlama na scoláirí maidir le páirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhráite agus a bheith ábalta idirghníomhú go muiníneach i gcomhthéacsanna difriúla.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

*Moltar go láidir go ndíreofaí ar fhíordheiseanna cumarsáide agus idirghníomhaíochta a chruthú sna ceachtanna ar fad d'fhonn na scoláirí a chumasú ina gcuid foghlama chun a gcuid tuairimí a léiriú agus a gcuid scileanna litearthachta ó bhéal a fhorbairt.*


*Cé go bhfuil Gaeilge den scoth ag na scoláirí, ní hionann sin agus scileanna maithe cur i láthair agus féinléirithe a bheith acu. (Iar-bhunscoil 1)*

### 6.2.2 Eispéireas foghlama na scoláirí

Tuairiscíodh sna meastóireachtaí cás-staidéir go raibh eispéireas foghlama na scoláirí go maith nó an-mhaith i dtromlach na gceachtanna a breathnaíodh.

Tugadh suntas sna tuairiscí cás-staidéir ar fad do na deiseanna don fhoghlaim ghníomhach agus idirghníomhach a cruthaíodh le linn thromlach na gceachtanna. Dúradh gurb é seo an cur chuige ba mhó a raibh tionchar aige ar fhoghlaim agus leibhéal spéise na scoláirí. Luadh an éifeacht dhearfach a bhí ag an obair idirghníomhach ar fhéinspreagthacht agus rannpháirtíocht na scoláirí san fhoghlaim.

***Cairt 23: Cáilíocht na n-eispéireas foghlama sna hiar-bhunscoileanna***




***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

*Sna ceachtanna ab éifeachtaí ó thaobh na foghlama de, tugadh deiseanna do scoláirí a bheith ag obair le chéile, tuairimí a roinnt agus a nochtadh, agus i gcás amháin a bhí fíor-éifeachtach, cabhrú lena chéile chun fadhbanna a réiteach. (Iar-bhunscoil 7)*


I mbeagnach leath de na tuairiscí meastóireachta ar iar-bhunscoileanna, rinneadh tagairt don nasc a cruthaíodh sa rang idir ábhar an cheachta agus taithí na scoláirí lasmuigh den scoil, cur chuige a chabhraigh go mór lena gcuid spéise a mhúscailt agus iad a ghríosadh chun oibre. Luadh an tábhacht a bhain leis na scoláirí a bheith eolach faoin gceantar, faoin gcanúint, faoin téarmaíocht áitiúil agus faoi ghnéithe éagsúla de shaol na Gaeilge agus na Gaeltachta.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

*Díríodh aird na scoláirí ar stair an cheantair, ar na traidisiúin éagsúla a bhaineann leis agus ar a dtaithí féin ar na traidisiúin sin. Nascadh an fhoghlaim sin le hamhráin ón gceantar ar bhealach fíor-thaitneamhach agus spéisiúil, cur chuige atá ag teacht go hiomlán lena bhfuil á chur chun cinn i Sonraíocht na Sraithe Sóisearaí don Ghaeilge T1. (Iar-bhunscoil 1)*

Aithníodh i dtromlach na dtuairiscí meastóireachta ar iar-bhunscoileanna go raibh an timpeallacht foghlama go maith nó an-mhaith. In iar-bhunscoil amháin ina raibh an timpeallacht foghlama sár-mhaith, moladh don scoil teagmháil a dhéanamh le COGG, d'fhonn an t-ábhar a cruthaíodh sa scoil a fhoilsiú agus a roinnt le scoileanna eile. Rinneadh tagairt don dea-chaidreamh idir scoláirí agus múinteoirí, rud a chuir go mór le hatmaisféar agus timpeallacht foghlama spreagúil a bhí cruthaithe do na scoláirí. I gcuid de na grúpaí fócais, luaigh na scoláirí freisin an t-atmaisféar taitneamhach sa scoil mar ghné dhearfach den chleachtas.

***Cairt 24: Cáilíocht na dtimpeallachtaí foghlama sna hiar-bhunscoileanna***




***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

*Bhí timpeallacht phrionta shaibhir, spreagúil agus ábhartha mar thaca don fhoghlaim cruthaithe trí Ghaeilge i mórán gach seomra ranga agus ar na ballaí sa scoil. Rinneadh obair iontach ar shraith póstaer nua-aimseartha ar sheanfhocail agus ar litríocht na Gaeilge. (Iar-bhunscoil 2)*

I níos lú ná ceathrú de na ceachtanna a breathnaíodh sna hiar-bhunscoileanna, bhí gá le feabhsúcháin san eispéireas foghlama. Sna ceachtanna seo, de ghnáth, níor tugadh dóthain deiseanna do na scoláirí iad féin a chur in iúl tríd an bhfoghlaim idirghníomhach. Cé go raibh na scoláirí ag éisteacht leis an múinteoir, bhíodar ciúin, tostach agus uaireanta neamhghníomhach. Rinne na cigirí moltaí téagartha i mbeagnach gach tuairisc faoin gcleachtas seo. Fiú sna hiar-bhunscoileanna ina raibh dea-chleachtas i bhfeidhm maidir leis an ngné seo den fhoghlaim, bhí ceachtanna áirithe fós ann ina raibh scóip chun feabhais. Bheadh rannpháirtíocht ghníomhach na scoláirí ag teastáil chun feabhas a chur ar a nginchumas teanga agus chun cur lena saibhreas teanga.

***Sleachta ó thuairiscí meastóireachta na Cigireachta***

*Bhí rannpháirtíocht na scoláirí ina gcuid foghlama féin easnamhach i líon suntasach de cheachtanna agus is guth an mhúinteora a bhí chun tosaigh. (Iar-bhunscoil 1)*

*Moltar do na múinteoirí a chinntiú nach bhfuil a ngutha chun tosaigh sa rang an t-am ar fad. Ní mór an t-am cuí a thabhairt don éascaitheoireacht freisin, am ina*

*bhfuil an múinteoir mar éascaitheoir ar an bhfoghlaim agus an obair ghníomhach idir scoláirí. (Iar-bhunscoil 6)*

### 6.2.3 Achoimre ar cháilíocht na foghlama sna hiar-bhunscoileanna

***Tábla 16: Cinntí maidir le cáilíocht na foghlama sna hiar-bhunscoileanna***


| Láidreachtaí | Gnéithe le forbairt |
|---|---|
| Tuairiscíodh go raibh<br>✓ torthaí foghlama na scoláirí ar cháilíocht mhaith nó an-mhaith i dtromlach na gceachtanna<br>✓ gabhchumas teanga na scoláirí sa Ghaeilge ar chaighdeán maith i gcoitinne<br>✓ úsáid na canúna áitiúla le feiceáil i nGaeilge na scoláirí i gcásanna áirithe<br>✓ eispéireas foghlama na scoláirí go maith nó an-mhaith i dtromlach na gceachtanna a breathnaíodh<br>✓ scoláirí gníomhach agus ag baint taitneamh as a gcuid foghlama i gceachtanna áirithe<br>✓ nasc idir ábhar an cheachta agus saol comhaimseartha na scoláirí<br>✓ timpeallacht foghlama spreagúil á cur ar fail | Tuairiscíodh go raibh gá le<br>○ tuilleadh forbartha maidir le ginchumas teanga na scoláirí sa Ghaeilge<br>○ níos mó deiseanna cainte, cumarsáide agus cur i láthair a thabhairt do scoláirí sna ceachtanna<br>○ tuilleadh misnigh a chothú i measc na scoláirí maidir lena scileanna cur i láthair agus cur in iúl<br>○ dúshlán cuí san fhoghlaim do gach scoláire<br>○ cabhair bhreise do scoláirí a bhfuil gá acu leis |

## 6.3 Cáilíocht an teagaisc

### 6.3.1 Cuir chuige teagaisc

Bhí na cuir chuige teagaisc go maith nó an-mhaith in os cionn dhá thrian de na ceachtanna a breathnaíodh sna hiar-bhunscoileanna. Bhí mionlach suntasach, áfach, ina raibh gá le feabhas a dhéanamh.

***Cairt 25: Cáilíocht an chuir chuige teagaisc sna hiar-bhunscoileanna***




### Úsáid na Gaeilge sna ceachtanna

Rinneadh tagairt i dtromlach na dtuairiscí meastóireachta ar iar-bhunscoileanna do shárcháilíocht Ghaeilge na múinteoirí agus don tábhacht a bhain lena n-ionchur ó thaobh na teanga de. Tugadh le fios go raibh sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh na scoláirí ag éisteacht le Gaeilge ar ardchaighdeán ionas gur féidir leo múnlaí cainte agus frásaí dúchasacha a aithint agus a aithris, chomh maith le stór saibhir focal a shealbhú.

***Sleachta ó thuairiscí meastóireachta na Cigireachta***

*Bhí Gaeilge na múinteoirí ar ardchaighdeán agus bhain siad úsáid chliste as an teanga chun eolas na scoláirí ar ábhar an cheachta a leathnú agus a gcuid eolais ar an teanga a shíneadh agus fhorbairt. (Iar-bhunscoil 6)*

*Is eiseamláirí luachmhara ar dhea-úsáid na Gaeilge iad na múinteoirí seo agus ba cheart tarrac ar a gcuid saineolais i dtionscadail a fhorbraíonn scileanna litearthachta agus feasacht teanga. (Iar-bhunscoil 7)*

Tuairiscíodh sna grúpaí fócais a chuir an FTO ar siúl go raibh múinteoirí iar-bhunscoile nach raibh líofacht acu ag glacadh páirt i raon leathan de chúrsaí chun a gcuid Gaeilge a fheabhsú. Dúradh go raibh cuid de na cúrsaí curtha ar fáil ag na hiar-bhunscoileanna féin agus cuid acu ag soláthraithe eile, lena n-áiríodh grúpaí áitiúla, COGG agus Gaelchultúr.

Luadh freisin go raibh suim ag múinteoirí iar-bhunscoile cúrsaí breise a dhéanamh, ar nós cúrsaí de chuid Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge nó cúrsaí chun ullmhú do Theastas Eorpach na Gaeilge. Dúradh go mbíodh costas ag baint leis na cúrsaí sin ó thaobh ama

agus airgid de ach go raibh na costais laghdaithe anois de bharr na deiseanna breise a bhí ar fáil ar líne, mar chuid den fhreagairt ar phaindéim COVID-19.


Ba léir nach raibh na múinteoirí iar-bhunscoile go léir i ngrúpaí fócais an FTO ar an eolas faoi thacaíochtaí breise a bhí ar fáil, ar nós sparánachtaí don Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus an tacaíocht atá curtha ar fáil don Mháistreacht san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta i gColáiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh.

***Sleachta ó thuairiscí taighde an FTO***

> *Níl fáil ag an scoil i gcónaí ar mhúinteoirí le scileanna inniúlachta sa Ghaeilge do gach ábhar. Tá beirt mhúinteoirí ag staidéir na Gaeilge agus ag déanamh scrúduithe do Theastas Eorpach na Gaeilge (TEG) i mbliana, agus tá na múinteoirí eile sa scoil ag cuidiú leo an Ghaeilge a úsáid. (Iar-bhunscoil 7)*
>
> *Tugtar tacaíocht i bhfoirm ceardlanna do mhúinteoirí ar bheagán Gaeilge, a thagann chun na scoile. Thuig múinteoirí na n-ábhar eile nach bhféadfaí an fhreagracht ar fad maidir le cur chun na Gaeilge a chur ar mhúinteoirí na Gaeilge – go gcaithfeadh gach múinteoir a bheith freagrach as an nGaeilge a chur chun cinn. (Iar-bhunscoil 5)*

Sna tuairiscí cás-staidéir, thuairiscigh na cigirí go raibh úsáid na Gaeilge mar theanga an teagaisc go han-mhaith i dtromlach na gceachtanna a breathnaíodh sna hiar-bhunscoileanna agus go maith i líon beag ceachtanna. I measc na ngnéithe de shárchleachtas a breathnaíodh, luaigh cigirí úsáid na Gaeilge ag leibhéal an ranga, úsáid na dtéacsleabhar Gaeilge agus acmhainní eile, an bhéim chuí a bheith ar chanúint na háite agus in os cionn leath na dtuairiscí, rinneadh tagairt d'ardchaighdeán Gaeilge na scoláirí.

***Cairt 26: Úsáid na Gaeilge mar theanga teagaisc sna hiar-bhunscoileanna***




Ba í an Ghaeilge teanga an teagaisc agus na cumarsáide sna ceachtanna ar fad a breathnaíodh sna hiar-bhunscoileanna. Luaigh scoláirí in iar-bhunscoil amháin áfach, go mbeadh Béarla in úsáid i roinnt ranganna toisc go raibh na múinteoirí fós ag foghlaim na teanga. In dhá thuairisc, mhol na cigirí gur chóir úsáid an aistriúcháin, ó Ghaeilge go Béarla, a sheachaint agus gur chóir téarmaí nó coincheapa deacra i nGaeilge a mhíniú ar bhealach níos simplí. Ar an gcaoi sin, bheadh

na scoláirí ag dul i dtaithí ar fhorbairt a scileanna Gaeilge féin. Dúradh go mbeadh sé tairbheach d'eispéireas foghlama na scoláirí go gcuirfí an cleachtas tumoideachais seo i bhfeidhm ag leibhéal scoile uile, agus go sonrófaí é i bpolasaí Gaeilge na scoile, ar mhaithe le heispéireas foghlama lántumtha a chinntiú. Rinne cigirí tagairt ina gcuid tuairiscí don tábhacht a bhain le haird na scoláirí a dhíriú ar an gcanúint áitiúil agus ar shaibhreas teanga na scoláirí a chothú agus a fhorbairt.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

*Ba cheart díriú ar fhoghraíocht agus ar úsáid Ghaeilge an cheantair agus nathanna agus leaganacha dúchasacha ón gceantar a mhúineadh agus a úsáid go nádúrtha sna ceachtanna d'fhonn an saibhreas teanga áitiúil sin a chothú agus a thabhairt chun cuimhne. Moltar freisin díriú ar Ghaeilge na scoláirí a leathnú agus a shaibhriú go rialta sna ceachtanna ionas go bhfaighidh siad bealaí éagsúla chun iad féin a chur in iúl. (Iar-bhunscoil 6)*

Sna grúpaí fócais a d'eagraigh an FTO le múinteoirí iar-bhunscoile, dúradh gur chóir d'iar-bhunscoileanna am a chur ar fáil do mhúinteoirí na Gaeilge chun an litríocht áitiúil a bhailiú agus a ullmhú chun go mbeadh sí ar fáil i gcomhthéacs na sonraíochta T1 do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí. Dúradh sna grúpaí fócais freisin go raibh neamhaird déanta ar chanúint Uladh ar liostaí oifigiúla na leabhar do shonraíocht T1 don Ghaeilge. Rinne na múinteoirí iar-bhunscoile sna grúpaí fócais tagairt go minic do shonraíocht T1 do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí.

***Sleachta ó thuairiscí taighde an FTO***

*Maidir le Sonraíocht Ghaeilge T1 na Sraithe Sóisearaí, mheas na múinteoirí go raibh féidearthachtaí ann chun scileanna Gaeilge na scoláirí a fhorbairt a thuilleadh. D'aontaigh siad go gcruthaíonn an tSonraíocht nasc idir an Ghaeilge thraidisiúnta agus an Ghaeilge a labhraítear sa bhaile. Dúirt na múinteoirí go raibh béim níos láidre anois ar ábhair dhílse Ghaeltachta, ar litríocht na háite, agus ar chanúintí ó cheantair eile (rud nach raibh ann go dtí seo). (Iar-bhunscoil 1)*

*Cé gur dóigh leis na múinteoirí go bhfuil an fhís agus an teoiric sa tSonraíocht T1 ceart, agus go bhfuil siad sásta leis na féidearthachtaí maidir le litríocht áitiúil, tá siad buartha faoin measúnú. Níl siad sásta go bhfuil an bhéaltriail (mar a bhíodh sí) imithe. (Iar-bhunscoil 2)*

*Mhol na múinteoirí go n-oibreodh COGG le daoine sa cheantar chun leabhrán faoin litríocht áitiúil do T1 a chur le chéile. Cé go bhfuil go leor nótaí bailithe ag na múinteoirí, dúirt siad gurbh fhiú eagar ceart a chur orthu, chun go mbeadh litríocht áitiúil agus frásaí áitiúla ar fáil go héasca. Dúradh go raibh géarghá le téacsanna bunaithe ar an litríocht áitiúil do thascanna léitheoireachta. Tuairiscíodh go raibh níos mó suime ag na scoláirí sa litríocht áitiúil. (Iar-bhunscoil 5)*

Luaigh na cigirí dea-chleachtas maidir le deiseanna a thabhairt do scoláirí iar-bhunscoile a bheith ag obair le chéile agus an Ghaeilge a bheith á labhairt acu go nádúrtha le linn na gceachtanna.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

*Ba iad na ceachtanna b'éifeachtaí ná na ceachtanna ina raibh deis ag scoláirí a bheith gníomhach ina gcuid foghlama agus inar tugadh deis dóibh a gcuid tuairimí a nochtadh agus a phlé. (Iar-bhunscoil 4)*

Mhol na cigirí freisin gur cheart do mhúinteoirí iar-bhunscoile a chinntiú go mbeadh neart deiseanna cainte ag scoláirí sa rang, na scoláirí is lú inniúlachta sa teanga san áireamh. Bhí an moladh seo maidir leis an teagasc ag teacht leis an méid a tuairiscíodh faoi thorthaí foghlama na scoláirí agus a n-eispéiris fhoghlama. Dúradh gur ghá na scoláirí seo a chumasú sa rang ionas gur féidir leo cumarsáid trí Ghaeilge a dhéanamh go muiníneach le scoláirí eile lasmuigh den rang agus nach mbeadh lagmhisneach orthu toisc nár chainteoirí dúchais iad. Luadh go minic sna tuairiscí gur cheart na scoláirí a spreagadh chun abairtí iomlána a thabhairt mar fhreagraí ar cheisteanna seachas a bheith ag glacadh le freagraí aonfhocal nó freagraí ó na scoláirí ba chumasaí agus ba mhuiníní amháin. Tá an cur chuige seo thar a bheith tábhachtach, mar is den riachtanas é deiseanna iomadúla cumarsáide a chruthú do scoláirí nach bhfuil inniúil go hiomlán ar an nGaeilge.

I measc na gcur chuige teagaisc sár-éifeachtach nó éifeachtach a breathnaíodh trasna na n-ábhar ar fad sna hiar-bhunscoileanna tugadh suntas don fhoghlaim ghníomhach inar tugadh deiseanna do scoláirí idirghníomhú ina mbeirteanna, a gcuid tuairimí a chur in iúl agus páirt iomlán a ghlacadh ina gcuid foghlama.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

> *Sna ceachtanna ba bhisiúla tugadh deis do na scoláirí obair i mbeirteanna, a dtuairimí a léiriú agus a bheith rannpháirteach ina gcuid foghlama. (Iar-bhunscoil 1)*

Moladh, i gcásanna áirithe, go mbeadh níos mó deiseanna curtha ar fáil do scoláirí le bheith gníomhach ina gcuid foghlama ionas nach mbeadh siad gafa rómhór le nótaí a thógáil síos ón gclár bán. Baineann an fhoghlaim ghníomhach le réimse scileanna a fhorbairt, ag teacht le prionsabail agus torthaí foghlama Gaeilge na Sraithe Sóisearaí, lena n-áirítear scileanna cainte, idirghníomhú, féinfheasacht mar fhoghlaimeoir agus forbairt na foghlama neamhspleáiche.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

> *I mionlach suntasach de cheachtanna, bhí luí rómhór ar mhodheolaíochtaí múinteoir-lárnach agus scoláirí ag breacadh síos nótaí ón gclár. Moltar deiseanna a chruthú do na scoláirí i ngach ceacht chun dul i ngleic le hábhar an cheachta ar bhealach gníomhach. (Iar-bhunscoil 2)*

Moladh freisin breis fócais a dhíriú ar scoláirí a spreagadh le réim teanga níos leithne a úsáid agus a gcuid scileanna Gaeilge a shíneadh agus a fhorbairt. Tá obair den scoth, a dhéanfar tagairt níos mine di níos faide amach sa tuairisc, ar siúl ag iar-bhunscoileanna chun scoláirí a ullmhú do chomórtais teanga agus scríbhneoireachta sa Ghaeilge.

***Sleachta ó thuairiscí meastóireachta na Cigireachta***

> *Baineadh úsáid as ceisteanna íseal-oird den chuid ba mhó agus as ceisteanna oscailte ó am go chéile sna ceachtanna seo; ba iad na scoláirí ab inniúla sa teanga a bhí á bhfreagairt agus ba mhinic a glacadh le freagraí aonfhocal ar cheisteanna.*
> *(Iar-bhunscoil 2)*
>
> *I gcás mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge, moltar modheolaíochtaí éagsúla chun an cur chuige cumarsáide a chur i bhfeidhm, chun na scoláirí ar fad a spreagadh le leibhéal níos airde úsáidte teanga agus cognaíocha a bhaint amach. (Iar-bhunscoil 3)*


I measc na ngnéithe eile den dea-chleachtas teagaisc a aithníodh sna hiar-bhunscoileanna, thug na cigirí suntas go háirithe don obair a bhí ar siúl ag múinteoirí chun

aird na scoláirí a dhíriú ar chruinnscríobh na Gaeilge agus ar rialacha gramadaí a thuiscint agus a shealbhú.

### Úsáid acmhainní agus na teicneolaíochta digití don teagasc agus don fhoghlaim

Bhí cáilíocht úsáid acmhainní chun tacú le foghlaim na scoláirí sna hiar-bhunscoileanna go maith nó an-mhaith in os cionn leath de na ceachtanna. Sa chleachtas ab fhearr a aithníodh trasna na n-ábhar go léir, luadh aimsiú agus úsáid acmhainní digiteacha, foinsí idirlíne agus míreanna físe.

***Cairt 27: Cáilíocht úsáid acmhainní sna ceachtanna sna hiar-bhunscoileanna***




***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***

*Bhí obair na múinteoirí in aimsiú agus in oiriúnú acmhainní agus fearais le moladh. I gcás ceachta amháin baineadh leas an-mhaith as míreanna físe agus foinsí idirlíne. (Iar-bhunscoil 3)*

Dar le cuid de na múinteoirí iar-bhunscoile a ghlac páirt sna grúpaí fócais leis an FTO, bhí na téacsleabhair agus na hábhair eile atá ar fáil ó eagraíochtaí ar nós COGG an-mhaith, cé nach raibh go leor díobh ann. Tugadh le fios go mbeadh teacht ar acmhainní oiriúnacha níos éasca leis an tairseach a bhí á forbairt ag COGG agus an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí. Dúradh freisin go raibh gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeán na Gaeilge sna hacmhainní do shonraíocht T1 do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí ó thaobh saibhreas foclóra de, agus le scoileanna agus múinteoirí a spreagadh chun an litríocht áitiúil a úsáid.

***Sleachta ó thuairiscí taighde an FTO***

*Mhol na múinteoirí go n-iarrfaí ar mhúinteoirí eile tabhairt faoi aistriú na dtéacsleabhar go Gaeilge, in ionad iarraidh ar aistritheoirí gairmiúla nach bhfuil taithí acu ar Ghaeilge na scoláirí, é a dhéanamh. (Iar-bhunscoil 1)*

*Tá deacrachtaí ag na múinteoirí teacht ar acmhainní foghlama ábhartha i nGaeilge i gcás cuid de na hábhair, ach is léir go bhfuil siad sásta acmhainní a roinnt eatarthu féin agus le múinteoirí i scoileanna eile. (Iar-bhunscoil 5)*

*I gcás na Tíreolaíochta, dúradh gur aistríodh an téacsleabhar díreach ón mBéarla, agus go mbíonn ar na múinteoirí na ceisteanna a athaistriú do na scoláirí ionas gur féidir leo iad a thuiscint. (Iar-bhunscoil 5)*

In ábhar féinmhachnaimh na scoileanna, léiríodh dúshláin maidir le soláthar acmhainní chomh maith le samplaí dea-chleachtais, mar a fheictear sna sleachta seo a leanas.

***Sleachta ó fhéinmhachnamh na scoileanna ar chur i bhfeidhm na Scéime***

*Ceann de na dúshláin is mó atá le sárú ná easpa acmhainní, go háirithe téacsleabhair sna hábhair dhifriúla. Níl réimse leathan téacsleabhar ar fáil i nGaeilge i gcuid mhór ábhar. Cé go bhfuil na cinn atá foilsithe le moladh, ar an drochuair níl siad i gcanúint Uladh, níl siad soléite, sothuigthe do na haoisghrúpaí ar a bhfuil siad dírithe. (Iar-bhunscoil 6)*

*Tá réimse leathan áiseanna curtha le chéile ag foireann na scoile, a bhfuil an scoil bródúil astu, mar shampla póstaeir nua-aimseartha ar bhallaí na scoile, le ráitis chun tacú leis an bhfoghlaim. Is léir do na scoláirí gur teanga bheo í an Ghaeilge sa suíomh scoile seo. (Iar-bhunscoil 2)*

Thuairiscigh na cigirí go raibh gá feabhsúcháin a dhéanamh maidir le húsáid acmhainní chun tacú le teagasc agus foghlaim sa Ghaeilge i mbeagnach leath de na ceachtanna a breathnaíodh. Bhí go leor moltaí chun feabhais i leith úsáid réimse níos leithne acmhainní ar nós grianghraf, meabhairmhapaí, giotaí físeán, cairteacha, amhráin agus cluichí. Dúradh go spreagfadh an cleachtas seo breis idirghníomhaíochta agus go gcothódh sé féinmhuinín i measc na scoláirí, go háirithe scoláirí ar chumas níos ísle sa teanga.

***Sleachta ó thuairiscí meastóireachta na Cigireachta***

*Lasmuigh den chlár bán, an téacsleabhar agus bileoga breise, ba theoranta an leas a bhain múinteoirí as acmhainní eile chun tacú lena gcur chuige teagaisc. (Iar-bhunscoil 5)*

> *Tá scóip chun feabhais maidir le haithint agus úsáid réimse níos leithne acmhainní teagaisc sna ceachtanna chun cur le spéis agus le tuiscint na scoláirí ar ábhair na gceachtanna. (Iar-bhunscoil 7)*

I ngach ceann de na hiar-bhunscoileanna ach ceann amháin, luaigh na cigirí easpa úsáid acmhainní digiteacha go háirithe mar ghné gur ghá don scoil díriú air. Rinneadh na moltaí seo d'fhonn scoileanna a spreagadh chun úsáid níos éifeachtaí a bhaint as an áis luachmhar seo a bhfuil an t-uafás infheistíochta déanta inti ag an Roinn Oideachais agus ag na scoileanna féin le blianta beaga anuas.

**_Sleachta ó thuairiscí meastóireachta na Cigireachta_**

> *Is réimse chun feabhais ar bhonn scoile uile úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha ar bhealach fiúntach. Beidh na treoirlínte Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015 – 2020 agus na Treoirlínte Foghlama agus Measúnaithe ina gcuidiú maidir leis an tionscnaimh seo. (Iar-bhunscoil 3)*

> *Réimse chun forbartha is ea úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha. Lasmuigh de cheacht amháin inar úsáideadh sleamhnáin agus mír físe chun tuairimíocht a spreagadh agus freagairt scoláirí ar chás staidéir a fháil, is ar éigean ar baineadh aon úsáid as an áis luachmhar seo. (Iar-bhunscoil 1)*

> *Baineadh úsáid mhaith as teicneolaíochtaí digiteacha i gceacht amháin chun tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim ach níor tapaíodh na deiseanna seo in aon cheacht eile. Moltar go mbainfí úsáid as réimse ábhar agus acmhainní teagaisc comhaimseartha spreagúla a thacódh le spéis na scoláirí a mhúscailt sa Ghaeilge agus ina gcuid foghlama i gcoitinne. (Iar-bhunscoil 2)*

Sna grúpaí fócais leis an FTO, léiríodh nach raibh sé éasca i gcónaí teacht ar ríomhairí don teagasc agus don fhoghlaim i gcuid de an scoileanna.

**_Sleachta ó thuairiscí taighde an FTO_**

> *Chuir na múinteoirí in iúl go bhfuil rochtain teoranta ar ríomhairí le haghaidh ábhair áirithe toisc go mbíonn an-éileamh orthu le haghaidh ábhair phraiticiúla ar nós*

*innealtóireacht agus líníocht. Mheas na múinteoirí go bhféadfaí níos mó a dhéanamh le teicneolaíocht dhigiteach dá mbeadh teacht ar na háiseanna. (Iar-bhunscoil 1)*

*B'fhiú níos mó deiseanna a thabhairt do na scoláirí an teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun iad a spreagadh lena dtuairimí féin a chur in iúl agus a roinnt le linn an phróisis teagaisc agus foghlama sna hábhair éagsúla. (Iar-bhunscoil 1)*

*Cé go dtuigeann na múinteoirí na féidearthachtaí a bhaineann leis an teicneolaíocht dhigiteach chun tacú le teagasc agus foghlaim, is cosúil go bhféadfaí leas níos mó a bhaint aisti. Tuigtear go dtógfaidh sé roinnt ama úsáid na teicneolaíochta a leathnú trasna an churaclaim, ach b'fhiú díriú isteach ar ábhar amháin ag an tús agus ceachtanna a phleanáil chun deiseanna breise a thabhairt do scoláirí an teicneolaíocht a úsáid. (Iar-bhunscoil 3)*

Sna grúpaí fócais leis an FTO, dúirt múinteoirí iar-bhunscoile go bhféadfadh scoileanna in áiteanna iargúlta ach go háirithe níos mó úsáide a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach chun deiseanna a thabhairt do scoláirí agus múinteoirí bualadh le haoichainteoirí.

***Sleachta ó thuairiscí taighde an FTO***

*Tuairiscíodh nach féidir teacht ar aoichainteoirí go ró-mhinic toisc go bhfuil an scoil lonnaithe in áit iargúlta. D'fhéadfaí teacht timpeall ar seo anois trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht. (Iar-bhunscoil 3)*

*Cé gur thuig na tuismitheoirí gur spreag an Scéim na scoileanna chun cuireadh a thabhairt do dhaoine sa cheantar le Gaeilge nó le ceol teacht mar aoi chun na scoile, bhí deacrachtaí leis seo de bharr srianta a bhain leis an reachtaíocht um chosaint leanaí. Dúradh nach mbíonn fonn ar chainteoirí dúchais áitiúla dul trí phróiseas grinnfhiosrúcháin na ngardaí arís agus arís eile. D'fhéadfadh an teicneolaíocht cabhrú le seo. (Iar-bhunscoil 5)*

### Teagasc na n-ábhar eile trí Ghaeilge

Ba cheachtanna in ábhair eile seachas an Ghaeilge iad thart ar dhá thrian de na ceachtanna a breathnaíodh sna hiar-bhunscoileanna. Sna ceachtanna sin, tugadh tús áite, de ghnáth, do chuspóirí a bhí sainiúil don ábhar. É sin ráite, bhí foghlaim teanga i gceist go hiondúil nuair a bhí coincheap nua á fhoghlaim. Theastaigh foclóir agus

téarmaíocht áirithe ó scoláirí freisin ionas go raibh siad ábalta a gcuid foghlama a léiriú agus coincheapa nua a phlé ar mhaithe le tuiscint níos fearr a fháil orthu.

Sna grúpaí fócais leis an FTO agus i gcuntais féinmhachnaimh na bainistíochta iar-bhunscoile, tuairiscíodh gur fhéach múinteoirí sna hiar-bhunscoileanna Gaeltachta orthu féin mar mhúinteoirí teanga, mar aon le múinteoirí ábhar. Dúradh gur thuig múinteoirí na n-ábhar éagsúla nach bhféadfaí an fhreagracht iomlán titim ar mhúinteoirí na Gaeilge chun an teanga a chur chun cinn sna hiar-bhunscoileanna. Mar chuid den dea-chleachtas scoile uile i scoil amháin, baineadh úsáid as clár bán beag curtha in aice leis an gclár bán mór agus bhí téarmaíocht nua do na ceachtanna á scríobh air. Tuairiscíodh go raibh sé mar nós imeachta i scoil eile gluaiseanna den téarmaíocht Ghaeilge ba choitianta a chur ar fáil do scoláirí ag tús gach téarma. Dúradh gurbh fhiú go mór do scoileanna féachaint chuige go dtiocfadh múinteoirí na Gaeilge, múinteoirí na n-ábhar eile, agus an múinteoir tacaíochta don Ghaeilge le chéile go rialta chun riachtanais na scoláirí a phlé agus chun áiseanna a roinnt.

***Sleachta ó thuairiscí taighde an FTO***

*Dúirt na múinteoirí go mbíonn an téarmaíocht sna hábhair éagsúla deacair do na scoláirí, bíodh sé i nGaeilge nó i mBéarla. Bhí siad buartha go mbíonn trí nó ceithre théarma in úsáid uaireanta sna leabhair don choincheap céanna (mar shampla, turgnamh, iniúchadh, mionscrúdú) agus go bhféadfadh téarma eile ar fad a bheith in úsáid ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit. (Iar-bhunscoil 1)*

*Cuireadh in iúl do na múinteoirí go mb'fhéidir go mbeadh gluaiseanna don téarmaíocht mínithe i nGaeilge úsáideach i leith gach ábhar, agus d'aontaigh siad go mba mhaith an rud a leithéid a bheith ar fáil. (Iar-bhunscoil 1)*

*Dúradh go gcabhraíonn múinteoirí na Gaeilge le múinteoirí eile na scoile maidir leis an nGaeilge a chur chun cinn sna hábhair éagsúla. Bíonn cruinnithe rialta ag na múinteoirí suas le dhá uair sa mhí chun deacrachtaí a phlé. Má bhíonn deacracht ag múinteoir nó ag scoláire, tugtar tacaíocht dóibh, ach is dúshlán é dóthain ama a fháil chun an tacaíocht ghníomhach seo a sholáthar. (Iar-bhunscoil 6)*

*Luaigh na múinteoirí go bhfuil béim scoile uile á leagan ar aithint bhotúin choitianta agus go bhfuil an fócas sa mheasúnú ar dhul chun cinn na scoláirí ó thaobh litearthacht na Gaeilge de i ngach ábhar. Dúradh go bhfuil Coiste Litearthachta bunaithe sa scoil chun díriú ar an ngné seo de theagasc agus foghlaim na teanga. (Iar-bhunscoil 7)*

Dúirt múinteoirí in dhá iar-bhunscoil go raibh cuid de na hábhair Ardteistiméireachta á ndéanamh ag na scoláirí as Béarla toisc nach raibh teacht ar mhúinteoirí le hinniúlacht Ghaeilge. Tugadh le fios, áfach, go raibh iar-bhunscoil amháin díobh siúd ag obair ar pholasaí lena chinntiú go ndéanfar gach scrúdú as Gaeilge amach anseo. Tuairiscíodh go raibh scoláirí áirithe ag iarraidh na bréagscrúduithe a dhéanamh as Béarla chomh maith de dheasca nach raibh comhlachtaí ceartúcháin sásta iad a cheartú as Gaeilge.

Sna tuairiscí cás-staidéir ar iar-bhunscoileanna, thuairiscigh na cigirí gur bhain múinteoirí úsáid as an saintéarmaíocht a bhain leis na hábhair éagsúla agus go ndíríodh aird na scoláirí go sonrach ar eochairfhocail nua ó am go chéile. Cé gur mhol na cigirí an dea-chleachtas a bhí le haithint i gceachtanna áirithe, bhí sé le rá freisin faoi cheachtanna eile nach raibh an rath is éifeachtaí ar an bhfoghlaim toisc nár tapaíodh an deis an fhoghlaim teanga a shealbhú, a threisiú agus a neadú i gceart. Luadh ceist úsáid na saintéarmaíochta do na hábhair éagsúla agus an tábhacht a bhain le haird na scoláirí a dhíriú ar an gceist seo. Dúradh gur den riachtanas é go sealbhódh na scoláirí an téarmaíocht nua seo, téarmaíocht a bheadh de dhíth go géar orthu chun iad féin a chur in iúl i gceart ó bhéal agus i scríbhinn, ionas go mbeadh siad ábalta tabhairt faoi scrúduithe tí agus scrúduithe stáit go muiníneach.

***Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta***


> *Cailleadh deiseanna, áfach, chun tacú le foghlaim na scoláirí trí fhocail agus téarmaíocht nua a aithris, a chur in abairtí le cinntiú go raibh tuiscint cheart ar bhrí na bhfocal agus chun na focail nua a chur in airde ar an gclár bán. Tá sé tábhachtach na deiseanna foghlama seo a thapú agus a chinntiú go bhfuil frásaí, foclóir agus téarmaíocht nua á sealbhú go héifeachtach. (Iar-bhunscoil 2)*

## 6.3.2 Pleanáil agus measúnú

### Ullmhacht don Teagasc

Bhí an ullmhacht don teagasc go han-mhaith i mbeagnach leath de na ceachtanna a breathnaíodh sna hiar-bhunscoileanna, agus go maith in thart ar thrian de na ceachtanna (Cairt 28).

***Cairt 28: Cáilíocht an ullmhúcháin do na ceachtanna sna hiar-bhunscoileanna***




Rinneadh tagairt sna tuairiscí meastóireachta ar iar-bhunscoileanna do cháilíocht na pleanála agus an ullmhúcháin do na ceachtanna. Luadh in áiteanna go raibh an phleanáil go maith, go raibh plean maith ullmhaithe do chur i bhfeidhm na Sonraíochta T1 do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí agus go raibh pleananna ábhair cuimsitheacha leagtha amach ar bhealach inúsáidte. Mar chuid de chur síos ar chleachtas an-mhaith, rinneadh tagairt ar leith don phleanáil do shealbhú na Gaeilge, agus do leagan amach spriocanna foghlama a bhí beacht agus intomhaiste chun tacú leis an bpróiseas teagaisc agus foghlama.

***Sleachta ó thuairiscí meastóireachta na Cigireachta***

*Tríd is tríd, bhí pleanáil agus ullmhúchán aonair na múinteoirí do na ceachtanna go maith. Cuireadh ábhar na gceachtanna in oiriúint do leibhéal na bhfoghlaimeoirí, ó thaobh ábhair agus teanga de, sna ceachtanna ba bhisiúla. (Iar-bhunscoil 3)*

*Sa dá cheacht ab fhearr inar úsáideadh na hintinní foghlama, bhí pleanáil déanta d'ionchur agus do shaintéarmaíocht an ábhair. (Iar-bhunscoil 2)*

Luadh an phleanáil do chur i bhfeidhm na sonraíochta T1 do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí i gcás dhá scoil, áit a raibh na múinteoirí ag iarraidh dul i ngleic leis na dúshláin agus na deiseanna a thagann leis an tSonraíocht nua, go háirithe mar a bhain sé le pleanáil do chur i bhfeidhm na Sonraíochta agus d'úsáid na litríochta áitiúla.

**_Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta_**

*Tá iarracht mhacánta á déanamh ag na múinteoirí Gaeilge dul i ngleic leis na hathruithe ar fad a bhaineann le sonraíocht na Sraithe Sóisearaí don Ghaeilge, T1, …..Tuigeann siad an luach a bhaineann le litríocht na dúiche a ionramháil agus an tábhacht a bhaineann le hardfheasacht ar thraidisiúin litríochta agus chultúrtha an cheantair a chothú sna scoláirí. (Iar-bhunscoil 5)*

*Moltar díograis na múinteoirí maidir le cúrsaí pleanála ach ní mór pleanáil do shealbhú na Gaeilge a bheith aitheanta mar chuid den chur chuige teagaisc i ngach ábhar agus é a chur san áireamh sna pleananna go ginearálta. (Iar-bhunscoil 7)*

Bhí moltaí chun feabhais aitheanta chomh maith sna tuairiscí, moltaí a thug aghaidh ar an gcuid sin den chleachtas nach raibh éifeachtach. Bhain na moltaí sin den chuid ba mhó le pleanáil scoile uile d'fhorbairt na Gaeilge agus do chur chuige uileghabhálach maidir le forbairt agus sealbhú scileanna litearthachta na Gaeilge sa teanga ó bhéal agus sa scríbhneoireacht.


## Éifeacht an mheasúnaithe chun tacú le foghlaim na Gaeilge

Sna tuairiscí meastóireacha ar iar-bhunscoileanna, thug na cigirí aitheantas do láidreachtaí maidir le héifeachtacht an mheasúnaithe i gcleachtas múinteoirí aonair. É sin ráite, ba mhinic a tuairiscíodh go raibh gá le forbairt a dhéanamh ar chleachtas comhchoiteann/comhoibríoch na múinteoirí agus ar an gcur chuige i leith an mheasúnaithe ag leibhéal na scoile uile.

Bhí cáilíocht an mheasúnaithe ag leibhéal an cheachta go maith nó an-mhaith i dtromlach na gceachtanna a breathnaíodh sna hiar-bhunscoileanna. Ba léir áfach, go raibh laigí le sonrú i mionlach suntasach de cheachtanna gur chóir dul i ngleic leo d'fhonn caighdeán níos fearr a bhaint amach.

I measc na láidreachtaí a breathnaíodh sna ceachtanna, bhí eilimintí den mheasúnú chun foghlama agus i gcásanna áirithe, bhí fianaise go raibh na scoláirí ag fáil taithí ar an bhféinmheasúnú agus ar an bpiarmheasúnú. I gcás amháin, tuairiscíodh go raibh tacaíocht agus scafláil éifeachtach

**_Cairt 29: Cáilíocht an mheasúnaithe ag leibhéal na gceachtanna sna hiar-bhunscoileanna_**



á gcur ar fail ag an múinteoir chun cumas féinmheasúnaithe na scoláirí a fhorbairt.

**_Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta_**

> *Tugadh suntas do na bileoga athbhreithnithe ceachta a bhí deartha go cuimsitheach chun measúnú suimitheach a dhéanamh ar bhaint amach na n-intinní foghlama. (Iar-bhunscoil 2)*

Ar an iomlán, áfach, ní raibh dóthain fianaise den dea-chleachtas seo sna ceachtanna a breathnaíodh sna hiar-bhunscoileanna. I measc na ngnéithe a bhí le forbairt, luadh go raibh gá le haiseolas níos fearr a thabhairt ar obair na scoláirí chun treoir a thabhairt dóibh conas a gcuid oibre a fheabhsú agus a fhorbairt. Tuairiscíodh freisin gur ghá forbairt níos éifeachtaí a dhéanamh ar chumas na scoláirí maidir le féinmheasúnú agus piarmheasúnú.

**_Sleachta ó thuairiscí meastóireachta na Cigireachta_**

> *Ba bheag fianaise a bhí le feiceáil in obair na scoláirí ar an aiseolas foirmitheach, scríofa; monatóireacht agus ceartúcháin ba mhó a bhí le feiceáil in obair na scoláirí. Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar na heasnaimh seo agus polasaí measúnaithe a fhorbairt. (Iar-bhunscoil 3)*
>
> *Níor tapaíodh na deiseanna sna ceachtanna chun scileanna féinmheasúnaithe agus piarmheasúnaithe a fhorbairt mar chuid lárnach den eispéireas foghlama. (Iar-bhunscoil 3)*

I gcás cuid de na hiar-bhunscoileanna, dúirt na cigirí gur cuireadh na hintinní foghlama ábharbhunaithe in iúl do scoláirí chun tacú leis an bhfoghlaim agus an measúnú. Aithníodh an dea-chleachtas seo. I gcásanna eile, dúradh go raibh gá le hintinní foghlama teangabhunaithe a úsáid chomh maith le hintinní foghlama ábharbhunaithe chun aird na scoláirí a dhíriú ar shealbhú na teanga sa cheacht. Thabharfadh sé seo deis do scoláirí freagracht áirithe a ghlacadh as foghlaim na teanga a fheabhsú trasna na n-ábhar go léir.

Luadh i dtuairisc mheastóireachta iar-bhunscoile amháin go raibh gá le critéir ratha a roinnt le scoláirí agus iad i mbun tascanna scríbhneoireachta chun cabhrú leo an tasc a chur i gcrích go héifeachtach ón tús. Luaigh cúpla scoláire sa scoil seo go raibh deacrachtaí acu le scríobh na teanga cé gur chainteoirí dúchais iad. Mhol na cigirí cur chuige uile scoile i leith litearthacht na Gaeilge a aontú agus a fhorbairt tríd an bpróiseas féinmheastóireachta scoile.


**_Sleachta ó thuairiscí meastóireachta na Cigireachta_**

*Moltar treoir shoiléir a thabhairt maidir le haon tasc scríbhneoireachta atá le cur i gcrích in aon ábhar ionas go mbeidh gach scoláire iomlán soiléir faoina bhfuil le scríobh, idir úsáid aimsir na mbriathra, raon foclóra le húsáid agus struchtúr ceart na n-abairtí. (Iar-bhunscoil 1)*

*… Ní mór do mhúinteoirí plé a dhéanamh ar réimse níos leithne straitéisí forbartha litearthachta d'fhonn scileanna scríbhneoireachta na scoláirí a fheabhsú. (Iar-bhunscoil 7)*

Déantar tagairt freisin sna tuairiscí meastóireachta ar iar-bhunscoileanna do cháilíocht an mheasúnaithe ag leibhéal na scoile uile, agus tugadh le fios go bhfuil cáilíocht an mheasúnaithe in iar-bhunscoileanna an-mhaith nó go maith i mbreis agus leath de na scoileanna cás-staidéir (Cairt 30). Rinneadh roinnt tagairtí don dea-chleachtas sna tuairiscí meastóirechta ach ba mhó i bhfad na moltaí chun feabhais. Bhain go leor de na moltaí seo leis an ngá le polasaí cuimsitheach scoile uile a fhorbairt don mheasúnú. Moladh i gceithre cinn de na seacht dtuairisc gur ceart polasaí measúnaithe a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm ag leibhéal na scoile uile, chun treoir shoiléir a thabhairt do scoláirí agus don fhoireann.

**_Cairt 30: Cáilíocht an mheasúnaithe ag leibhéal na scoile uile sna hiar-bhunscoileanna_**




**_Sliocht ó thuairisc mheastóireachta na Cigireachta_**

*Ar an iomlán, bhain cáilíocht mheasartha le cuir chuige na scoile i leith an mheasúnaithe. Is gá polasaí measúnaithe a fhorbairt a thabharfadh creat chun cuir chuige níos fearr agus níos córasí a fhorbairt don mheasúnú chun foghlama agus don mheasúnú ar an bhfoghlaim. (Iar-bhunscoil 2)*

Tuairiscíodh in iar-bhunscoileanna áirithe go raibh taithí ag na scoláirí ar úsáid na Gaeilge san obair bhaile, i scrúduithe tí agus i scrúduithe stáit. Dúradh go raibh an téarmaíocht a

bhaineann leis na scrúduithe stáit mar réimse fócais don fhéinmheastóireacht scoile i scoil amháin agus go raibh an téarmaíocht á múineadh go follasach do na scoláirí. Aithníodh é seo mar dhea-chleachtas. Dúirt cuid de na múinteoirí iar-bhunscoile a ghlac páirt sna grúpaí fócais leis an FTO nach raibh dóthain aitheantais á thabhairt don Ghaeilge labhartha sna scrúduithe stáit agus gur chuir sé seo isteach ar iarrachtaí chun stádas na Gaeilge mar theanga agus mar ábhar a ardú sna scoileanna. I gcuntais féinmhachnaimh na scoileanna, dúradh gur údar lagmhisnigh é íosghrádú na Gaeilge labhartha i scrúdú Gaeilge na Sraithe Sóisearaí. Tuairiscíodh go raibh sé deacair a thuiscint cén fáth nach n-aithneofaí inniúlacht i labhairt na teanga nuair a bhí a mhéid sin iarrachtaí á ndéanamh an teanga ó bhéal a chur chun cinn.

***Sleachta ó thuairiscí taighde an FTO***

*Cé gur féidir páipéir i nGaeilge do na bréagscrúduithe a íoslódáil ó shuíomh gréasáin COGG, dúradh nach raibh na comhlachtaí sásta iad a cheartú. Tuairiscíodh go raibh scoláirí áirithe ag smaoineamh ar na bréagscrúduithe a dhéanamh i mBéarla, toisc go raibh siad ag iarraidh go gceartófaí iad taobh amuigh den scoil. (Iar-bhunscoil 2)*

*Léirigh na múinteoirí díomá nach bhfuil scrúdú béil oifigiúil ann don Ghaeilge labhartha sa Teastas Sóisearach anois, le go dtabharfaí luach saothair do scoláirí le Gaeilge líofa, cé nach gá go mbeadh 40% de na marcanna ag dul don scrúdú béil mar atá i gcás scrúdú na hArdteistiméireachta. (Iar-bhunscoil 4)*

*Dar leis na múinteoirí go bhfuil deacracht leis an Ardteistiméireacht chomh maith. Níl pointí breise ar fáil nuair a dhéanann scoláirí na tionscnaimh trí Ghaeilge. Má dhéanann siad na tionscnaimh trí Bhéarla, bíonn claonadh ann na páipéir scríofa a dhéanamh sa Bhéarla. Dúradh go ndéanfadh na scoláirí na fillteáin don Adhmadóireacht trí Ghaeilge dá mbeadh marcanna breise ar fáil. (Iar-bhunscoil 6)*

Rinne na múinteoirí iar-bhunscoile cur síos chomh maith i ngrúpaí fócais an FTO ar iarrachtaí na scoileanna chun gnóthachtáil na scoláirí a mheas sa chéad bhliain.

***Sleachta ó thuairiscí taighde an FTO***

*Tá trialacha caighdeánaithe don léitheoireacht in úsáid ag tús na chéad bhliana anois. B'fhiú trialacha ó bhéal a úsáid chomh maith chun riachtanais labhartha na scoláirí sa Ghaeilge a mheas agus monatóireacht ar a ndul chun cinn a dhéanamh. (Iar-bhunscoil 3)*

*Déantar scrúduithe béil le scoláirí sa chéad bhliain – ceann ag tús na bliana agus ceann i ndiaidh na Nollag. (Iar-bhunscoil 5)*

I bpolasaí measúnaithe in iar-bhunscoil amháin, ní raibh ceist na Gaeilge luaite in aon chor. D'fhág sé seo nach raibh an fhoireann cinnte ar chóir dóibh glacadh le hobair bhaile agus páipéir scrúduithe a freagraíodh i mBéarla. Bhí an nósmhaireacht seo soiléir i measc cohórt áirithe scoláirí a raibh sé mar ghnáthchleachtas acu an obair a dhéanamh trí Bhéarla toisc easpa muiníne a bheith orthu in úsáid na teanga, de bharr nárbh cainteoirí dúchais iad. Mhol na cigirí go láidir an cheist a chíoradh ar bhonn scoile uile d'fhonn treoir shoiléir a thabhairt don fhoireann agus do na scoláirí. Dúradh gur chóir go mbeadh an t-ionchas ann go bhfreagrófaí ceisteanna don obair bhaile nó ceisteanna ar pháipéir scrúdaithe trí Ghaeilge mar ghnáthnós agus go gcuirfí cabhair agus tacaíocht ar fáil do scoláirí a raibh deacrachtaí acu sa réimse sin den fhoghlaim.

***Sleachta ó thuairiscí meastóireachta na Cigireachta***

*Tá scóip mhór chun forbartha ann maidir le cur chuige na scoile uile i dtaobh chúrsaí measúnaithe. Cé go bhfuil polasaí measúnaithe ag an scoil atá cuimsitheach go maith, níl ceist na Gaeilge luaite ann. Fágann sin nach bhfuil treoir ar bith tugtha don fhoireann maidir leis an teanga ar chóir a úsáid don obair bhaile nó do na scrúduithe tí. (Iar-bhunscoil 6)*

*Is gá teacht ar straitéisí éifeachtacha scoile uile chun na scoláirí a chumasú sa ghné seo den fhoghlaim agus chun a bhféinmhuinín a fhorbairt agus iad a mhisniú in úsáid na Gaeilge scríofa. Is ceist phráinneach í seo don bhord bainistíochta agus don bhainistíocht shinsearach ar gá dóibh ceannaireacht shoiléir a léiriú sa réimse foghlama rí-thábhachtach seo. (Iar-bhunscoil 6)*


### 6.3.3 Freastal ar na leibhéil éagsúla chumais

Is scoileanna beaga iad formhór na n-iar-bhunscoileanna Gaeltachta, le ranganna ilchumais mheasctha den chuid is mó. Sna tuairiscí meastóireachta ar na hiar-bhunscoileanna, rinne na cigirí tagairt do na cleachtais sna ceachtanna a bhain le hoiriúnú na n-eispéireas foghlama do na leibhéil éagsúla chumais. Bhí scoláirí i ngach rang a raibh tacaíocht bhreise ag teastáil uathu ionas go mbeadh siad ábalta leas a bhaint as an gceacht. Bhí scoláirí ann freisin a raibh dúshlán breise ag teastáil uathu ionas nach gcuirfí a gcuid ama amú. Dúirt na cigirí go raibh an teagasc agus an fhoghlaim curtha in oiriúint go héifeachtach do na leibhéil éagsúla chumais i dtromlach na gceachtanna (Cairt 31).

Breathnaíodh freisin ar chleachtas i líon beag de shuíomhanna tacaíochta. Bhí iar-bhunscoil amháin ag fáil tacaíochtaí breise faoin gclár píolótach Forás chun cabhrú le buíon scoláirí aitheanta a bhfuil deacrachtaí acu leis an nGaeilge agus easpa muiníne orthu faoina húsáid. Ba léir go raibh gá ag an scoil seo spriocanna intomhaiste réamhaontaithe a leagan amach do gach scoláire sa ghrúpa agus tuairisc rialta a sholáthar do bhainistíocht na scoile ar a ndul chun cinn.

Léirítear an dúshlán a bhaineann le freastal ar na leibhéil éagsúla chumais sa sliocht seo a leanas ó fhéinmhachnamh iar-bhunscoil amháin.

***Cairt 31: Cáilíocht an tsoláthair idirdhealaithe sna hiar-bhunscoileanna***




***Sliocht ó fhéinmhachnamh scoil amháin ar chur i bhfeidhm na Scéime***

*Feictear don scoil go bhfuil obair bhreise le déanamh chun tacú leis na scoláirí le Gaeilge ó dhúchas acu. Is é an nós atá ann, go nádúrtha, ná díriú orthu siúd le deacrachtaí foghlama, rud atá cóir, ach fós féin, feiceann an scoil an tábhacht a bhaineann le freastal ar gach scoláire. (Iar-bhunscoil 5)*

Luadh roinnt samplaí den dea-chleachtas maidir le freastal ar na leibhéil éagsúla chumais.

***Sleachta ó thuairiscí meastóireachta na Cigireachta***

*Sna ceachtanna ab fhearr, bhí cothromaíocht mhaith idir ionchur na scoláirí agus guth an mhúinteora agus bhí na tascanna ranga difreáilte go héifeachtach chun blaiseadh den rath agus den dúshlán a thabhairt do gach duine. (Iar-bhunscoil 3)*

*Breathnaíodh sárchleachtas i suíomh aistarraic amháin, áit ar dhírigh gníomhaíochtaí an cheachta go hiomlán ar riachtanais agus ar bhuanna scoláirí aonair. (Iar-bhunscoil 5)*

Tuairiscíodh gur chuir sé leis an bhfreastal ar na leibhéil éagsúla chumais nuair a bhí scoláirí gníomhach sa cheacht agus nuair a cuireadh ábhar an cheachta agus an obair bhaile in oiriúint do riachtanais scoláirí aonair.

***Sleachta ó thuairiscí meastóireachta na Cigireachta***

*Thacaigh straitéisí ceistithe le difreáil na foghlama i dtromlach na gceachtanna mar ba chuí. (Iar-bhunscoil 3)*

*Tugadh suntas i roinnt ceachtanna don chaoi a ndearnadh freastal ar leibhéil chumais agus ar réimsí spéise éagsúla. Sna cásanna seo tacaíodh go héifeachtach agus go tuisceanach le scoláirí le sainriachtanais oideachais agus tugadh deis dóibh a bheith rannpháirteach. (Iar-bhunscoil 1)*

Bhí mionlach suntasach de cheachtanna a breathnaíodh sna hiar-bhunscoileanna ina raibh gá le feabhas a dhéanamh ar chur in oiriúint an tsoláthair do riachtanais bhreise oideachais na scoláirí. Ba mhinic a bhain na moltaí le gnéithe den chleachtas lena n-áiríodh ról níos gníomhaí a thabhairt do scoláirí agus cleachtas níos foghlaimeoir-lárnaí a chothú i gcoitinne. Moladh, mar shampla, deis a thabhairt do scoláirí tuairimí a nochtadh faoi leibhéal dúshláin na ngníomhaíochtaí ranga. Bhí gá le deiseanna a thabhairt do na scoláirí cleachtadh a fháil ar fhocail nó frásaí nua a aithris nó a chur in abairtí mar léiriú go raibh an t-ábhar teanga sealbhaithe i gceart. Ba mhinic a thuairiscigh cigirí go raibh gá le spriocanna agus gníomhaíochtaí foghlama níos dúshlánaí, agus ionchais níos airde, uaireanta, do scoláirí atá ar ardchumas.

***Sleachta ó thuairiscí meastóireachta na Cigireachta***

*Moltar do na múinteoirí plé a dhéanamh ar riachtanais foghlama teanga na scoláirí agus cúram a dhéanamh do na riachtanais sin sna ceachtanna. Moltar, mar shampla, abairtí iomlána a lorg mar fhreagraí ar cheisteanna seachas glacadh le focail aonair. (Iar-bhunscoil 4)*

*Ní mór deis a thabhairt do scoláirí focail nó frásaí nuafhoghlamtha a chur in abairtí ionas go bhfuiltear cinnte go bhfuil siad sealbhaithe i gceart. (Iar-bhunscoil 6)*

*Ba cheart deis a thabhairt do scoláirí a gcuid tuairimí a nochtadh freisin faoin leibhéal dúshláin a bhaineann le gníomhaíochtaí éagsúla…Tá an t-aiseolas seo luachmhar do mhúinteoirí agus iad ag cur tascanna le chéile do na scoláirí. I mionlach de*

*cheachtanna a breathnaíodh ní raibh an leibhéal dúshláin ag teacht le leibhéal cumais na scoláirí sa Ghaeilge, cuid mhaith acu ar cainteoirí dúchais iad. (Iar-bhunscoil 6)*

I gcásanna, tuairiscíodh gur ghá cabhair bhreise a thabhairt do scoláirí áirithe le linn an cheachta. Moladh úsáid a bhaint as meabhairmhapaí, físeagruithe agus acmhainní eile a chabhródh le scoláirí eolas a rangú agus a thabhairt chun cuimhne nuair a bheadh gá acu leis. I dtuairisc ar iar-bhunscoil amháin, luadh an tábhacht a bhain le pleanáil do riachtanais foghlama teanga na scoláirí, go háirithe nuair a bhí scoláirí ag teacht ó chúlraí éagsúla teanga. Bhí scóip shuntasach chun feabhais in iar-bhunscoil amháin, áit a raibh deacrachtaí le cuid de na nósanna imeachta maidir le soláthar tacaíochta do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

***Sleachta ó thuairiscí meastóireachta na Cigireachta***

*Aithníodh go raibh gá le breis idirdhealaithe ar ábhar an cheachta chun a dheimhniú go mbeadh ról gníomhach á ghlacadh ag na scoláirí uile sna gníomhaíochtaí foghlama a bhí beartaithe. (Iar-bhunscoil 1)*

*Is gá pleanáil chuimsitheach a dhéanamh do riachtanais foghlama na scoláirí uile go háirithe i gcomhthéacs ranganna ilchumais measctha a thagann ó chúlraí teanga an-éagsúil. (Iar-bhunscoil 2)*

*Tá sé de nós na huaireanta tacaíochta atá dlite don scoil do thacaíochtaí RSO a úsáid chun an gnáthchuraclam a sholáthar. Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar an gcleachtas seo agus na tacaíochtaí a úsáid ar bhealach ionchuimsitheach mar atá leagtha amach in Imlitir 0014/2017 agus sna treoirlínte Contanam Tacaíochta (An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO), 2010). (Iar-bhunscoil 3)*

Ba mhinic a luaigh na tuairiscí ar iar-bhunscoileanna na nósanna imeachta a bhí ag scoileanna maidir le heagrú an teagaisc bhreise do scoláirí. I gcásanna, moladh do scoileanna tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar na socruithe ba mhó a bhí oiriúnach do scoláirí. Go minic bhí an scoláire á thógáil óna rang ina (h)aonair chun teagasc breise a sholáthar di/dó. Uaireanta bhí na cigirí den tuairim go mbeadh socrú eile ní ba thairbhí don scoláire. Luadh roghanna eile, lena n-áiríodh tacaíocht laistigh den seomra ranga do scoláirí ar bhonn aonair nó mar chuid de ghrúpa. Dúradh gur chóir don scoil machnamh a dhéanamh ar na roghanna éagsúla agus a chinntiú go mbeadh na socruithe a bhí á chur i bhfeidhm ag freagairt do riachtanais an scoláire.

Breathnaíodh trí cheacht a bhí dírithe go hiomlán ar scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu sna hiar-bhunscoileanna. Bhí cáilíocht úsáid na Gaeilge don teagasc agus don chumarsáid go han-mhaith nó go maith sa trí cheacht. Bhí réimsí chun feabhais sa chleachtas mar a bhain sé le hullmhacht don teagasc, na cuir chuige teagaisc agus úsáid acmhainní.

Sna grúpaí fócais leis an FTO, thuairiscigh múinteoirí iar-bhunscoile go raibh ról tábhachtach ag an múinteoir tacaíochta don Ghaeilge i bhforbairt scileanna teanga na scoláirí, go háirithe scoláirí a tháinig isteach ar bheagán Gaeilge. Tuairiscíodh gur ghné thábhachtach den Scéim iad na huaireanta tacaíochta breise don Ghaeilge. Mar sin féin, mheas na múinteoirí sna hiar-bhunscoileanna a raibh líon mór scoláirí iontu, nó a bhí cuíosach lag ó thaobh na Gaeilge de nach raibh dóthain uaireanta teagaisc ar fáil dóibh.

Mhínigh na múinteoirí iar-bhunscoile gur tháinig formhór na scoláirí nach cainteoirí dúchais Gaeilge iad isteach ar an nGaeilge go héasca de bharr straitéisí éagsúla a bhí i bhfeidhm ina gcuid scoileanna. Thug múinteoirí le fios go raibh campa samhraidh trí mheán na Gaeilge ar fáil do scoláirí i roinnt iar-bhunscoileanna sular thosaigh siad sa chéad bhliain agus go dtabharfadh na campaí seo deis dóibh aithne a chur ar a chéile agus teacht isteach ar an nGaeilge.

Dúirt múinteoirí iar-bhunscoile sna grúpaí fócais leis an FTO gur cuireadh an t-eispéireas foghlama in oiriúint do scoláirí ar bheagán Gaeilge trí nótaí breise nó nótaí níos simplí a thabhairt dóibh ó thaobh na Gaeilge de i dtosach báire. Dúradh go raibh deacrachtaí sainiúla ag scoláirí ar bheagán Gaeilge leis na téacsleabhair i gcuid de na hábhair, go háirithe sa Mhatamaitic, san Eolaíocht agus sa Cheol. Tuairiscíodh go raibh an comhtheagasc in úsáid i gcuid de na scoileanna chun dul i ngleic leis seo. Dúradh gur oibrigh an múinteoir tacaíochta don Ghaeilge leis an múinteoir ranga chun cruinnúsáid na Gaeilge a chur chun cinn, agus go raibh béim á leagan ar an ngramadach agus ar an téarmaíocht nua ag an am céanna.

Sna grúpaí fócais leis an FTO, léirigh cuid de na múinteoirí iar-bhunscoile díomá nach raibh níos mó acmhainní foghlama i nGaeilge ar fáil ar líne le haghaidh scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Dúradh nach raibh trialacha diagnóiseacha ar fáil i nGaeilge chun deacrachtaí foghlama na scoláirí a aithint, rud a bhí ina mhíbhuntáiste do scoláirí ar chainteoirí dúchais iad chomh maith leo siúd le deacrachtaí foghlama, dar leo. Labhair cuid de na múinteoirí faoi dhúshláin maidir le seirbhísí ar nós teiripe teanga, nach raibh ar fáil trí Ghaeilge. Thuairiscigh múinteoirí go mbeadh sé á moladh ag síceolaithe uaireanta nár chóir go bhfoghlaimeodh scoláire aon teanga seachas an Béarla, fiú nuair a bhí Gaeilge á foghlaim ag an scoláire cheana féin.

***Sleachta ó thuairiscí taighde an FTO***

*Bhí na múinteoirí sásta go raibh múinteoir tacaíochta don Ghaeilge (MTG ) ar fáil, ach mheas siad nach leor naoi n-uair an chloig in aghaidh na seachtaine de bharr go raibh trí cinn déag de rang-ghrúpaí Gaeilge ann. Dúradh go bhféadfadh tréimhse choicíse nó trí seachtaine imeacht gan aon tacaíocht ón MTG do na scoláirí is cumasaí de bharr go gcaithfear an tacaíocht a thabhairt do na scoláirí ar bheagán Gaeilge. (Iar-bhunscoil 5)*

*Cé gur thuig na tuismitheoirí gur maith an rud é go mbeadh deis ag scoláirí atá ina nGaeilgeoirí ó dhúchas tacaíocht sa bhreis a fháil ón MTG, níor thuig siad go raibh an tacaíocht seo ar fáil sa scoil. (Iar-bhunscoil 5)*

*Tugann an clár píolótach Forás deis do na múinteoirí díriú ar riachtanais teanga na scoláirí is géire gá sa Ghaeilge chun tacaíochtaí breise a thabhairt dóibh. Tá rang Gaeilge breise cruthaithe sa chéad agus sa dara bhliain chun freastal ar riachtanais teanga na scoláirí seo. Úsáidtear scrúduithe labhartha agus scríofa chun na scoláirí a roghnú don chlár. (Iar-bhunscoil 6)*

### 6.3.4 An comhtheagasc

Sna grúpaí fócais leis an FTO, thug múinteoirí iar-bhunscoile le fios go raibh iarracht á déanamh i gcuid de na scoileanna an comhtheagasc a chur i bhfeidhm chun tacú le múinteoirí agus scoláirí an Ghaeilge a úsáid sna hábhair éagsúla seachas Gaeilge, agus go mbeadh ról láidir ag na múinteoirí tacaíochta don Ghaeilge san obair seo go minic. Ba bheag samplaí den chomhtheagasc a breathnaíodh sna hiar-bhunscoileanna le linn na meastóireachtaí cás-staidéir. Tuairiscíodh go dearfach, áfach, ar an méid a chonacthas. Dúradh go raibh cur chuige teangaláraithe agus foghlaimeoirláraithe á chur i bhfeidhm i gceacht amháin. Bhí an teagasc sa rang sin éifeachtach agus ba léir gur bhain na scoláirí taitneamh agus tairbhe as. Luadh an comhtheagasc a bheith i bhfeidhm i scoil eile freisin agus thuairiscigh an scoil go raibh ag éirí go maith leis. Mhol an cigire na hiarrachtaí a bhí ar siúl chun cleachtas an chomhtheagaisc a chothú sna hiar-bhunscoileanna ach aithníodh, i gcásanna áirithe, na dúshláin a  bhí ag baint leis ó thaobh an tráthchláir de.

***Sleachta ó thuairiscí taighde an FTO***

*Dúradh go bhfuil an scoil ag déanamh anailís ar ról an mhúinteora tacaíochta teanga chun an comhoibriú a threisiú sna seomraí ranga, agus tá sé sa phlean an obair chomhoibritheach seo a leathnú. (Iar-bhunscoil 3)*

*Baintear úsáid as straitéisí áirithe (ionchur ón mhúinteoir tacaíochta teanga, comh-mhúinteoireacht) chun a chinntiú gur féidir le scoláirí a thagann isteach sa scoil ar bheagán Gaeilge ag tús na chéad bhliana dul chun cinn a dhéanamh sa Ghaeilge agus sna hábhair eile. (Iar-bhunscoil 5)*

*Tá comh-mhúinteoireacht ar siúl i gcuid de na ranganna Fraincise. B'fhiú é seo a leathnú go dtí na hábhair eile más féidir. Mar shampla, nuair a thosaíonn múinteoir nua sa scoil, d'fhéadfadh duine de mhúinteoirí na Gaeilge obair taobh leis/léi ar feadh tréimhse, chun tacaíocht chuí a thabhairt chun an tumoideachas a chur i bhfeidhm go héifeachtach. (Iar-bhunscoil 6)*

## 6.3.5 Achoimre ar cháilíocht an teagaisc sna hiar-bhunscoileanna

***Tábla 17: Cinntí maidir le cáilíocht an teagaisc sna hiar-bhunscoileanna***

| Láidreachtaí | Gnéithe le forbairt |
|---|---|
| Tuairiscíodh go raibh<br>✓ inniúlacht na múinteoirí sa Ghaeilge ar ardchaighdeán i gcoitinne<br>✓ aird ar chruinnscríobh na teanga<br>✓ méadú ar líon na n-ábhar atá ar fáil trí Ghaeilge sna hiar-bhunscoileanna<br>✓ úsáid na Gaeilge mar theanga an teagaisc go han-mhaith i dtromlach na gceachtanna a breathnaíodh<br>✓ béim chuí ar chanúint na háite sa chlár teagaisc<br>✓ straitéisí éifeachtacha in úsáid i scoileanna áirithe chun saintéarmaíocht na n-ábhar a mhúineadh, lena n-áiríodh taispeáint na téarmaíochta ar chlár bán tiomnaithe le linn ceachtanna, agus gluais téarmaí a chur ar fáil<br>✓ an ullmhacht don teagasc go han-mhaith sa chuid ba mhó de na ceachtanna a breathnaíodh<br>✓ láidreachtaí maidir le héifeacht an mheasúnaithe i gcleachtas múinteoirí aonair | Tuairiscíodh go raibh gá<br>○ ról níos gníomhaí a thabhairt do na scoláirí sna ceachtanna<br>○ le húsáid níos mó a bhaint as obair bheirte agus grúpobair<br>○ téarmaí nó coincheapa nua a mhíniú i nGaeilge níos simplí, seachas iad a aistriú go Béarla<br>○ níos mó deiseanna cainte a thabhairt do scoláirí sna ceachtanna, na scoláirí is lú inniúlachta sa Ghaeilge san áireamh<br>○ níos mó deiseanna a thabhairt do scoláirí acmhainní digiteacha a úsáid san fhoghlaim chun a gcuid spéise agus rannphháirtíochta a mhéadú<br>○ saintéarmaíocht na n-ábhar éagsúla a mhúineadh go follasach agus gá a chruthú d'úsáid na téarmaíochta Gaeilge i measc na scoláirí<br>○ eolas bonnlíne ar inniúlacht teanga na scoláirí a bhailiú agus monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn<br>○ le forbairt a dhéanamh ar an gcur chuige i leith an mheasúnaithe ag |

- ✓ an téarmaíocht a bhaineann leis na scrúduithe stáit mar réimse fócais don fhéinmheastóireacht scoile i scoil amháin agus an téarmaíocht á múineadh go follasach do na scoláirí
- ✓ túschéimeanna glactha i bhforbairt chumas féinmheasúnaithe na scoláirí i gcásanna áirithe
- ✓ an teagasc agus an fhoghlaim curtha in oiriúint go héifeachtach do na leibhéil éagsúla chumais i dtromlach na gceachtanna
- ✓ campa samhraidh trí mheán na Gaeilge á chur ar fáil do scoláirí i roinnt iar-bhunscoileanna sular thosaíonn siad sa chéad bhliain
- ✓ formhór na scoláirí ag tabhairt faoi obair bhaile, scrúduithe tí agus scrúduithe stáit i nGaeilge
- ✓ iarrachtaí fiúntacha á ndéanamh chun cleachtas an chomhtheagaisc a chothú in ainneoin dhúshláin an tráthchláir

leibhéal na scoile uile, chun treoir shoiléir a thabhairt do scoláirí agus don fhoireann

- o forbairt níos éifeachtaí a dhéanamh ar chumas na scoláirí maidir le féinmheasúnú agus piarmheasúnú
- o ionchais níos airde agus dúshlán níos oiriúnaí a thabhairt do scoláirí ar ardchaighdeán Gaeilge
- o tuilleadh tacaíochta a thabhairt do scoláirí ar bheagán Gaeilge, agus pleanáil chuí a dhéanamh ina leith
- o machnamh a dhéanamh ar an socrú is fearr don scoláire maidir le soláthar an teagaisc bhreise

# 7 Conclúid

## 7.1 Aitheantas don dul chun cinn faoin Scéim

Taispeánann an Staidéar Taighde agus Meastóireachta go bhfuil mórchéimeanna glactha ag na scoileanna sa Scéim Aitheantais chun iad féin a fhorbairt mar acmhainn lárnach i gcaomhnú na teanga agus an chultúir sa Ghaeltacht. Tá na scoileanna á gcumasú ag an Scéim chun tacaíocht a thabhairt d'úsáid na Gaeilge mar theanga an teaghlaigh agus an phobail, agus meas a chothú ar oidhreacht shaibhir na Gaeltachta. De bharr na bhforbairtí seo, tá na scoileanna ag cur go héifeachtach le hacmhainn na bpobal Gaeltachta an Ghaeilge a chothú agus a thabhairt slán don chéad ghlúin eile.

Tá beocht as an nua i scoileanna na Scéime maidir lena bhfís don Ghaeilge agus don Ghaeltacht. Tá na scoileanna á spreagadh agus á misniú ag an Scéim chun obair i dtreo na físe sin i gcomhar lena bpobail. Is léir go bhfuil fís na Scéime á leathnú agus á daingniú ag ceannairí scoile agus go bhfuil an fhís sin ag dul i bhfeidhm ar chleachtais agus iompar teanga na mball éagsúil de phobal na scoile.

Tá sé aitheanta ag boird bhainistíochta ag an mbunleibhéal agus an iar-bhunleibhéal gur gá múinteoirí a earcú a bhfuil cumas maith acu sa Ghaeilge. Faigheann daltaí/scoláirí dea-shampla in úsáid na teanga ó fhormhór na múinteoirí ina scoileanna. Leanfar leis an gcleachtas a fheabhsú le rannpháirtíocht mhúinteoirí i gcúrsaí forbartha gairmiúla, lena n-áirítear An Mháistreacht san Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta i gColáiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh; An Máistir Gairmiúil san Oideachas in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; An Chéim Baitsiléara san Oideachas trí mheán na Gaeilge in Institiúid Oideachais Marino; agus cúrsaí oideachais eile do mhúinteoirí. Táthar ag súil go ndéanfaidh na forbairtí is déanaí sa chianfhoghlaim na cláir oideachais múinteoirí seo níos inrochtana do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile.

Tá an teagasc agus an fhoghlaim go maith i gcoitinne. Tá clár luath-thumoideachais dhá bhliain á chur i bhfeidhm sna bunscoileanna cás-staidéir ar fad, rud atá ag cur go mór le cumas na ndaltaí a gcuid foghlama a dhéanamh trí Ghaeilge. Roimhe seo, bhí imní ar roinnt tuismitheoirí go mbeadh drochthionchar ar an tumoideachas ar ghnóthachtáil na ndaltaí i mBéarla. Is cosúil go bhfuil an taithí atá faighte ag daltaí leis an tumoideachas anois ag maolú an imní seo. Is fiú cuimhneamh nach mbeidh dea-thionchar an luath-thumoideachais le sonrú go hiomlán san iar-bhunscoil go ceann roinnt blianta fós. Tá triail scagtha Ghaeilge forbartha ag an FTO do luathlitearthacht na naíonán sinsearach mar chuid den Staidéar Taighde agus Meastóireachta. Tá triail cluastuisceana Ghaeilge do rang a sé forbartha freisin ag an FTO.

Tá daltaí/scoláirí i gcoitinne ag baint tairbhe as na hathruithe atá tarlaithe in iompar teanga agus cleachtas teagaisc de bharr na Scéime. Is léir go bhfuil an fhoghlaim go maith ar an iomlán agus gurb éifeachtach go háirithe an fhorbairt atá á déanamh ar ghabhchumas teanga na ndaltaí/scoláirí. I gcásanna áirithe, tá gnéithe den chanúint áitiúil le cloisteáil i

nGaeilge labhartha na ndaltaí/scoláirí, a bhuíochas sin do na tuismitheoirí, don mhúinteoir príomhshrutha, don mhúinteoir tacaíochta don Ghaeilge agus don chúntóir teanga. Tá méadú tagtha ar líon na n-ábhar atá ar fáil trí Ghaeilge sna hiar-bhunscoileanna. Tá straitéisí nuálacha in úsáid i scoileanna áirithe chun saintéarmaíocht na n-ábhar éagsúla a mhúineadh, cé nach bhfuil an dea-chleachtas seo á chur i bhfeidhm go forleathan fós. Sna bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna araon, baintear úsáid éifeachtach as acmhainní nua atá curtha ar fáil ag COGG agus ag seirbhísí tacaíochta eile.

Tá úsáid na Gaeilge lasmuigh den seomra ranga go maith i gcoitinne i measc daltaí bunscoile. Cé go bhfuil dúshláin ar leith ag éirí as comhthéacs an aoisghrúpa ag an iar-bhunleibhéal, tá dul chun cinn déanta leis seo freisin. Ag an dá leibhéal, tá leas á bhaint as straitéisí dreasachta agus riail na Gaeilge araon. Tá deiseanna breise d'úsáid na teanga á soláthar trí ghníomhaíochtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim. Is minic a bhíonn ról tábhachtach ag an gcúntóir teanga sna himeachtaí Gaeilge seo.

## 7.2 Na chéad chéimeanna eile

Faoi láthair, meastar gurb iad seo a leanas na gníomhartha is mó a chuirfeadh le baint amach spriocanna na Scéime Aitheantais agus le foghlaim agus úsáid na Gaeilge sna pobail Ghaeltachta.

### 7.2.1 Úsáid na Gaeilge i measc daltaí/scoláirí

a. Ba chóir do gach scoil, le tacaíocht ón mbord bainistíochta, agus i gcomhar le daltaí/scoláirí, tuismitheoirí agus páirtithe eile mar is cuí, daltaí/scoláirí a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den seomra ranga a mhinice agus is féidir.
b. Ba chóir do gach scoil straitéis a chur i bhfeidhm chun úinéireacht a chothú i measc na ndaltaí/scoláirí maidir le spriocanna a plean gníomhaíochta d'fheabhsúcháin scoile.

### 7.2.2 Freastal ar na leibhéil éagsúla chumais

a. Ba chóir do scoileanna daltaí/scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu a chur san áireamh nuair a bhíonn an plean gníomhaíochta á dhearadh, agus go háirithe iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
b. Ba chóir go mbeadh cinntí faoi theagasc agus foghlaim ag leibhéal na scoile, an ranga agus an dalta/scoláire aonair bunaithe ar fhianaise ó raon de chuir chuige mheasúnaithe.
c. Ba chóir do mhúinteoirí a chinntiú go gcruthófar dúshláin foghlama agus ionchais chuí do dhaltaí/scoláirí ar chainteoirí dúchais iad nó atá ar ardleibhéal inniúlachta sa Ghaeilge.

### 7.2.3 Ról níos gníomhaí a thabhairt do dhaltaí/scoláirí san fhoghlaim

a. Ba chóir do mhúinteoirí na daltaí/scoláirí a chur i mbun cumarsáide chomh luath agus chomh minic agus is féidir i ngach ceacht, ar mhaithe lena nginchumas teanga a fhorbairt.
b. Ba chóir do mhúinteoirí forbairt níos éifeachtaí a dhéanamh ar chumas na ndaltaí/scoláirí maidir le féinmheasúnú agus piarmheasúnú.

### 7.2.4 Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT)

a. Ba chóir do cheannairí scoile féachaint chuige go bhfuil gach múinteoir feasach ar phrionsabail agus ar chleachtais na foghlama comhtháite ábhar agus teangacha (FCÁT) mar a bhaineann le suíomhanna tumoideachais.
b. Ba chóir do gach scoil féachaint chuige go gcuirfear cleachtas comhaontaithe scoile uile i bhfeidhm maidir le foghlaim agus úsáid na saintéarmaíochta trí Ghaeilge thar ábhair an churaclaim.
c. Ba chóir do scoileanna liostaí téarmaíochta Gaeilge a roinnt le tuismitheoirí na ndaltaí/scoláirí.
d. Ba chóir do mhúinteoirí i ngach ábhar, téarmaí nó coincheapa nua a mhíniú i nGaeilge, seachas iad a aistriú go Béarla.

### 7.2.5 Earcú, imlonnú agus forbairt múinteoirí

a. Ba chóir don Roinn Oideachais leanúint d'iarrachtaí a dhéanamh, i gcomhar leis na páirtithe cuí, chun ceisteanna a bhaineann le soláthar múinteoirí le hinniúlacht chuí sa Ghaeilge, i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, a réiteach.
b. Ba chóir do cheannairí scoile, le tacaíocht ón mbord bainistíochta agus i gcomhar le foirne bainistíochta ionscoile, féachaint chuige go dtugann gach ball foirne tacaíocht ghníomhach do chur i bhfeidhm phlean gníomhaíochta na scoile faoin Scéim.
c. Mar fhianaise ar a dtiomantas féin don Ghaeilge agus d'aidhmeanna na Scéime, bheadh sé inmholta do mhúinteoirí áiseanna Gaeilge a roinnt ar bhonn na dlúthpháirtíochta. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh ar thairseach COGG, trí líonraí agus trí phobail chleachtais.

### 7.2.6 Pleanáil Ghníomhaíochta

a. Ba chóir do bhoird bhainistíochta agus do cheannairí scoile forbairt a dhéanamh ar inniúlachtaí na foirne bainistíochta ionscoile i leith phróiseas na féinmheastóireachta scoile, go háirithe mar a bhaineann siad le spriocanna a bheartú agus monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn.
b. Ba chóir do scoileanna monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn na bhfoghlaimeoirí sa Ghaeilge chun éifeachtacht na n-idirghabhálacha teagaisc a mheas.

### 7.2.7 Comhpháirtíocht

a. Ba chóir don Roinn Oideachais, i gcomhar leis na páirtithe cuí, féachaint ar bhealaí ina bhféadfaí cúnamh a thabhairt do scoileanna ról na dtuismitheoirí agus ról an phobail i gcoitinne a fhorbairt chun cuspóirí na Scéime Aitheantais a bhaint amach.
b. Ba chóir do bhoird bhainistíochta na scoileanna a chinntiú go bhfuil gach tuismitheoir ar an eolas maidir leis an bplean gníomhaíochta atá forbartha ag an scoil faoin Scéim agus an dul chun cinn atá déanta i gcur i bhfeidhm an phlean sin.
c. Ba chóir do gach scoil feidhmiú i gcomhpháirt leis an oifigeach pleanála teanga chun spriocanna uile an phlean ghníomhaíochta a chur chun cinn.
d. Ba chóir do gach scoil sa Scéim tacú leis an oifigeach pleanála teanga chun tuismitheoirí a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid mar theanga an teaghlaigh, mar atá leagtha amach san fhoilseachán *Treoir do Scoileanna Gaeltachta: Comhpháirtíocht leis an bPobal chun Úsáid na Gaeilge a Chur chun Cinn (2021).*
e. Ba chóir do gach bunscoil sa Scéim na naisc idir scoileanna agus suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim a neartú de réir mar atá molta sa *Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta: Naisc a neartú idir bunscoileanna agus suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige.*

### 7.2.8 Acmhainní

a. Ba chóir don Roinn Oideachais dul i gcomhairle leis na páirtithe cuí ar mhaithe le hábhair foghlama agus mheasúnaithe a bheith in oiriúint do chomhthéacsanna teanga na nGaeltachtaí éagsúla.
b. Ba chóir do gach scoil féachaint chuige go mbainfear úsáid éifeachtach as an teicneolaíocht dhigiteach sa teagasc agus san fhoghlaim lena chinntiú go mbeidh deiseanna ag daltaí/scoláirí an tairbhe is mó is féidir a bhaint as na hardáin dhigiteacha éagsúla.

# **Aguisín A:** Gnóthachtáil na ndaltaí bunscoile i dtrialacha caighdeánaithe sna scoileanna cás-staidéir

Rinneadh an anailís atá ar fáil san aguisín seo ar ghnóthachtáil na ndaltaí sna bunscoileanna cás-staidéir sa léitheoireacht Ghaeilge, sa léitheoireacht Bhéarla agus sa Mhatamaitic in earrach 2018, díreach roimh thús na Scéime. Maidir le léitheoireacht sa Ghaeilge, rinne daltaí i rang a dó, rang a ceathair agus rang a sé Triail Ghaeilge Dhroim Conrach. D'éirigh níos fearr leis na daltaí sna scoileanna cás-staidéir ná mar a bheadh ionchas leis de réir noirm na trialach. Ag tagairt do noirm bunaithe ar scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge, bhí líon na ndaltaí sna scoileanna cás-staidéir a bhí ag feidhmiú go mór os cionn an mheáin níos mó mar a bheifí ag súil leis, agus líon na ndaltaí a bhí ag feidhmiú go mór faoi bhun an mheáin níos lú ná mar a bheadh ionchas leis. Mar shampla, i Rang 2, bhí 8% ag feidhmiú ag STen 1-3, i gcomparáid le 15.9% nuair a caighdeánaíodh an triail in 2010. Bhí 36% ag feidhmiú ag STen 8-10 ag an rangleibhéal céanna, i gcomparáid le 15.9% sa chaighdeánú.

## Léitheoireacht Ghaeilge

Bailíonn an Roinn Oideachais torthaí na dtrialacha caighdeánaithe go bliantúil don léitheoireacht Bhéarla agus don Mhatamaitic ó gach scoil, agus don léitheoireacht Ghaeilge ó scoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge.[9] Tugtar cur síos anseo ar thorthaí na mbunscoileanna cás-staidéir – sin na scoileanna a ghlac páirt sa taighde don tuarascáil seo – sa léitheoireacht Ghaeilge.

Is í Triail Ghaeilge Dhroim Conrach a riaradh ar dhaltaí i ranganna 2, 4 agus 6 sna scoileanna cás-staidéir ag deireadh na scoilbhliana 2017-18 (roimh thús na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta). Ní bheadh aon tionchar fós ag an Scéim ar na sonraí, mar shampla, ní raibh an clár luath-thumoideachais Ghaeilge dhá bhliain i ranganna naíonán i bhfeidhm fós i ngach scoil.

Cuireann bunscoileanna scóir STen ar fáil don Roinn Oideachais le haghaidh léitheoireachta ar an iomlán (i.e. stór focal agus léamhthuiscint le chéile). Rinneadh na scóir STen a dháileadh ar eatraimh chothroma (ag glacadh leis gur dáileadh normalach atá ann) ó 1 go dtí 10 nuair a rinne an Foras Taighde ar Oideachas an triail a chaighdeánú in 2010. Ní mór a chur san áireamh go mbaineann noirm na trialach, na scóir STen san áireamh, le scoileanna Gaeltachta agus Scoileanna lán-Ghaeilge (Gaelscoileanna) amháin.[10] Míníonn Tábla 1 thíos na scóir STen agus léiríonn sé cionroinnt na n-iarrthóirí a dtiteann a ngnóthachtáil faoi gach scór-raon.

---

[9] Thar na scoileanna cás-staidéir, tugadh faoi deara nach raibh ach dalta amháin i ranganna 2, 4 agus 6 as láthair, agus gur tugadh díolúine do pháiste amháin, toisc nach raibh siad in ann tabhairt faoin triail.
[10] Maidir leis na noirm náisiúnta chomhfhreagracha, bheifí ag súil go mbeadh 2.3% de na scóir a ghnóthaíonn daltaí go náisiúnta sna scoileanna Gaeltachta/lán-Ghaeilge ag na rangleibhéil éagsúla ag STen 1 agus arís


***Tábla A1 - Míniú an scóir STen***

| Scór STen | Míniú an scóir STen | Cionroinnt na ndaltaí leis an scór seo go náisiúnta |
|---|---|---|
| 8-10 | I bhfad os cionn an mheáin | 1/6 nó beagnach 17% |
| 7 | Meánach ard | 1/6 nó beagnach 17% |
| 5-6 | Meánach | 1/3 nó beagnach 34% |
| 4 | Meánach íseal | 1/6 nó beagnach 17% |
| 1-3 | Go mór faoi bhun an mheáin | 1/6 nó beagnach 17% |

Má ghnóthaíonn grúpa daltaí 5 nó 6 mar scór STen, léiríonn sé seo go bhfuil an leibhéal gnóthachtála ag teacht leis an meán (náisiúnta). Taispeánann an tábla go mbaineann dalta amháin as gach triúr scór STen amach sa réimse seo. Léiríonn an tábla go mbíonn scóir STen eile os cionn agus faoi bhun an mheáin.

Feictear ón gcairt A1 gur éirigh níos fearr leis na daltaí sna scoileanna cás-staidéir ná mar a bheadh ionchas leis de réir na noirm don tástáil. Mar shampla, bhí níos lú daltaí ag feidhmiú ag STen 1-3 (i bhfad faoi bhun an mheáin) agus níos mó ag STen 8-10 (i bhfad os cionn an mheáin) ag na trí rang leibhéal, agus go háirithe i Rang 4. Ar an iomlán, feictear go raibh réimse leathan gnóthachtála thar na scoileanna cás-staidéir.

***Cairt A1: Gnóthachtáil na ndaltaí sa léitheoireacht Ghaeilge sna bunscoileanna cás-staidéir – Ranganna 2, 4 agus 6***




*Líon na ndaltaí: Rang 2 = 150; Rang 4 = 145; Rang 6 = 141*


Dar ndóigh, tá difríochtaí ó thaobh gnóthachtála idir bunscoileanna. Léiríonn cairteacha A2 go A4 thíos céatadáin na ndaltaí i Ranganna 2, 4 agus 6 a ghnóthaíonn STen 1-3, STen 4-7 agus STen 8-10. Ní mór a chur san áireamh gur ranganna beaga iad cuid de

ag STen 10, 4.4% ag STen 2 agus ag STen 9, 9.2% ag STen 3 agus ag STen 8, 15% ag STen 4 agus ag STen 7, agus 19.2% ag STen 5 agus ag STen 6 (iomlán = 100%).

na ranganna sna scoileanna cás-staidéir. Mar shampla, níl raibh ach dalta amháin i Rang 2 i Scoil G.


Is léir go bhfuil difríochtaí idir scoileanna. Feictear, mar shampla, nach raibh aon duine i Rang 2 ag STen 1-3 in ocht scoil, agus go raibh idir 20% agus 25% de na daltaí ag feidhmiú ag STen 1-3 in dhá scoil. Feictear, chomh maith, go raibh difríochtaí idir líon na ndaltaí ag feidhmiú ag STen 8-10 i scoileanna le níos mó ná deichniúr dalta i Rang 2. Mar shampla, bhí 25% ag feidhmiú ag STen 8-10 i Scoil I.

***Cairt A2: Gnóthachtáil na ndaltaí sa léitheoireacht Ghaeilge i ngach bunscoil cás-staidéir – Rang 2***





**Idir dalta amháin agus cúigear sa rang; ** Idir seisear agus deichniúr sa rang*

***Cairt A3:  Gnóthachtáil na ndaltaí sa léitheoireacht Ghaeilge i ngach bunscoil cás-staidéir – Rang 4***




**Idir dalta amháin agus cúigear sa rang; ** Idir seisear agus deichniúr sa rang; níos mó ná deichniúr dalta sa rang i scoileanna eile*

***Cairt A4:  Gnóthachtáil na ndaltaí sa léitheoireacht Ghaeilge i ngach bunscoil cás-staidéir– Rang 6***




**Idir dalta amháin agus cúigear sa rang; ** Idir seisear agus deichniúr sa rang*

**Matamaitic**


Ní mór a chur san áireamh gur bhain scoileanna úsáid as trí thriail éagsúla (Trial Dhroim Conrach sa Mhatamaitic, Triail Nua Dhroim Conrach sa Mhatamaitic, agus an triail SIGMA-T), le gach scoil ag roghnú ceann amháin díobh, agus gur cuireadh torthaí na dtástálacha seo le chéile d'fhonn Cairt A5 a chruthú. Ina theannta seo, baineann noirm na dtrialacha le daltaí i scoileanna go ginearálta (scoileanna Gaeltachta ina measc). Is léir ó thuairisc a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais in 2016 go bhfuil trialacha dála Triail Dhroim Conrach sa Mhatamaitic (a caighdeánaíodh in 2007) agus triail SIGMA-T éirithe níos éasca ó foilsíodh iad.[11] Dar ndóigh, bheifí ag súil go dtabharfadh formhór na scoileanna faoi fhoirmeacha leasaithe de na trialacha amach anseo (agus tá cuid acu ag baint úsáid as an Triail Nua Dhroim Conrach cheana féin). Níl sonraí ar fáil sna scoileanna cás-staidéir faoi theanga na measúnachta sa Mhatamaitic in 2018.

Mar a tharla sa léitheoireacht Ghaeilge, feictear ó Chairt A5 nach raibh an oiread céanna daltaí ag feidhmiú ag scóir STen 1-3, i gcomparáid le noirm 2007 (sa chás seo), agus bhí níos mó ag feidhmiú ag scóir STen 8-10. Mar shampla, i Rang 2, bhí 5.4% ag feidhmiú sa réimse STen 1-3, i gcomparáid le 15.9% nuair a caighdeánaíodh an tástáil, agus bhí 20.1% ag feidhmiú sa réimse STen 8-10, i gcomparáid le 15.9% ag an gcaighdeánú.

Cé go bhfuil an cúigiú cuid de na daltaí i Rang 2, 34.0% i Rang 4 agus 27.7% i Rang 6 ag feidhmiú ag scóir STen 8-10, is amhlaidh nach bhfuil uasteorainn ghnóthachtála ag na trialacha ag an bpointe ama seo do pháistí i scoileanna Gaeltachta, agus líon beag de na daltaí ag feidhmiú ag STen 10.

[11] An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016).*Trialacha gnóthachtála caighdeánaithe: Anailís ar thorthaí na dTástálacha ag leibhéal na bunscoile do 2011-12 agus 2012-13*. Baile Átha Cliath: Údar.

***Cairt A5: Gnóthachtáil na ndaltaí sa Mhatamaitic thar na bunscoileanna cás-staidéir – Ranganna 2, 4 agus 6***




*Líon na ndaltaí: Rang 2 = 149; Rang 4 = 144; Rang 6 = 140*

## Léitheoireacht sa Bhéarla


Bhain na scoileanna Gaeltachta úsáid as trí thriail don Bhéarla in 2018 – an Drumcondra Primary Reading Test, an New Drumcondra Primary Reading Test, agus an triail MICRA-T, le gach scoil ag roghnú ceann amháin díobh. Cuireadh torthaí na dtrialacha seo le chéile d'fhonn Cairt A6 a chruthú. Tá na trialacha seo bunaithe ar noirm náisiúnta cé gur caighdeánaíodh an Drumcondra Primary Reading Test agus an MICRA-T roinnt blianta ó shin. Bheifí ag súil go dtabharfadh formhór na scoileanna faoi fhoirmeacha leasaithe de na trialacha amach anseo (agus tá cuid acu ag baint úsáid as an New Drumcondra Primary Reading Test cheana féin).

Mar a tharla sa léitheoireacht Ghaeilge agus sa Mhatamaitic, tá níos lú daltaí ag feidhmiú ag STen 1-3 ag ranganna 4 agus 6 ná mar a bheifí ag súil leis bunaithe ar noirm na dtrialacha. Feictear go raibh 8.3% i Rang 4 agus 7.1% i Rang 6 ag feidhmiú sa réimse seo, i gcomparáid le 15.9% go náisiúnta. Tá sé suimiúil go raibh 16.1% i Rang 2 ag feidhmiú ag STen 1-3, ach gur laghdaigh sé seo i ranganna 4 agus 6. Seans go raibh moill ar chuid de na daltaí agus iad ag tosú ar an léitheoireacht Bhéarla, ach gur bhog siad ar aghaidh go tapaidh ina dhiaidh sin.

Tá céatadán na ndaltaí a bhí ag feidhmiú ag STen 8-10 ard go leor – 17.4% i Rang 2, 26.4% i Rang 4, agus 31.4% i Rang 6, i gcomparáid le 15.9% ag gach leibhéal nuair a caighdeánaíodh na trialacha. I gcás Rang 6, bhí 10% ag feidhmiú ag STen 10, i gcomparáid le 2.3% nuair a caighdeánaíodh na trialacha. Tugann sé seo le tuiscint go

mb'fhéidir, in 2018, go raibh na seantástálacha ró-éasca do na páistí sin is inniúla sa Bhéarla.

***Cairt A6: Gnóthachtáil na ndaltaí sa léitheoireacht Bhéarla thar na bunscoileanna cás-staidéir – Ranganna 2, 4 agus 6***





*Líon na ndaltaí: Rang 2 = 149; Rang 4 = 144; Rang 6 = 140*

# **Aguisín B:** Gnóthachtáil na scoláirí san Ardteistiméireacht i sampla beag de na hiar-bhunscoileanna cás-staidéir

Soláthraíonn Aguisín B sonraí ar ghnóthachtáil na scoláirí sa Ghaeilge san Ardteistiméireacht (ardleibhéal) i dtrí iar-bhunscoil cás-staidéir in 2019. Rinneadh anailís ar thorthaí na scoláirí sna scoileanna cás-staidéir ba mhó, mar chuid den taighde ar chaighdeán na Gaeilge sna scoileanna sin[12].

Taispeánann na sonraí gur ghnóthaigh níos mó scoláirí sna hiar-bhunscoileanna cás-staidéir na gráid is airde (A1, A2) i gcomparáid le scoláirí a ghlacann Gaeilge ardleibhéil go náisiúnta. Níor ghlac aon cheann de na mic léinn sna scoileanna cás-staidéir seo Gaeilge ag Gnáthleibhéil nó Bunleibhéil.

***Cairt A6: Gnóthachtáil na scoláirí sa Ghaeilge san Ardteistiméireacht (Ardleibhéal) thar thrí iar-bhunscoil cás-staidéir in 2019 agus na céatadáin náisiúnta chomhfhreagracha***




Líon scoláirí sna scoileanna sa sampla = 123; Líon scoláirí ag an ardleibhéal go náisiúnta = 23,176

[12] Déanfar anailís níos cuimsithí ar ghnóthachtáil na scoláirí sna scoileanna Gaeltachta i dtuairisc ar ghnóthachtáil sna scoileanna sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta atá le foilsiú ag an FTO in 2022.